



Cabhrú lenár gcustaiméirí saol
níos faide, níos láidre agus níos
sláintiúla a chaitheamh.

Clár ábhair

Straitéis agus Feidhmíocht

Ár gCuspóir, ár Straitéis agus ár Luachanna	2
Ár Scéal	4
Ár Luachanna	6
Athbhreithniú an Chathaoirligh	8
Athbhreithniú POF an Ghrúpa	12
Sláinte & Folláine Vhi	16
Ár nDaoine	22
Inbhuanaitheacht	28

Rialachas

Forbhreathnú Rialachas	36
Bainistíocht Riosca	38
Bord Stiúrthóirí Vhi	42
Foireann Cheannaireachta Ghrúpa Vhi	44

Ráitis Airgeadais

Athbhreithniú PAE an Ghrúpa	46
Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais	48
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	59
Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách	60
Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais	62
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	63
Clár Comhardaithe Bhord Vhi	65
Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach	66
Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach Bhord Vhi	66
Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas	67
Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach	67
Ráiteas Bhord Vhi ar Athruithe ar Chothromas	68
Ráiteas Bhord Vhi ar Ioncam Cuimsitheach	68
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	69
Sonraí na Cuideachta	101



Ár gCuspóir

Is é cuspóir Vhi cabhrú lenár gcustaiméirí le go mbeidh saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla acu.

Ár Straitéis

Cuirfidh Vhi eispéireas pearsanta agus digiteach ar fáil trínár dtairiscint árachais cheannródaíoch a chuireann teacht ar chóras cúraim sláinte nasctha ar fáil chun tacú lenár gcustaiméirí le go mbeidh saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla acu.

Ár gCuid Luachanna

- Misneach chun Todhchaí Nua a Chruthú
- I dTeannta A Chéile Is Fearr Muid
- Treoraíonn an Croí Muid

Tá stair agus oidhreacht shaibhir ag Vhi, a bunaíodh os cionn 60 bliain ó shin mar an chéad chuideachta árachais sláinte in Éirinn; d'fhorbraíomar ó shin agus anois is comhpháirtí cúraim sláinte iontaofa muid freisin. Tá clúdach agus cúram curtha ar fáil againn do na céadta mílte daoine anseo sa bhaile agus thar lear, agus bhíomar ann fiú sna tréimhsí ba dheacra.

Is nuálaithe agus ceannairí muid. Tá ár dtáirgí, ár sochair agus ár réitigh cúraim sláinte leabaithe go daingean sa tírdhreach cúraim sláinte, agus leanaimid leis an nuálaíocht chun taithí ár gcustaiméirí ar chúram sláinte a fheabhsú.

Is eagraíocht muid atá á spreagadh ag cuspóir. Is é ár gcuspóir cabhrú lenár gcustaiméirí le go mbeidh saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla acu. Spreagann sé sin ár straitéis, ár gcultúr agus ár gcuid luachanna, agus tá ár ndaoine ag a chroí.

Táimid ag tógáil córas cúraim sláinte nasctha. Trínár bpleananna árachais ceannródaíocha, le heispéireas pearsanta agus digiteach dár gcustaiméirí ar fad nach bhfuil a shárlú le fáil, athróimid ó bhonn taithí ár n-othar agus ár gcustaiméirí ar chúram sláinte.

Ár Luachanna

Tá Vhi á athrú ó bhonn chun go mbeidh sé réidh don todhchaí agus chun a chinntiú go leanaimid ag freastal ar riachtanais cúraim sláinte ár gcustaiméirí, riachtanais atá ag dul i méid. In 2022, d'athnuamar ár gcuid luachanna ionas go bhféadfaimis dul i gceann an chultúir atáimid ag tógáil go diongbháilte agus é a leabú mar chuid den aistriú uailmhianach sin.

I dTeannta A Chéile Is Fearr Muid

Nuair a oibrímid go dlúth lena chéile, agus muid treoraithe ar ár gcomhchuspóir, baintear amach na torthaí is fearr do chách

Dá bhrí sin:

Mar Chomhghleacaithe

- Bainimid leas as éagsúlacht ár gcomhghleacaithe ar fud Vhi agus is fearr i bhfad muid i gcomhar le chéile.
- Bímid cróga agus tugaimid ár ndúshlán chun leanúint ag soláthar gnó rathúil atá ag fás.
- Ceiliúraimid an rath agus foghlaimímid le chéile nuair a théann rudaí in aimhréidh.

I gcás ár gCustaiméirí

- Oibrímid i gcomhpháirt lenár gcustaiméirí, ag teacht ar na réitigh is fearr chun freastal ar a riachtanais.
- Oibrímid le chéile chun ár samhail cúraim sláinte 360 a sholáthar.

I gcás an éiceachórais cúraim sláinte trí chéile

- Comhoibrímid le comhpháirtithe, soláthraithe agus ár bpáirtithe leasmhara eile chun an córas cúraim sláinte a fheabhsú.
- Tógaimid ar ár bpaisean buan d'othair agus custaiméirí chun cabhrú le todhchaí an chúraim sláinte a mhúnlú.

Misneach chun Todhchaí Nua a Chruthú

Tugaimid dúshlán agus bímid seasta ag lorg bealaí níos fearr le rudaí a dhéanamh

Dá bhrí sin:

Mar Chomhghleacaithe

- Glacaimid bearta chun rudaí a chur ina gceart agus feabhsúcháin a lorg sa chaoi a n-oibrímid.
- Glacaimid rioscaí tomhaiste chun smaointe móra a chur i bhfeidhm.
- Tacaímid le comhghleacaithe chun fás agus forbairt le go mbainfidh siad a lánchumas amach.

I gcás Custaiméirí agus Othar

- Úsáidimid cur chuige úrnua ar fad chun smaointe nua a aimsiú chun taithí othar agus custaiméirí a fheabhsú.
- Cuirimid tús le cuir chuige nua i leith sholáthar an chúraim sláinte in Éirinn.

I gcás an Éiceachórais Cúraim Sláinte trí chéile

- Is suaiteoir dearfach muid i soláthar an chúraim sláinte in Éirinn – méadaímid cáilíocht an chúraim agus na hionchais do chách.
- Éilímid na hardchaighdeáin chéanna ónár gcomhpháirtithe, soláthraithe agus páirtithe leasmhara eile.

Treoraíonn an Croí Muid

Bíodh comhghleacaí, othar nó custaiméir i gceist, cuirimid an duine ag croílár ár gcinntí

Dá bhrí sin:

Mar Chomhghleacaithe

- Bíonn gean againn orainn féin agus ar a chéile.
- Cuirimid an leibhéal céanna machnaimh agus cúraim ar fáil d'fholláine ár gcomhghleacaithe agus a chuireann d'fholláine othar agus custaiméirí.

I gcás ár gCustaiméirí agus ár nOthar

- Cuirimid ár gcroí agus ár n-anam i bhfreagairt d'eispéiris agus riachtanais ár gcustaiméirí agus ár n-othar.
- Déanaimid iarrachtaí fóna leanúnacha chun riachtanais éagsúla ár n-othar agus ár gcustaiméirí a thuiscint agus a chomhlíonadh.

I gcás an éiceachórais cúraim sláinte trí chéile

- Leagaimid an caighdeán amach le haghaidh córas cúraim sláinte níos cineálta, níos iomláine agus níos dírithe ar an duine.
- Déanaimid machnamh ar ár gcinntí i bhfianaise ár dtiomantais do shláinte fhoriomlán pobal ar fud na hÉireann a fheabhsú.

Athbhreithniú an Chathaoirligh



Greg Sparks

Bhí tionchar carnach i rith na bliana ag coinbhleacht gheopholaitiúil, géarchéim chostais mhaireachtála agus tionchair leanúnacha na paidéime domhanda, ach in ainneoin sin bhain Vhi amach torthaí láidre ar an iomlán.

Don 8ú bliain as a chéile tháinig méadú ar líon na ndaoine a roghnaigh Vhi mar sholáthraí Árachais Sláinte Shaorálaigh. Mar thoradh ar ár straitéis chun díriú níos mó ar sheirbhísí cúraim sláinte a sholáthar tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhain leas as na seirbhísí atá á dtairiscint againn agus ghlac ár gcustaiméirí páirt i níos mó ná leathmhilliún idirghníomhaíocht um chúram sláinte le seirbhísí Sláinte & Folláine Vhi in 2022.

Tar éis dúinn infheistíocht shuntasach a dhéanamh agus béim athnuaite a chinntiú, rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le feabhas a chur ar thaithí ár gcustaiméirí agus ár n-othar. Cabhróidh claochlú straitéiseach leanúnach ár ngnó linn ár bpríomhchuspóir a bhaint amach, i.e. cabhrú lenár gcustaiméirí saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a bheith acu.

Éabhlóid Vhi – ré an chlaohlaithe

Tá sé mar aidhm againn ár stádas a choinneáil mar an chuideachta árachais sláinte is mó le rá sa tír agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag cur lenár gcáil mar sholáthraí mór cúraim sláinte. Ba mhór an t-éacht é oscailt ár nIonad Sláinte suaitheanta Vhi 360 i gCarraig Mhaighin i bhFeabhra 2022 chun córas cúram sláinte lán-nasctha a fhorbairt. Leagaimid béim ar chóras cúram sláinte a fhorbairt dár gcustaiméirí a sholáthróidh cúram réamhghníomhach, coisctheach agus comhtháite ag an am ceart, san áit cheart agus a bheidh oiriúnach dá riachtanais ó thaobh chúram sláinte. Osclaíodh é i ndiaidh oscailt Ionad Sláinte Vhi 360 i Luimneach in 2021 agus an leathnú atá beartaithe ar ár n-áiseanna i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath agus i gCorcaigh a chuirfidh lenár líonra d'ionaid chliniciúla agus seirbhísí atá ar fáil cheana féin do chustaiméirí.

Cuid lárnach de seo is ea infheistíocht i gcóras leictreonach um thaifead sláinte. Caithfidh dearcadh digiteach aonair ar an othar a bheith mar thosaíocht ag an gcóras cúram sláinte in Éirinn ina iomláine. Beidh an córas atá á chur i bhfeidhm againn idir-inoibritheach go hiomlán leis an gcóras cúraim sláinte leictreonach náisiúnta nuair a thabharfar isteach é agus táimid ag tnúth lenár gcuid foghlama agus ár léargais a roinnt leo siúd atá freagrach as an tionscadal sin de réir mar a fhorbrófar tuilleadh é.

Tacaíonn Vhi le huaillmhian fhoriomlán Sláintecare seirbhís cúram sláinte níos fearr a sholáthar do chách. Tá ár straitéis ghnó ar aon dul le cuspóirí Sláintecare, maidir le tacú le soláthar feabhsaithe maidir le cúram sláinte in Éirinn trí rochtain níos fearr ar chúram sláinte a sholáthar, éifeachtúlacht a bhaint amach agus torthaí cúram sláinte a fheabhsú.

Inacmhainneacht do chách

Príomhphrionsabal de mhargadh árachas sláinte na hÉireann is ea an rátáil phobail agus tacaímid leis. Tá sé sin bunaithe ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine agus tá sé mar aidhm aige a chinntiú gur féidir leo siúd atá níos sine agus níos breoite rochtain a fháil ar chúram sláinte ar chostas réasúnta. Is bealach é comhionannú láidir rioscaí chun costais a dháileadh go cothrom sa mhargadh, agus tá sé rithábhachtach mar thaca do phrionsabal na rátála pobail.

Ó mhí Aibreáin na bliana seo caite, rinneadh leasú suntasach ar scéim na hÉireann um chomhionannú rioscaí chun éilimh ardchostais a chuimsiú ar bhealach atá deartha chun árachóirí a chúiteamh as costais éileamh na mball is breoite acu. D'fheabhsaigh sé seo feidhmíocht scéim na hÉireann um chomhionannú rioscaí agus thacaigh sé le leithdháileadh creidmheasanna níos spriocdhírithe bunaithe ar stádas sláinte.

Mar sin féin, in ainneoin an athraithe seo, níl ach éifeacht pháirteach ag comhionannú rioscaí in Éirinn. Leanfaidh Vhi ar aghaidh ag tacú le feabhsuithe ar scéim comhionannaithe rioscaí na hÉireann agus ag déanamh stocaireachta ar a son; agus ag tacú le gach custaiméir árachas sláinte príobháideach a fháil trína chinntiú go mbeidh árachas sláinte fós inacmhainne agus go mbeidh iomaíocht chothrom sa mhargadh.

Beidh sé rithábhachtach go mbainfear amach leibhéil níos airde d'athdháileadh préimheanna bunaithe ar bhearta níos scagtha ó thaobh riosca sláinte, agus ag an am céanna a chinntiú go dtugann rialáil freagra ar nádúr athraitheach an tsoláthair chúraim sláinte agus na nuálaíochta.

Braitheann inbhuanaitheacht fhadtéarmach i margaí pobalráitithe ar ár gcumas tomhaltóirí níos óige a spreagadh chun árachas sláinte a fháil. Thacódh Vhi go láidir le lascairí Ráta préimhe do Dhaoine Fásta Óga (atá ar fáil dóibh siúd atá 18-25 faoi láthair) a leathnú go dtí 34 bliain d'aois mar bhealach chun é seo a chur chun cinn.

Athbhreithniú an Chathaoirligh ar lean

Ár n-uailmhian inbhuanaitheachta a bhaint amach

Tá Vhi tiomanta go hiomlán do bheith ina ghnó freagrach agus inbhuanaithe. In 2022, chuireamar tús le forbairt ár n-uailmhéine agus ár spriocanna inbhuanaitheachta a chuireann faisnéis ar fáil anois chun straitéis uileghabhálach inbhuanaitheachta a fhorbairt don Ghrúpa.

Chruthaíomar próisis mhaoirseachta don inbhuanaitheacht agus tá Coiste Ainmniúcháin agus Rialachais an Bhoird freagrach anois as cúrsaí inbhuanaitheachta.

Chláraigh Vhi le Creat NewERA um Ghníomhú ar son na hAeráide a ceapadh le haghaidh Comhlachtaí Leathstáit Tráchtála i mí na Nollag. Tá sé mar aidhm ag an gcreat cabhrú le cuideachtaí tráchtála leathstáit a dtiomantas a léiriú chun a bheith ina gceannairí in aistriú na hÉireann chuig geilleagar agus sochaí a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de.

Ár nDaoine

Baineadh amach ár straitéis uailmhianach bhunathraithe trí obair chrua agus thiomantas ár gcomhghleacaithe go léir, a léirigh teacht aniar agus tiomantas iontach do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a choinneáil, nuair atá ár seirbhísí cliniciúla á leathnú againn agus trí éifeachtúlacht oibriúcháin a lorg.

Aithníonn Vhi go mbíonn timpeallacht níos éifeachtaí agus níos cuimsithí mar thoradh ar fhórsa saothair atá fíor-ilchineálach. Chomhlíonamar ár n-oibleagáidí dlíthiúla i mí na Nollag 2022 nuair a d’fhoilsíomar ár gcéad Tuarascáil ar Bhearna Pá Inscne ina bhfuarthas gurb é 19% ar an meán an bhearna phá inscne. Tá an bhearna ann go príomha de bharr dáileadh éagothrom na mban agus na bhfear ag leibhéil éagsúla laistigh dár bhfórsa saothair - go príomha toisc go bhfuil níos mó fear i bpoist cheannaireachta. Tá sé mar thosaíocht againn oibriú chun an bhearna pá inscne a laghdú agus tá sraith tionscnamh curtha i bhfeidhm againn cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo. Tá tuilleadh sonraí faoi seo le fáil ar Leathanach xx den tuarascáil seo. Soláthraíonn tuarascáil Bearna Pá Inscne 2022 tagarmharc tábhachtach ar féidir linn tionchar na dtionscnamh sin a mheas de réir mar a théann muid ar aghaidh agus freagra cuí a thabhairt ar an scéal.

Rialachas

Tá Bord Vhi tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh, ionracas gnó, trédhearcacht agus gairmiúlacht inár ngníomhaíochtaí go léir. Tá sé mar aidhm againn ár ngnó a reáchtáil de réir na litreach agus de réir brí na ndlíthe, na rialachán agus na gcód rialála agus comhlíonta a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí rialaithe, chomh maith le beartais agus caighdeáin inmheánacha um chomhlíonadh. Tá sé ar intinn againn gníomhú go hionraic, go macántacht agus go cothrom i gcónaí agus muid ag déileáil lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara eile.

Rinneamar roinnt athruithe ar ár lucht sinsearach ceannaireachta laistigh de Vhi le bliain anuas. D’éirigh Declan Moran, a ceapadh mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach i Lúnasa 2021, as an ról sin i mí Aibreáin 2022. Thar ceann an Bhoird, is cúis áthais dom tiomantas Declan le linn a thréimhse mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach a admháil go poiblí chomh maith lena ndearna sé ar son Vhi thar na blianta fada a raibh poist shinsearach a éagsúla aige.

Ceapadh Brian Walsh, iar-POF, ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach ar an 1 Bealtaine 2022 agus tá an-áthas orm gur cheap an Bord ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa é i Márta 2023. Tá sé ag obair leis an mBord agus le foireann Ceannaireachta Ghrúpa Vhi chun ár straitéis bhunathraithe a chur i bhfeidhm ar mhaithe le custaiméirí agus othair.

Rinneadh roinnt athruithe ar an mBord in 2022 freisin. Chuaigh Finbar Lennon, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin, ar scor i mí an Mhárta 2022. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Finbar thar ceann an Bhoird as a thiomantas agus an méid a chuidigh sé le Vhi le linn a thréimhse seacht mbliana. Ceapadh Paul Zollinger-Read ar an mBord i mí na Samhna 2022 agus ba mhaith liom fáilte chroíúil a chur roimhe. Is Dochtúir Teaghlaigh cáilithe é Paul, agus tugann sé saíneolas cliniciúil agus leighis idirnáisiúnta chuig an mBord ag an am tábhachtach seo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Paul O’Faherty a d’éirigh as mar Chathaoirleach an Bhoird i mí na Samhna 2022. Bhí Pól ina bhall den Bhord ar feadh ocht mbliana. Le linn dó a bheith ina Stiúrthóir agus ina Chathaoirleach ar an mBord, threoraigh agus thacaigh Pól le Vhi trí fhás suntasach agus claochlú agus, rud atá tábhachtach, stiúir sé Vhi go rathúil agus é ag dul i ngleic lena fhreagairt ar na dúshláin a d’eascair as an bpaindéim, agus chinntigh sé go leanaimid ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus na foirne le linn na thréimhse gan fasach sin.



Ag féachaint ar aghaidh ar 2023 agus ina dhiaidh sin

Rud ríthábhachtach í inacmhainneacht do Vhi agus don mhargadh foriomlán árachais sláinte príobháidigh. Creideann Vhi go bhfuil sé ríthábhachtach gur féidir le pobal na hÉireann atá ag dul in aois leanúint ar aghaidh ag ceannach chumhdach sláinte inacmhainne beag beann ar a n-aois, a sláinte nó na héilimh atá déanta acu roimhe seo.

Déanfaimid ár gcion féin chun a chinntiú go bhfuil sé seo fíor trí leanúint ar aghaidh ag fás ó bheith inár gcuideachta a thacaíonn ní amháin le daoine breoite, ach le daoine atá ina sláinte agus trí chomhlíonadh go comhsheasmhach ár bhfreagracht lena chinntiú go bhfuil múnla gnó inbhuanaithe againn chun páirt a ghlacadh i saol inbhuanaithe.

Ní féidir ár bhfís chomhtháite maidir le cúram sláinte a bhaint amach ach amháin i gcomhar leis na daoine sa túsline atá freagrach as cúram othar a sholáthar. Agus muid ag obair i dtreo ár gcuspóir maidir le cúram lán-nasctha a bhaint amach, déanfaimid iarracht ár gcaidreamh comhoibríoch a neartú le soláthraithe comhpháirtíochta lena n-áirítear ospidéal, comhairleoirí agus soláthraithe tríú páirtí eile agus ag an am céanna leanfaimid orainn ag neartú agus ag tógáil ár líonra seirbhísí cliniciúla.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir ag Vhi as a gcion fíorluachmhar a thugann siad don Ghrúpa agus as ár gcustaiméirí a chur i gcroílár gach a ndéanaimid. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt dár gcomhghleacaithe cliniciúla féin a oibríonn gan staonadh chun cúram sláinte a sholáthar dár gcustaiméirí ar fud ár n-áiseanna cúram sláinte atá ag fás.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí go léir as a dtacaíocht leanúnach i rith na bliana agus as Vhi a roghnú mar sholáthraí árachais agus cúram sláinte an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh.




Greg Sparks, Cathaoirleach Ainmnithe

500,000+

idirghníomhartha cúram sláinte custaiméirí le Seirbhísí Sláinte & Folláine Vhi in 2022

Athbhreithniú POF an Ghrúpa



Brian Walsh

Tá Vhi ar cheann de na brandaí is cáiliúla agus is iontaofa in Éirinn. Ag Vhi táimid tiomanta do leanúint ar aghaidh le taithí shláinte den scoth agus luach ar airgead a sholáthar don 1.6 milliún duine a bhfuil polasaí árachais sláinte, taistil, fiacloireachta agus árachais saoil acu in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ag treisiú agus ag cur lena muinín as Vhi mar an comhpháirtí cúram sláinte is fearr dar leo.

Is é cuspóir Vhi cabhrú lenár gcustaiméirí saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh. Tacaímid le 1.2 milliún custaiméir trínár dtairiscint árachais sláinte atá ar thús cadhnaíochta. De réir mar a leanann Vhi ag forbairt agus ag fás, beimid ag bogadh níos faide ná cúrsaí árachais amháin, sa chaoi go mbeimid mar chomhpháirtí cúraim shláinte ár gcustaiméirí.

Tá Vhi ag athrú an chaoi a gcuirtear cúram sláinte ar fáil. Táimid dírithe ar luathbhrath agus cúram coisctheach dár gcustaiméirí agus dár n-othair chomh maith lena chinntiú go gcuirimid cóireálacha leighis agus máinliachta níos fearr ar fáil i gcónaí. Tá Vhi chun tosaigh maidir le nuálaíocht, réamh-mheas agus ullmhú le haghaidh éileamh méadaitheach ar chúram sláinte, méaduithe ar chostais chúram sláinte agus dul chun cinn i gcúrsaí leighis.

In 2022, bhain Vhi torthaí airgeadais láidre amach i gcomhthéacs thionchar leanúnach na paindéime, iarmhairtí eacnamaíocha an chogaidh san Úcráin agus géarchéim mhór maidir le costais mhaireachtála. Go háirithe, bhain Vhi fás láidir amach i mballraíocht phríobháideach in árachas leighis agus árachais eile agus méadú suntasach ar líon na gcomhaltaí a fuair rochtain ar ár seirbhísí Sláinte & Folláine trínár 360 Ionad Sláinte Vhi, Clinici SwiftCare, Lárionad Glaonna Cliniciúla agus ardáin Hospital@Home. I mí Feabhra 2022, rinneamar ceiliúradh ar oscailt ár bpríomh-Ionad Sláinte Vhi 360 i gCarraig Mhaighin, Baile Átha Cliath, agus céim an-tábhachtach ab ea é maidir le cúram sláinte lán-nasctha, fíor-chomhtháite a sholáthar dár gcustaiméirí.

Is é Vhi an t-aon árachóir sláinte atá ann chun freastal ar riachtanais chúram sláinte a chuid custaiméirí agus dóibh siúd amháin agus tá sé uathúil in Éirinn sa mhéid sin. Rinneamar ioncam préimhe a tharscaoileadh arís dár gcustaiméirí árachais sláinte in 2022 mar gheall ar laghdú ar éilimh mar gheall ar theorainneacha leanúnacha ar rochtain seirbhísí chúram sláinte. Tá luach €450m tugtha ar ais ag Vhi dár gcustaiméirí ó cuireadh tús leis an bpaindéim, trínar chomhlíonamar ár ngealltanas go dtabharfadh Vhi luach breise ar ais dár gcustaiméirí dá mbeadh éileamh níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar Covid. Go luath in 2022, laghdaigh Vhi praghsanna de 3% ar an meán freisin ag súil le téarnamh mall leanúnach ar rochtain custaiméirí ar chúram sláinte go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Mar sin féin, bhí gá le méadú praghais in 2023, mar gheall ar an éileamh méadaithe ar chúram sláinte agus na costais ardaithe a bhaineann le cúram sláinte a sholáthar do chustaiméirí.

Forbhreathnú ar Thorthaí Airgeadais

In 2022, bhaineamar amach glanbharrachas de €34.3m (2021: €65.3m) ó ghníomhaíochtaí comhdhlúite gnó, feidhmíocht shásúil i bhfianaise an chúlra gnó agus eacnamaíoch.

Ba é an phréimh chomhlán tuillte d'árachas sláinte príobháideach in 2022 ná €1.6bn (2021: €1.589bn), rud a léiríonn fás láidir ar an mballraíocht. Tháinig méadú ar ár mballraíocht um Árachas Sláinte Príobháideach don ochtú bliain as a chéile go dtí 1,177,600 san iomlán. Ba mhéadú ar fhigiúr iomlán 1,154,100 na bliana 2021.

B'ionann iomlán na n-éileamh a íocadh in 2022 agus €1.425bn, i gcomparáid le €1.295bn in 2021, méadú 10%. Bhíodhas ag súil le méadú ar líon na n-éileamh de réir mar a saoradh an tír ó shrianta Covid-19, chomh maith le castacht cásanna na n-othar a tháinig ag iarraidh cabhrach de thoradh na moille ar chúram i rith Covid-19. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar an gcostas a bhaineann le cúram sláinte a sholáthar mar gheall ar an méadú ar bhoilsciú in Éirinn agus ar fud an domhain.

Tháinig méadú suntasach ar ioncam ónár dtáirgí agus seirbhísí árachais eile, seachas árachas sláinte saorálach, arbh fhiú €37.8m é, méadú suntasach ar an €26.2m a taifeadadh in 2021. Chuidigh teacht chun cinn na hÉireann ó shrianta Covid-19 le fás a bhrú chun cinn, agus ár dtairiscint árachais ilturas, go háirithe, nuair a taifeadadh ardú gear san éileamh agus bhí 327,000 custaiméir againn is muid ag tarraingt ar dheireadh na bliana.

Bhí barrachas de €34.3m in 2022 ag Vhi, cé gur laghdú 47% é i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Rud a chuir go mór leis an laghdú seo ná gur aithníodh caillteanas €20.4m ar ár bpunann infheistíochta árachais de €1.2bn. Léiríonn na caillteanais neamhréadaithe seo den chuid is mó an tionchar atá ag rátaí ardaithe úis ar fud an domhain. Infheistíonn Vhi go príomha i dtaiscí ardchaighdeán bairc agus i mbannaí corparáideacha agus i mbannaí flaitiúnaí agus bíonn an-mhuinín againn as neart caipitil agus infhaighteacht leachtachta ár ngnó.

Ar an iomlán, chríochnaigh Vhi 2022 le saor-chúlchistí de €949m, i gcomparáid le €859m in 2021. Ciallaíonn ár bhfeidhmíocht airgeadais go bhfuil Vhi i riocht láidir chun ár straitéis bhunathraithe ghnó a chur chun cinn, rud a chuirfidh lenár gcumas seirbhísí dár gcustaiméirí agus othair a fheabhsú tuilleadh in 2023 agus ina dhiaidh sin.

Athbhreithniú POF an Ghrúpa ar lean

Seirbhís Chúraim Sláinte atá Nasctha agus Comhtháite a sholáthar dár gcustaiméirí

In ainneoin gur lean an phaindéim ar aghaidh ag cruthú dúshlán maidir leis an chaoi ar cuireadh seirbhísí cliniciúla ar fáil dár gcustaiméirí, bhí os cionn leathmhilliún idirghníomhú cúram sláinte ag saoráidí Sláinte & Folláine Vhi in 2022, méadú 39% ar an mbliain roimhe sin. Bhí gníomhaíocht ar fud ár n-ionad Cúraim Phráinne athléimneach freisin, agus bhí breis agus 138,000 idirghníomhaíocht i gceist – méadú 32% ar an mbliain roimhe sin. D’aistrigh muid ár n-ionaid sláinte chun seirbhís a sholáthar trí choinne a dhéanamh nó trí shiúl isteach. Tá go leor de na nuálaíochtaí a tugadh isteach mar fhreagra ar an bpaindéim, ar nós ár nIonad Cúraim Chliniciúil agus comhairliúcháin fhíorúla neadaithe inár gcleachtais anois, mar fhreagra ar mhéadú ar líon na gcustaiméirí ar mhian leo rogha a bheith acu faoi na cineálacha cúraim a éileoidh siad.

Tháinig méadú 7% i rith na bliana ar an líon daoine a bhain leas as ár seirbhís Ospidéal sa Bhaile. Dúnadh ár seirbhísí scagthástála le linn na paindéime ach athosclaíodh iad i mBealtaine 2022 agus rinneadh scagadh ar bhreis is 6,000 othar ó shin i leith.

I mí Feabhra 2022, sheolamar ár bPríomhionad Sláinte Vhi 360 i gCarraig Mhaighin agus chuir sé seo go mór leis an raon seirbhísí cliniciúla atá againn. Cuireann an t-ionad, a bhfuil 5,000 méadar cearnach ann, raon seirbhísí sláinte agus folláine ar fáil atá á sholáthar ag foireann ardoilte um chúram sláinte ildisciplíneach - agus iad ar fad faoin aon díon amháin. Tá sé chun tosaigh maidir le samhail nua um chúram sláinte a chur chun cinn in Éirinn atá tógtha ar phrionsabail an chúraim chomhtháite agus na míochaine lánpháirtithe, trína nglactar le dearcadh iomlánaíoch ar shláinte an othair lena n-áirítear folláine fhisiceach, mheabhrach agus mhothúcháinach. Táimid ag fiosrú conas is féidir linn cur leis agus tairbhí a sholáthar do gach custaiméir de réir mar a mhéadóimid na seirbhísí a sholáthraimid.

I gcúram sláinte leanaí, d’osclaíomar Clinici Péidiatraiceacha tiomnaithe, lena n-áirítear Péidiatraic Ghinearálta agus Péidiatraic Fhorbartha, a thairgeann tacaíocht dár mbaill níos óige a bhfuil riochtaí néara-éagsúlachta orthu. In 2023, leathnófar an tseirbhís seo a thuilleadh nuair a thabharfaimid isteach Cúram Déagóirí.

Eispéireas láidir do chustaiméirí agus d’othair
I rith na bliana, leanamar ar aghaidh ag athrú ár ngnó agus rinneadh infheistíocht shuntasach chun eispéireas níos láidre a sholáthar do chustaiméirí agus d’othair. D’fhorbraíomar seirbhís sláinte agus folláine den scoth, a raibh rochtain uathúil uirthi ag custaiméirí Vhi, ag soláthar cúram nasctha, atá tagarmharcáilte i bhfianaise an chúraim shláinte is fearr in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus ag cinntiú go bhfuil sé seo inacmhainne dár gcustaiméirí.

Mhéadaíomar ár bhfoireann chliniciúil le seoladh Seirbhís Tacaíochta Cnáimhseach Vhi, Clinic Sláinte na mBan, Clár um Aigne Dhearfach, Clár Oiliúna Sláinte 360, Clinic Spóirt, Aclaíochta agus Matánchnámharlaigh agus Seirbhísí Forbartha Péidiatraiceacha. Chuireamar feabhas freisin ar ár bhFoireann

dhigiteach Sláinte Ar Líne agus mhéadaíomar ár seirbhís teileashláinte, trína sholáthraímid seirbhísí ar fud na tíre.

Leanann Vhi ar aghaidh ag obair go dian chun rochtain ar chúram sláinte dár mbaill a choinneáil agus a mhéadú. Ag teacht le feabhsuithe idirnáisiúnta ar chúram sláinte, ní hamháin go bhfuil ár seirbhísí cliniciúla féin á bhforbairt againn, ach táimid ag obair go dlúth freisin lenár líonraí ospidéil agus lenár gcomhairleoirí chun níos mó seirbhísí cúraim a sholáthar do dhaoine nach bhfuil ag coinneáil na leapa. Is é sin cúram a sholáthraítear lasmuigh de bhallaí traidisiúnta an ospidéil agus i measc an phobail.

Tá feabhas curtha againn ar ár dtairiscintí sochair lena n-áirítear, tacaí néara-éagsúlachta do leanaí agus do dhaoine fásta, sochair shláinte na mban, cóireáil um athdhearbhú inscne, sochair thorthúlachta a fheabhsú agus a leathnú, agus ag an am céanna ag leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú buntáistí agus tacaíochtaí meabhairshláinte.

Táimid ag leanúint ar aghaidh de bheith ag simpliú struchtúr ár dtáirgí agus táimid á dhéanamh níos éasca dár mbaill pleananna a roghnú atá ag teacht lena riachtanais agus lena bhfuil uathu. Is í aip Vhi an chéad aip leighis a roghnaítear i gcónaí sa siopa aipeanna in Éirinn. In 2022, seoladh os cionn 1 milliún éileamh trí ‘grianghraf agus seol isteach’ ar líne tríd an aip. Ina theannta sin, leanamar ag seoladh gnéithe nua ar ár n-aip Vhi lena n-áirítear teiripeoirí fisiteiripe, urlabhra agus teanga agus teiripeoir diaitéiteach ar líne. In 2022, tugadh an 7ú háit don Vhi in Éirinn maidir le heispéireas custaiméirí (CX) i Suirbhé bliantúil CXi. Tuarascáil neamhspleách maidir le faire mhargaidh is ea CXi trína rangaíonn taithí an chustaiméara na gcuideachtaí Éireannacha.

Ár nDaoine
Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir as a gcuid oibre crua i rith na bliana. Tá tiomantas eisceachtúil léirithe ag an bhfoireann maidir le seirbhís ardchaighdeán agus cúram othar a sholáthar d’ár gcustaiméirí, agus d’fhairsingiú ár seirbhísí cliniciúla a éascú agus éifeachtúlacht a bhrú chun cinn i ngach a ndéanaimid.

Leanann Vhi ar aghaidh ag déanamh infheistíochta suntasaí inár ndaoine, go háirithe maidir le glacadh le bealaí nua oibre agus freastal ar ionchais ár gcustaiméirí maidir leis an gcaoi a dteastaíonn uathu gnó a dhéanamh linn. Cuirimid tionscnaimh chun cinn go gníomhach a spreagann ár gcomhghleacaithe go léir aire a thabhairt dá sláinte agus dá bhfolláine féin.

Tá an chaoi a n-oibrímid athruithe go deo de thoradh na n-eispéireas a bhí againn i rith na paindéime. Faoi mar atá i ngach eagraíocht, leanann Vhi ar aghaidh ag forbairt an chaoi ina n-oibrímid go héifeachtach le chéile i dtimpeallacht hibrídeach. Tá sé rithábhachtach dár gcomhghleacaithe agus dár ngnó é sin a bheith i gceart.

Urraíochtaí agus an Pobal
Tacaíonn an urraíocht a thugaimid do Mhionmharatón Vhi na mBan agus do Parkrun Vhi leis an gcuspóir atá againn maidir le cabhrú lenár gcustaiméirí saol níos faide, níos láidre

agus níos sláintiúla a bheith acu. Tá an Vhi ina chuid lárnach de shaol an phobail in Éirinn is léir ó na hurraíochtaí a thugaimid go bhfuilimid tiomanta do dhaoine agus pobail a thabhairt le chéile trí spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí a fheabhsaíonn a sláinte mheabhrach agus fhisiceach daoine.

Ba é 2022 an t-ochtú bliain as a chéile ina raibh ainm Vhi le feiceáil ar theideal Mhionmharatón na mBan. Tar éis dhá bhliain nuair nach raibh le fáil ag daoine ach ócáidí fíorúla bhain 20,000 rannpháirtí taitneamh i mbliana as an deis teacht le chéile ar shráideanna Bhaile Átha Cliath.

Tá parkrun, a eagraítear i gcomhpháirtíocht le Vhi, ag fás i gcónaí agus bíonn imeachtaí uainithe 5km ar fáil saor in aisce do dhaoine fásta agus imeachtaí sóisearacha 2km gach deireadh seachtaine i níos mó ná 130 ionad ar fud na tíre. In 2022, sheolamar feachtas parkrun agus Vhi ‘Níos mó ná bheith ag Rith’ trína leagtar béim ar na gníomhaíochtaí sláintiúla éagsúla a chuireann Parkrun ar fáil do na rannpháirtithe, lena n-áirítear siúl, bogshodar, rith agus obair dheonach. Tá Gradam Urraíochta Eorpach buaite ag an bhfeachtas seo cheana féin.

Trí Chiste Sláinte & Folláine Vhi, i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Óige na hÉireann, leanaimid ar aghaidh ag cabhrú le daoine óga an teacht aniar atá iontu a neartú agus an imní a bhíonn orthu a bhainistiú ina leagtar béim ar idirghabháil luath agus obair lena chosc. Bronnadh €85,000 san iomlán ar 11 eagraíocht óige i rith dara bliain an Chiste.

Súil chun cinn
Is mór an onóir dom gur cheap an Bord mé mar Phríomhfheidhmeannach an Ghrúpa agus táim ag tnúth le bheith i gceannas ar Ghrúpa Vhi amach anseo agus sinn ár straitéis uailmhianach a chur i bhfeidhm.

Is é cuspóir Vhi ná ‘cabhrú lenár gcustaiméirí saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh’. Tá sé seo mar bhonn agus thaca le gach rud a dhéanaimid. Táimid tiomanta d’athrú a dhéanamh ar an chaoi a gcuirtear cúram sláinte ar fáil in Éirinn. Tacóimid le luathbhrath, cuirfimid teiripí coisctheacha agus leigheasacha chun cinn agus cabhróimid le daoine fanacht sláintiúil ina dtithe féin agus i measc a bpobail. Cuireann ár ngnóthachtálacha in 2022, a bhí tógtha ar obair na mblianta roimhe sin, bonn láidir ar fáil de réir mar a théimid chun cinn agus a n-athraímid chun freastal ar riachtanais agus ionchais athraitheacha na gcustaiméirí.

Tacaíonn Vhi le stíleanna sláintiúla maireachtála agus le cúram den scoth d’óg agus d’aosta, agus cinntimid go bhfuil rochtain ar chúram sláinte inacmhainne beag beann ar aois, próifíl sláinte nó éilimh roimhe seo. Cinntíonn ár gcuspóir agus ár straitéis uailmhianach, ár bhfís chomhtháite agus an bhail fhóna atá orainn ó thaobh airgeadas de, i gcomhar le tiomantas agus díograis ár ndaoine, go bhfuil muinín ag ár gcustaiméirí as an gcúram gan sárú a sholáthraíonn Vhi anois agus a sholáthróidh amach anseo.

Brian Walsh

Brian Walsh, Príomhfheidhmeannach an Ghrúpa

€1.6bn

Árachas Sláinte Priobháideach Prémhe Olltuillte

€1.425bn

Iomlán na nÉileamh a Íoctar trí Árachas Sláinte Priobháideach

1,177,600

Custaiméirí Árachas Sláinte Priobháideach, an t-ochtú bliain d’fhás as a chéile

327,000

Custaiméirí MultiTrip

In 2022, thosaíomar ag cur i bhfeidhm ár bhfíse straitéisí de chúram sláinte aistritheach, ag tógáil córas cúraim sláinte nasctha, a úsáidtear trínár bpleananna árachais ceannródaíocha le heispéireas pearsanta agus digiteach dár gcustaiméirí ar fad nach bhfuil a shárú le fáil.

↑ 39%

Mhéadaigh Idirghníomhartha Sláinte & Folláine Iomlán ó 363,859 in 2021 go 505,331 in 2022

- In 2022, bhí os cionn leathmhilliún idirghníomhaíocht cúraim sláinte ag saoráidí Sláinte & Folláine Vhi, méadú 39% ar an mbliain roimhe sin.
- Tá gníomhaíochtaí ar fud ár nIonad Sláinte Vhi 360 agus ár nIonad Cúraim Práinne ag os cionn 138,000 idirghníomhaíocht, méadú 32% ar an mbliain roimhe sin.
- In 2022, bhí 201,000 glao isteach ó chustaiméirí agus beagnach 55,000 glao amach ó dhochtúirí/altraí, rud a laghdaigh go suntasach an gá do chúram duine le duine agus d'fheabhsaíomar éifeachtúlacht na seirbhíse chun éileamh a chomhlíonadh agus cáilíocht a fheabhsú.
- Leathnaíomar ár Seirbhísí Tacaíochta Cnáimhseach dár mbaill PMI ar fad agus d'fhás idirghníomhaíochtaí na seirbhíse os cionn 121%.
- Leathnaíodh ár seirbhís ospidéal sa bhaile, rud a chuireann raon níos leithne cúraim ar fáil chun cabhrú lenár gcustaiméirí am san ospidéal a sheachaint nó a laghdú. D'fhás an tseirbhís 7% in 2022 i gcomparáid le 2021.

138,000

Idirghníomhartha cúram sláinte práinneach agus pleanáilte go pearsanta in Ionaid Sláinte Vhi 360 agus in Ionaid Cúraim Phráinne

165%

méadú ar idirghníomhaíochtaí a bhaineann le Sláinte na mBan in 2022

Áirítear le seirbhísí breise inár seirbhísí cúraim sláinte:

- An tseirbhís nua Raideolaíochta, lena n-áirítear MRI, Dexa agus ultrafhuaim in Ionad Sláinte Vhi 360 i gCarraig Mhaighin, seirbhís a raibh 5,730 idirghníomhaíocht aici ó d’oscail sí.
- Chuireamar tús le foireann ildisciplíneach chuimsitheach chun tacú le páistí atá faoi mhíchumas/mhoill forbartha sa tseirbhís phéidiatrach forbraíochta agus sheolamar ceardlanna tacaíochta ildisciplíneacha do thuismitheoirí.
- Leathnaíomar ár seirbhísí matánchnámharlaigh, ina measc clinic fisiteiripe do mhná, clinic spóirt agus aclaíochta, agus clinic cosliachta agus lámh. Ó leathnaíodh na seirbhísí tacaíochta fisiteiripe agus cnáimhseach do mhná, chonaiceamar méadú 165% ar idirghníomhaíochtaí a bhaineann le sláinte na mban in 2022.
- Cuireadh tús arís lenár seirbhísí scagthástála agus chonaiceamar 6k othar cheana féin ó athosclaíodh iad.
- D’osclaíomar ár nIonad Scagthástála Vhi 360 i mBaile Amhlaoibh le tairiscint bhreise de Chlinicí Fisiteiripe.

Ionad Sláinte Vhi 360 i gCarraig Mhaighin

Osclaíodh Ionad Sláinte Vhi 360 i gCarraig Mhaighin go hoifigiúil i mí Feabhra 2022. Is ionad ildisciplíneach 5,000 méadar cearnach ar chúig urlár é atá ar cheann feadhna mar shamhail nua cúraim sláinte in Éirinn. Is samhail é seo ina bhfuil léargas 360 ar shláinte an othair, idir fholláine fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúchánach, chun torthaí a fheabhsú.

Tá raon leathnaithe seirbhísí diagnóiseacha san Ionad, ina measc x-ghathú, MRI, Ultrafhuaim agus scan íomháithe ar dhlús cnámh ar a dtugtar Dexa. Tá na seirbhísí diagnóiseacha úrscothacha ar fáil i dteannta sraith cláir cúraim sláinte phearsantaithe a sholáthraíonn foireann ildisciplíneach a fuair oiliúint i gcúram comhtháite, rud a chumasaíonn cur chuige réamhghníomhach agus comhtháite i leith sláinte othar.

Tá an tIonad suite in aice an M50, agus tá Saoráid Cúraim Práinne leathnaithe ann freisin ina gcuirtear cóir leighis a othair a fhulaingíonn mionghortuithe agus miontinnis, mionchóirealacha agus cóir leighis éigeandála fiacla lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre. Tá urlár pédiatraice ar leith ann a dearadh le seomraí cóireála a oireann do pháistí, seomra speisialta céadfaí agus Sainchlinic ADHD ina measc.

Máistir-rang Vhi 360

I mí an Mhárta 2022, thug an Dr Harry Barry, GP agus tacadóir don mheabhairshláinte, an eochairléacht ag an gcéad Mháistir-rang do Vhi 360. B’imeacht fíorúil é faoi stiúir chliniceoirí Sláinte & Folláine Vhi a raibh mar phríomhaidhm aige tacú le feabhsúcháin ar chúram othar i láithreacha cúraim phríomha agus freastal ar ár gcuspóir cabhrú lenár gcustaiméirí agus othair le go mbeidh saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla acu.

Ag an imeacht, roinn Cliniceoirí Vhi a n-eolas, a dtaithí agus a saineolas ar dhul chun cinn le gairid ar chleachtas cliniúil maidir le Pédiatraic, Sláinte Ghnéasach, Galair Ionfhabhtaíocha, Bainistíocht Galair Ainsealaigh, Leigheas Matánchnámharlaigh, Leigheas Comhtháite agus Sláinte Stíle Maireachtála. Bhí an t-imeacht ar fáil do dhochtúirí ginearálta (GP), altraí cleachtais GP, dochtúirí ospidéal agus gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh, agus tugadh aitheantas Forbartha Gairmiúla Leanúnaí dóibh siúd a d’fhreastail air.



Seirbhís Raideolaíochta in Ionad Sláinte Vhi 360, Carraig Mhaighin







An Dr Stefan Mihaylov agus an Altra Scagthástála Leighis Aileen Butterfield ag Ionad Sláinte Vhi 360, Dún Droma - Scagadh



Ionad Sláinte Vhi 360, Carraig Mhaighin



An Dr Harry Barry GP, Síceolaí Comhairleoireachta Vhi An Dr Mou Sultanta agus Síceolaí Cliniciúil Sinsearach Vhi, an Dr Olivia Murphy ag Máistir-Rang Vhi 360

Gníomhaíocht Sláinte & Folláine		2021	2022	% méadú
 Cúram Práinneach	Suímh Áise Baile Átha Cliath (Carraig Mhaighin, Sord), Luimneach agus Corcaigh			
	Gníomhaíocht Iomlán Cúraim Phráinne	99,318	123,376	↑ 24%
 Pleanáilte Cúram	Suímh Áise Baile Átha Cliath (Carraig Mhaighin, Sord), Luimneach agus Corcaigh			
	Gníomhaíocht Iomlán Cúraim Phleanáilte	5,259	14,758	↑ 181%
 Digitreach agus an chéad teagmháil	Gníomhaíochtaí an Mhoil Chomhordaithe Cúraim Glaonna Cúraim Isteach, Glaonna Altra Amach agus Glaonna ar Dhochtúirí Amach			
	Idirghníomhaíochtaí Mol Comhordaithe Cúraim Iomlán	170,478	255,011	↑ 50%
 Comhtháite Cúram	Idirghníomhaíochtaí Idirghníomhaíochtaí Dearfacha Intinne, 360 Clinic - Idirghníomhaíochtaí Foirne disciplíneacha Aosaigh agus Ranganna Ardáin Chóiste Sláinte & Folláine			
	Cúram Comhtháite Iomlán	-	4,305	-
 Cúram@baile	Atreoruithe agus Taispeántais Atreoruithe Ospidéil @ Baile, Cnáimhseach @ Othair Baile, Scagthástáil Vhi Slán beo/Seiceáil Sláinte sa Bhaile agus Ionaid Leighis Scagtha Vhi			
	Iomlán Cúram @ Baile	5,211	9,630	↑ 85%
 Seirbhísí Cúnaimh d'Fhostaithe	Seirbhísí Cúnaimh d'Fhostaithe Ionad glaonna tiomnaithe, atreoruithe comhairleoireachta duine le duine, Seisiúin Oiliúna Folláine, Coinní Dochtúra Ar Líne agus, Stáisiún Folláine			
	Seirbhísí Corparáideacha Iomlán	83,593	98,251	↑ 18%

+85%

Mhéadaigh líon iomlán na n-idirghníomhaíochtaí Cúram@baile ó 5,211 go 9,630

+32%

Líon iomlán na ndaoine i láthair go pearsanta Cúram Práinneach agus Pleanáilte do Chustaiméirí Mhéadaigh idirghníomhaíochtaí cúraim ó 104,577 go 138,134




Is iad ár gcomhghleacaithe ár bpríomhláidreach, agus is iad a chuireann ár straitéis gnó uailmhianach agus bhunathraithe i bhfeidhm.

In 2020, d'fhorbraíomar Straitéis Daoine cúig bliana chun an treo a leagan don chaoi a gcumhachtóimid ár gcomhghleacaithe agus a dtacóimid leo ionas gur féidir leo a gcumas iomlán a bhaint amach agus ár gcuspóir a chomhlíonadh dá réir.

I gcaitheamh 2022, leanamar ag tabhairt faoin Straitéis Daoine sin; ag athrú an chaoi a n-eagraítear muid, ag forbairt ár gcultúir, agus ag cuimhneamh i gcónaí ar ár n-oidhreacht chumhachtach. D’athnuamar ár gcuid luachanna agus rinneamar athmhachnamh ar an gcaoi a ndéanaimid ár n-obair, ag cumasú ceannaireacht chumhachtaithe agus muid ag aistriú ó chuideachta árachais go hárachóir agus soláthraí cúraim sláinte iontaofa.

Rinneamar an-dul chun cinn freisin ar chur i bhfeidhm tionscnaimh daoine éagsúla agus léiríonn aiseolas ónár suirbhé ‘Colleague Voice’ go gcreideann 83% dár gcomhghleacaithe gur áit iontach é Vhi le hoibriú ann, agus go gcreideann 79% gur féidir leo a bheith ar a nós féin ag an obair.


1. Aistriú ar an gCaoi a nEagraítear Muid
Ar cheann de na príomhcholúin dár Straitéis Daoine tá ár gcumas ceannaireachta athraithe a fhorbairt.
In 2022, chuireamar struchtúr eagraíochta i bhfeidhm chun an t-aistriú a chumasú agus a chinntiú go n-éiríonn go geal leis. Tá an Struchtúr Ceannaireachta nua sin sa Ghrúpa ar an gcéad athdhearadh eagraíochta suntasach le 20 bliain anuas agus tugtar le chéile gach gné den ghnó faoi fhoireann amháin leis.



2. Ár gCultúr a Fhorbairt
Is bunchloch shoiléir d’aon chlár athraithe cultúir í sraith shoiléir agus leanúnach de chroíluachanna.
In 2022, d’athcheanglaíomar lenár gcuspóir agus chuireamar ár gcuid luachanna athnuaite i láthair de réir a chéile le ceardlanna ar fud suíomhanna oifige Vhi, ag cruinniú ár gcomhghleacaithe le chéile chun ár straitéis, cultúr, luachanna agus iompar a chur in iúl dóibh.



Amy Burke, Oifigeach Grúpa Daoine agus Inbhuanaitheachta agus comhghleacaithe ag na ceardlanna Powered by Purpose



Éagsúlacht agus Ionchuimsiú
Is cuideachta é Vhi a dhéanann éagsúlacht agus an ionchuimsithe a aithint, tá meas aige air, cuireann sé chun cinn é agus ceiliúrann sé é. Cabhraíonn cultúr ionchuimsitheach san ionad oibre le Vhi raon éagsúil tallainne a mhealladh agus a choinneáil ionas gur féidir linn leanúint orainn mar cheannródaithe agus nuálaithe. I mí na Samhna 2022, dhíríomar ar Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ag Vhi, agus d’óstálar clár imeachtaí chun tacú leis sin.

D’oibrigh ár dtrí Líonra Éagsúlachta agus Ionchuimsithe ag Vhi – Bród, Líonra na mBan agus an Líonra Ilchultúrtha le chéile chun clár leathan a chruthú inar labhair cainteoirí seachtracha agus inmheánacha. Ceapadh an clár chun feasacht agus tuiscint a mhéadú ar a bhfuil i gceist le heagraíocht ionchuimsitheach agus na tairbhí a bhainfeadh Vhi as an ionchuimsitheacht.

Tuarascáil faoin mBearna Phá idir na hInscní
I mí na Nollag, d’fhoilsíomar ár dtuarascáil faoin mbearna phá idir na hinscní. Is é 19% ár mbearna phá airmheánach idir na hinscní, agus spreagann dáileadh éagothrom idir fir agus mná inár lucht saothair an bhearna phá sin. Ag Vhi, táimid ag obair chun an bhearna sin a laghdú, rud a éilíonn béim leanúnach, forbairt chultúrtha agus iarracht ar fud na cuideachta. Táimid ag infheistiú inár dtallann mná, ag cur dlús lena ngairm ionas go mbeidh siad ina gceannairí a theastaíonn anois agus sa todhchaí. Táimid ag tógáil líonraí agus ag forbairt naisc ardtoraidh inár lucht foirne mná agus táimid ag baint bacainní don dul chun cinn atá ar fud na heagraíochta le cláir a chothaíonn iompar leanúnach nua bainistíochta i gcomhghleacaithe fir agus mná.



Tuarascáil Bhearna Pá Inscne Vhi

3. Timpeallacht Oibre Atá ag Athrú

Ag Vhi, teastaíonn uainn tacú lenár gcomhghleacaithe le go ndéanfaidh siad an obair is fearr is féidir leo. In 2022, lean saol na hoibre agus ionchais na gcomhghleacaithe maidir le cén chaoi agus cén áit a ndéanfaidh siad an obair is fearr is féidir leo ag athrú agus ag forbairt.

Todhchaí na hOibre @Vhi

Chuireamar tús foirmiúil le hobair chumaisc ag Vhi faoinár gclár Todhchaí na hOibre @Vhi, ag leathnú ar an méid a d’fhoghlaimíomar ón gcianobair i rith 2020 agus 2021. Is é ár gcur chuige i leith obair chumaisc ag Vhi solúbthacht ag brath ar an gcineáil róil; cé go leanann ár gcomhghleacaithe cliniciúla ag obair ó chlinicí Vhi agus ionaid 360, cuireann samhail chumaisc ar a gcumas do líon mór comhghleacaithe eile a n-am a roinnt idir oibriú i suíomh Vhi agus oibriú ón mbaile.


Dírítear inár gclár faoi láthair ar chinntiú gur féidir linn na huirlisí, an teicneolaíocht agus an bonneagar oifige a sholáthar do chomhghleacaithe chun go mbeidh siad ag comhoibriú agus ag obair chomh héifeachtach agus is féidir agus iad ag bogadh idir oibriú ón oifig agus oibriú ón mbaile.

Folláine

Is tosaíocht í an fholláine dár gcustaiméirí agus dár gcomhghleacaithe agus is príomhghné dár Straitéis Daoine í. Leanamar ag feabhsú ár dtairisceana don chlár Folláine i rith 2022, le haoichainteoirí agus imeachtaí éagsúla ar siúl i gcaitheamh na bliana, lá folláine comhghleacaithe ar leith le haghaidh gach comhghleacaí ina measc. Tá ár gcomhghleacaithe sásta lenár dtionscnaimh folláine, agus thuairiscigh 70% de na comhghleacaithe gur eagraíocht é Vhi a thugann aire dá dhaoine.



Cleachtais oibre hibrideacha



4. Ag Infheistiú sa Todhchaí


Leanamar ag cur béim ar eagraíocht foghlama a thógáil agus bíonn tábhacht faoi leith ag baint le cumas ár ndaoine a fheabhsú agus a thógáil dar linn.

Foghlaim

Le bliain anuas, reáchtáladar na cláir Mná i mBun Ceannaireachta agus Forbairt Bainistíochta. Bhain os cionn 130 comhghleacaí tairbhe as an taithí foghlama sin, agus thug siad an méid a d’fhoghlaim siad ar ais chuig an ngnó agus a róil. Bhí seimineáir ghréasáin againn freisin faoin bhForbairt Ceannaireachta agus faoi oibriú go héifeachtach i dtimpeallacht chumaisc. Leanaimid ag tacú lenár gcomhghleacaithe cliniciúla agus rinneadh an-dul chun cinn inár gcláir oideachais chliniciúil, ina measc cláir ghinearálta agus dheimhnithe i réimsí an Leighis Chomhtháite agus Cúraim Práinne.

Clár Céimithe Vhi

Cuireann Clár Céimithe Vhi ar ár gcumas tallann nua a aimsiú ó chúlraí agus eispéiris éagsúla. Bíonn an gnó in ann ‘ár gcuid féin a fhás’ dá bharr agus na scileanna agus na cumais riachtanacha a fhorbairt a theastaíonn le haghaidh ghnó na todhchaí. Tá dhá shruth céimithe i gclár céimithe Vhi, an Sruth TF agus an Sruth Gnó, agus in 2022, mhéadaíomar an clár chun 20 céimí nua a thabhairt ar bord. Thugamar isteach sraith feabhsúchán freisin ar an gclár, ina measc sealaíocht oibre sna Rannóga Sláinte & Folláine agus Miondíola – rud a thugann taithí níos iomláine do Chéimithe gnó ar obair ar fud an ghnó.



Rannpháirtithe i gClár larchéime Vhi

Ráiteas Uaillmhianta Comhshaoil, Sóisialta, Rialachais

Ag Vhi, teastaíonn uainn cabhrú lenár gcustaiméirí agus lenár n-othair le go mbeidh saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla acu.

Ciallaíonn sé sin cabhrú leo an tsláinte is fearr is féidir a bhaint amach dóibh – an chothromaíocht sin idir folláine fhisiciúil, mheabhrach, shóisialta agus spioradálta – ionas gur féidir leo an saol is fearr is féidir a bheith acu.

Is eol dúinn go bhfuil sláinte an chine dhaonna agus sláinte an phláinéid fite fuaite ina chéile.

Sin é an fáth a soláthróimid samhail cúraim sláinte atá go hiomlán comhtháite a chuireann daoine agus an pláinéad ag croí na samhla. Is cur chuige é a bheidh inbhuanaithe, a thabharfaidh aire don chomhshaol, a ghlacfaidh go fonnmhar le héagsúlacht, agus a thacóidh leis na torthaí is fearr dár gcustaiméirí, dár gcomhghleacaithe, agus dár bpobal.

Inbhuanaitheacht in 2022

- In 2022, thugamar faoi mheasúnú ábharthachta cáilíochtúil chun na ceisteanna is mó tábhacht do pháirtithe leasmhara go himmheánach agus go seachtrach a shainaitheint.
- Ag eascairt as an obair sin, sainaithníodh cúig Sprioc Forbartha Inbhuanaithe thosaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe mar spriocanna atá mar bhonn agus taca faoinár n-uailmhian inbhuanaitheachta.
- D’earcaíomar daoine riachtanacha dár bhfoireann inbhuanaitheachta chun an obair sin a stiúradh, chun inniúlachtaí agus tacair sainscileanna a fhorbairt ar fud na n-eagraíochtaí, agus muid ag spreagadh nuálaíochta agus ag athshamlú an chaoi a dtabharfaimid faoi ghnó amach anseo [ó árachas go cúram sláinte] i ndomhan carbóin ghlan-nialasaigh.
- Chruthaíomar próisis maoirseachta le haghaidh inbhuanaitheachta, agus tá Coiste Ainmniúcháin agus Rialachais an Bhoird freagrach anois as cúrsaí inbhuanaitheachta.
- Chláraigh Vhi don Chreat um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Tráchtála Leath-Stáit leis an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) i mí na Nollag. Tá an creat ceaptha cabhrú le cuideachtaí tráchtála leathstáit a dtiomantas a léiriú do bheith ina gceannairí in aistriú na hÉireann go geilleagar agus sochaí charbón-neodrach.
- Ghlacamar leis an gCreat um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Tráchtála Leath-Stáit leis an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) i mí na Nollag. Tá cúig phríomhthiomantas sa Chreat agus tá sé ceaptha cabhrú le cuideachtaí tráchtála leathstáit a dtiomantas a léiriú do ról ceannródaíoch a ghlacadh in aistriú na hÉireann go geilleagar agus sochaí charbón-neodrach.

Cúig Sprioc Forbartha Inbhuanaithe de chuid na a beidh sé mar bhonn taca ag inbhuanaitheacht in Vhi

An Chéad Tosaíocht

3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING

Tiomantas a chinntiú saolta sláintiúil agus folláine a chur chun cinn le haghaidh ar fad ag gach aois

5 GENDER EQUALITY

Tiomantas d’inscne comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú

13 CLIMATE ACTION

Tiomantas don phráinn gníomh chun dul i ngleic leis an aeráid athrú

8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH

Tiomantas a chinntiú tomhaltas inbhuanaithe agus patrúin táirgeachta

12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION

Tiomantas do cuimsitheach agus inbhuanaithe fás eacnamaíoch agus obair mhaith do chách

Bearta Inbhuanaitheachta le haghaidh 2023

In 2023, táimid ag leanúint lenár gclár oibre faoin straitéis inbhuanaitheachta, atá ailínithe le cúig Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus a chabhróidh leis an eagraíocht a cuspóir a chomhlíonadh ina iomláine.

5 GENDER EQUALITY

Tiomantas d’inscne comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú

Éagsúlacht agus lonchuimsiú

Déanann Vhi luach na héagsúlachta agus an ionchuimsithe a aithint, tá meas aige air, cuireann sé chun cinn é agus ceiliúránn sé é. Mar chuid dár dtiomantas do laghdú ar ár mbearna phá idir na hinscní, chuireamar clár cuimsitheach i bhfeidhm, a chuirtear chun feidhme trínár straitéis Éagsúlachta agus lonchuimsithe agus táimid muiníneach go gcumasófar athrú dá réir. Áirítear le clár a cuireadh i bhfeidhm i rith 2022 mar chuid den straitéis sin:

Mná i mBun Ceannaireachta

- Is é Mná i mBun Ceannaireachta clár Vhi chun dlús a chur le gairmeacha na mban. Dírítear sa chlár ar scileanna a fhorbairt, bacainní a bhaint agus infheictheacht a mhéadú, agus tá sé d’aidhm leis píblíne na gceannairí sinsearach a mhéadú inár ngnó.

Líonra na mBan

- Cuireann Líonra na mBan ar a gcumas do mhná sa ghnó barr a gcumais a bhaint amach agus ár gcroichuspóir a sholáthar. Léirigh ár dtaighde inmheánach éileamh láidir ar oiliúint, cóitseáil agus meantóireacht i measc na mban sa ghnó.

Clár Forbartha Bainistíochta

- Dírítear inár gclár Forbartha Bainistíochta ar iompar bainistíochta leanúnach nua a fhorbairt agus a chothú i measc comhghleacaithe fir agus mná.

Oiliúint maidir le Claontuairim Neamh-chomhfhiosach

- Bíonn pribhléid dofheicthe dóibh siúd ag a bhfuil sí agus laghdaíonn ár n-oiliúint maidir le Claontuairim Neamh-chomhfhiosach, atá éigeantach i measc bainisteoirí, claonadh i meonta agus iompar ag an obair, ó chinntí earcaíochta agus ardaithe céime go hidirghníomhaíochtaí le custaiméirí agus comhghleacaithe.



Oibríonn Líonra Ban Vhi le chéile chun tacú le mná Vhi agus iad a chumasú



Comhghleacaí James Holohan agus Ceannaire Foirne Noeleen Thompson ag Vhi Cill Chainnigh



Tiomantas a chinntiú saolta sláintiúil agus folláine a chur chun cinn le haghaidh ar fad ag gach aois

Dea-shláinte agus Fholláine

Urraíochtaí Vhi in 2022

Táimid tiomanta dár bpobail agus do thacú le hurraíochtaí laistigh de phobail a neartaíonn ár gcuspóir.

Mionmharatón Ban Vhi

- Ba é 2022 an t-ochtú bliain ag Vhi mar phríomhurratitheoir Mhionmharatón Ban Vhi, imeacht ionchuimsitheach, ina dtugtar le chéile mná de gach aois agus leibhéal aclaíochta chun an cúrsa 10k a chríochnú de rith, de bhogshodar nó de shiúl.
- Tharla imeacht 2022 ar Dheireadh Seachtaine Saoire Poiblí an Mheithimh, an chéad imeacht fisiciúil a reáchtáladh ó 2019.
- Ghlac os cionn 20,000 rannpháirtí as gach cearn d’Éirinn páirt sa cheiliúradh ar mhuintearas agus chun airgead a thiomsú do charthanais.
- I measc Ambasadóirí Mhionmharatón Ban Vhi bhí Roz Purcell, a chruthaigh sainphleananna traenála i dteannta fhoireann ambasadóirí Vhi chun cabhrú le rannpháirtithe réiteach do lá an rása.

parkrun

- Bíonn parkrun, i gcomhpháirt le Vhi, ar bun gach Satharn i níos mó ná 100 láthair ar fud na tíre agus bíonn siad saor in aisce i gcónaí.
- Glacann níos mó ná 10,000 duine páirt sna himeachtaí sin gach deireadh seachtaine, agus iad ag siúl, ag bogshodar, ag rith agus ag obair go deonach.
- D’fhorbair comhpháirtíocht Vhi le parkrun in 2022 le feachtais Vhi ar na meáin chun daoine a spreagadh le páirt a ghlacadh ina parkrun áitiúil, agus tarraingíodh aird ar an iliomad tairbhe don tsláinte a bhaineann le rannpháirtíocht in parkrun agus cabhrú le daoine na chéad chéimeanna a ghlacadh chun páirt a ghlacadh i bpobal parkrun.
- Chun tacaíocht bhreise a thabhairt dár bhfeachtais, thug Vhi parkrun Rewards pointí do chustaiméirí Vhi ar aip Vhi i ndiaidh gach parkrun.

Ciste Sláinte & Folláine Vhi agus Irish Youth Foundation

- Lean Vhi lenár dtacaíocht do dhaoine óga agus do na heagraíochtaí lena bpléann siad trí Chiste Sláinte & Folláine Vhi agus Irish Youth Foundation.
- Den dara bliain, iarraidh ar eagraíochtaí carthanais neamhbhrabúis a oibríonn le daoine óga cur isteach ar chuid den chiste €85,000 chun tabhairt faoi thionscadail a bhfuil d’aidhm leo athléimneacht a neartú i measc daoine óga agus cabhrú le himní a bhainistiú.
- I measc na dtionscadal ar éirigh leo in 2022, bhí Venture Out i gCathair na Mart a thug daoine óga amach san fhiántas chun cabhrú leo éirí níos feasaí ar a láidreachtaí agus a gcumais féin, chun foghlaim faoi obair foirne agus ceannaireacht, agus an chaoi ar féidir leo na scileanna sin a chur i bhfeidhm ina saol laethúil.
- I mBaile Átha Cliath, chuir faighteoirí an Chiste, Bradóg Youth Services agus Just Ask, ceardlanna piaroiliúna agus oideachais dar dteideal «Mind your mental health» (positive vibes) ar fáil ar fud lár na cathrach thuaidh.

10,000

duine a ghlacann páirt sna páirceanna seachtainiúla i 130 ionad

1,979

duine óg a bhfuil tionchar díreach acu trí obair thionscadail Chiste Sláinte & Folláine 1:1

8

mbliana mar urraitheoir teidil ar Mhionmharatón na mBan Vhi



Ambasadóirí Mionmharatón na mBan Vhi agus reathaithe ar an mbealach 10k



Rannpháirtithe i parkrun i gcomhpháirtíocht le Vhi, ag Teach Chill Áirne, Ciarrai



Seolann Dean Rock Ciste Sláinte & Folláine Vhi



Barry Dillon, Bainisteoir Cláir le Venture Out le rannpháirtithe óga sa Wilderness Programme



Tiomantas don phráinn gníomh chun dul i ngleic leis an aeráid athrú

An Comhshaol agus Bainistíocht Fuinnimh ag Vhi

Ceanglaíonn an Plean Gnímh Náisiúnta don Aeráid ar an earnáil phoiblí, comhlachtaí leathstáit ina measc, laghdú 51% ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (CO₂ eq.) faoi 2030, agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Tá na hoibleagáidí sin mar bhonn faoi chlár éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe Vhi mar sin.

Tá ceanglas ar Vhi sonraí fuinnimh mionsonraithe a thuairisciú ar bhonn bliantúil ar an gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe ar Líne d’Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), agus úsáidtear é sin chun dul chun cinn a rianú i dtreo sprioc 2030.

Bunaithe ar thuairisciú fuinnimh Monatóireachta agus Tuairiscithe SEAI le haghaidh 2022

D’fheabhsaigh Vhi a éifeachtúlacht fuinnimh 43.6% óna bhliain bhonnlíne (2009).


Bunaithe ar uirlis samhaltaithe Monatóireachta agus Tuairiscithe SEAI Bearna go Sprioc (GTT v3.09), is é 353,459kg CO₂ eq. na laghduithe breise gás ceaptha teasa a chaithfidh Vhi a bhaint amach faoi 2030 chun an sprioc laghdaithe astaíochta a chomhlíonadh.

43.6%

feabhas ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh ó 2009 i leith

In 2022, d’ídigh Vhi Healthcare 6,627,332 kWh d’fhuinneamh, a chuimsigh:

4,866,869 kWh de leictreachas
Is iad na príomhúsáideoirí fuinnimh leis an miondealú measta céatadán de céatadán de leictreachas



1,760, 463 kWh of fossil fuel (natural gas)
Is iad na príomhúsáideoirí fuinnimh leis an miondealú measta ghás nádúrtha:



Áiríodh leis na Bearta Coigilte Fuinnimh ar tugadh fúthu in 2022:

- Clár bainistíochta fuinnimh a fhorbairt.
- Straitéisí rialála córais maidir le bainistíocht fuinnimh i bhfoirgnimh i dtaca le gléasra téimh, aeraithe, suiteála foirgnimh agus aerchóirithe a fheabhsú.
- Uasghrádú le soilse LED.

I dteannta bearta caomhnaithe fuinnimh atá ann cheana, baineadh amach coigilt fuinnimh bhliantúlaithe mheasta 381,522 kWh, agus laghdaíodh an tionchar atá ag úsáid fuinnimh ar an gcomhshaol 79,013kg CO₂.

An Bhithéagsúlacht

Beacha Meala Vhi

Athcheanglaíonn an bheachaireacht muid leis an dúlra – na séasúir, na crainn, na bláthanna – ar a mbíonn na beacha ag brath. In 2020, shuiteáil Vhi dhá choilíneacht beach ar dhíon Cheann-Oifig Vhi ar Shráid na Mainistreach. Ceapadh AAbes chun tabhairt faoi chúram leanúnach na gcoilíneachtaí. Bhí 2022 ar cheann de na samhrai ba theo a taifeadh riamh agus glacadh an-chúram chun a chinntiú go raibh soláthar leanúnach uisce ag na beacha sa timpeallacht uirbeach sin le nach n-éireodís róthe.

Rinne an mhil a buaineadh ó Bheachlann Shráid na Mainistreach a phacáistiú, a bhrandáil agus a dháileadh mar Vhi Honey. In 2023, leanfaidh Vhi ag leathnú ar na spriocanna Bithéagsúlachta trí choirceoga nua agus móinéar bláthanna fiáine a chur ag suíomh Chill Chainnigh.



Mil ó bheachlann Shráid na Mainistreach

Tá dea-rialachas corparáideach riachtanach chun go n-éireoidh lenár n-eagraíocht. Tá Grúpa Vhi tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh, ardchaighdeáin gnó, trédhearcachta agus gairmiúlachta inár ngníomhaíochtaí ar fad. Tá sé d’aidhm againn tabhairt faoi ghnó de réir fhuarlitir agus spiorad an dlí, na rialachán agus na gcód ábhartha a bhaineann le rialáil agus comhlíonadh a bhfuil feidhm leo i dtaca le gníomhaíochtaí rialáilte Ghrúpa Vhi, chomh maith le beartais agus caighdeáin inmheánacha maidir le comhlíonadh. Tá sé d’aidhm againn gníomhú go hionraic, go macánta agus go cóir agus muid ag plé le custaiméirí, othair agus páirtithe leasmhara eile.

Féachann Bord Ghrúpa Vhi lena chinntiú go bhfuil a struchtúir rialachais oiriúnach dá gcuspóir, cuí agus éifeachtach le haghaidh nádúr, scála agus chastacht réimeanna gnó Vhi.

Tá struchtúr boird agus coiste i bhfeidhm chun gach gné de ghníomhaíochtaí Vhi a mhaoirsiú.

Bhunaigh Grúpa Vhi ceithre choiste chun cabhrú leis lena chuid oibre:

- Coiste Iniúcháireachta an Ghrúpa (faoi chathaoirleacht Mary Halton)
- Coiste Riosca an Ghrúpa (faoi chathaoirleacht Joyce Brennan)
- Coiste Luacha Saothair an Ghrúpa (faoi chathaoirleacht Dean Holden)
- Coiste Ainmniúcháin agus Rialachais an Ghrúpa (faoi chathaoirleacht Greg Sparks, Cathaoirleach Ainmnithe)

In 2022, ghlac an Bord luachanna athnuaite Ghrúpa Vhi agus thomhais sé é féin leo mar chuid de mheastóireacht an bhoird in 2022.

Cabhraíonn Bainistíocht Riosca le Vhi dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna a thapú chun cuspóirí straitéiseacha gearrthéarmacha agus níos fadtéarmaí an Ghrúpa a bhaint amach.

Ar chuid de na rioscaí sin tá:

- Marbh-bhoilsciú (an riosca a bhaineann le fás eacnamaíoch mall agus boilsciú atá ard de shíor),
- Easpa dáimhe ag ár gcustaiméirí lenár straitéis
- Cur isteach ar chúram sláinte
- Rannpháirtíocht dhigiteach

Cinneadh príomhrioscaí agus príomh-éiginnteachtaí Vhi trí rioscaí féideartha a mheasúnú sna catagóirí a leanas: Airgeadas agus Caipiteal, Oibriúchán, Straitéiseach, Daoine agus Cultúr, agus Luach agus Iompar Custaiméirí. Taifeadtar leibhéil lamháltais riosca Ghrúpa Vhi sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca a d’fhaomh gach Bord Eintitis agus Bord Ghrúpa Vhi.

Cur chuige Vhi i leith bainistíocht riosca

Rialachas

Tá próisis rialachais ag Vhi a dhéanann Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin a mhaoirsiú ag leibhéal Bhord an Ghrúpa agus ag leibhéal boird fochuideachtaí i gcás ár bhfochuideachtaí. Faigheann Coiste Riosca an Ghrúpa tuarascálacha ón bPríomh-Oifigeach Riosca agus feidhmeannaigh Vhi eile de réir mar is cuí. Bíonn an Coiste sin freagrach as maoirsiú an riosca ar fud an Ghrúpa agus molann inghlacthacht riosca don Bhord.

Déanann Coiste Riosca Boird áitiúil maoirsiú ar gach ceann de phríomh-fhochuideachtaí Vhi, coiste ar a mbíonn Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin den chuid is mó a mhaoirsíonn an Creat Bainistíochta Riosca. Tá struchtúir rialachais fhoirmiúla i bhfeidhm ag na fochuideachtaí sin, ina measc coistí riosca ar leibhéal feidhmiúcháin, agus faigheann siad tuarascálacha riosca go rialta ón lucht bainistíochta agus ó Phríomh-Oifigeach Riosca an Ghrúpa.

The diagram illustrates the Risk Management Framework. At the top is 'Rialachas Riosca' (Risk Policy). Below it is 'Bord na Stiúrthóirí' (Board of Directors). Underneath is 'Coiste Riosca an Ghrúpa (GRC, Grúpa)' (Group Risk Committee). Below that are three sub-committees: 'An Coiste Bainistíochta Riosca agus Comhlíonta (RMCC, Árachas)' (Risk Management and Compliance Committee), 'An Coiste Cáilíochta, Sábháilteachta agus Riosca (QSRC, H&W)' (Quality, Safety and Risk Committee), and 'An Coiste Riosca Feidhmiúcháin (ERC, Árachas)' (Operational Risk Committee). The entire structure is flanked by 'An Bord' (The Board) on the left and 'Rialachas' (Policy) on the right.

Cur chuige agus cur i bhfeidhm

Úsáideann Vhi cur chuige ‘trí líne chosanta’ i leith bainistíocht riosca. Bainistímid riosca ar fud ár ngnóthaí soláthair agus árachais sláinte de réir ár gCreat Bainistíochta Riosca a fhaomhann an Bord. Leagtar amach sa Chreat sin na prionsabail a bhaineann le córas bainistíochta riosca láidir agus leanúnach inár gcéad líne chosanta.

Cinntíonn sé sin an méid seo a leanas:

- Sainaithnímid rioscaí reatha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn i leith na ngnóthaí agus na straitéise agus tuigimid na hiarmhairtí féideartha.
- Bíonn inghlacthacht riosca shoiléir agus bhunaithe againn, agus gníomhaímid dá réir.
- Glacaimid bearta cuí agus éifeachtacha chun rioscaí sainaitheanta a mhaolú agus a bhainistiú.

- Déanaimid monatóireacht agus tuairisciú ar rioscaí agus an timpeallacht rialaithe ina n-oibrímid.
- Tugaimid faoi anailís ar chnámha scéil chun ár riachtanais chaipitil a shainaithint i bhfianaise ár rioscaí agus ár bpleananna gnó tríd an bpróiseas Féinmheasúnaithe Riosca agus Sócmhainneachta (ORSA).
- Úsáidim faisnéis bainistíochta riosca chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi chinntí bunaithe ar rioscaí ar fud an ghnó.
- Tá úinéireacht shoiléir ar riosca, agus cuntasacht ina leith.

Tá cultúr ag Vhi ina ndéantar a leanas:

- Bunaíonn an cheannaireacht ón mbarr anuas iompar riosca inmhianaithe
- Bunaítear caighdeáin iompair riosca inár bpróisis bainistíochta feidhmíochta agus ní spreagann an t-aitheantas glacadh leis an iomarca riosca
- Mínítear agus tuigtear ról agus freagrachtaí go soiléir, agus bunaítear agus bainistítear cuntasacht as iompar riosca

Níl cultúr lochta i gceist i gcás tuairisciú ar theagmhas, tarlú agus neastimpiste riosca, agus tá struchtúir le haghaidh tuairisciú oscailte agus trédhearcach don lucht rialachais i bhfeidhm.

Tá córais tuairiscithe sheanbhunaithe i bhfeidhm againn chun a chinntiú go ndéantar rioscaí móra dár ngnóthaí a shainaithint, a chur ar aghaidh, a bhainistiú agus a mhaolú. Tugaimid faoi athbhreithnithe mionsonraithe agus anailísí doimhne ar rioscaí áirithe nuair is gá agus tá clár tástála struis agus eiseamláirí againn le haghaidh na bpríomhrioscaí.

Áirítear lenár bpróisis bainistíochta riosca machnamh follasach ar an gcaoi a bhféadfadh rioscaí dár straitéis teacht chun cinn

nó forbairt amach anseo, agus cé na gníomhartha ba cheart dúinn a dhéanamh anois chun na rioscaí sin a mhaolú nó chun na deiseanna a eascraíonn astu a thapú.


Áirítear orthu sin:

- Machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh teicneolaíocht forbairt
- Todhchaí na sláinte agus an chúraim sláinte
- An chaoi a bhféadfadh an tsochaí forbairt, tionchair daonraí atá ag dul in aois ina measc
- Cúinsí geopholaitiúla agus eacnamaíocha

Bainistímid rioscaí do Vhi mar gheall ar athrú aeráide lenár gcreat bainistíochta riosca mar atá thuasluaite.

Tá caighdeáin rialaithe na bpríomhrioscaí chun tabhairt faoinár ngnó inár mbeartais. Cuireann ár n-aonaid ghnó iad sin i bhfeidhm, agus maoirsíonn na húinéirí beartais iad chun comhlíonadh a chinntiú. Tá úinéirí ainmnithe ag gach beartas ag a bhfuil ról agus freagrachtaí sainithe. Déanann ár dtimthriall bliantúil de mhonatóireacht ar rialú measúnú ar chomh maith agus a leabaítear rialú inmheánach, cleachtais bainistíochta riosca agus comhlíonadh beartais ar fud Vhi.

Saolré Bainistíochta Riosca Fiontar



Inghlacthacht Riosca

Is tomhas é ár n-inghlacthacht riosca a d’fhaomh an Bord den leibhéal riosca a bhfuilimid sásta glacadh leis inár gcuid oibre chun ár straitéis a chur i bhfeidhm. Díritear inár bpríomhráitis inghlacthachta riosca:

- An chaoi a gcaitear le custaiméirí agus fostaithe
- Bainistíocht ár láidreachta airgeadais
- Inbhuanaitheacht ár ngnó, agus
- Riosca oibriúcháin, ina measc rioscaí tríú páirtí, slándála faisnéise agus cliniciúla.

Athbhreithnítear na ráitis inghlacthachta riosca gach bliain, agus molann Coiste Riosca an Bhoird aon athrú ar na ráitis don Bhord lena bhfaomhadh.

Próifil riosca

Glacaimid le riosca mar chuid dár ngnó. Is féidir roinnt rioscaí a sheachaint, ach is dual dár samhail ghnó rioscaí eile. Tá córas éifeachtach bainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm againn chun na rioscaí sin a mhaolú.

Cothaímid caipiteal eacnamaíoch suntasach chun roinnt rioscaí is dual don ghnó a mhaolú. Léiríonn sé sin nádúr ár n-oibríochtaí agus an leibhéal riosca a bhaineann leo.

Riosca		An chaoi a mbainistimid é			
Straitéiseach					
An riosca nach mbaineann Vhi Group DAC a chuspóirí straitéiseacha amach. Cuimsíonn riosca straitéiseach an riosca is dual dár samhail straitéise agus ghnó, agus d’fhéadfadh go n-eascródh sé as cúinsí inmheánacha agus seachtracha. Áirítear leis na rioscaí reatha: Comhionannú Riosca neamhleor; boilsciú níos airde agus marbhántacht eacnamaíoch, athruithe soláthair agus éilimh sa chúram sláinte, agus tionchar athruithe reachtacha, polaitiúla, sochaíocha agus rialála i dteannta na rioscaí a bhaineann le soláthar rathúil ár gcláir athraithe.		>	Athbhreithnímid ár dtáirgí agus ár dtairiscintí go rialta chun a chinntiú go bhfuilimid fós ag soláthar luach dár gcustaiméirí, fiú i bhfianaise na ndúshlán eacnamaíoch.	Bionn béim faoi leith ag an lucht ardbhainistíochta ar fhorghníomhú athraithe agus straitéise.	Chomhtháthaíomar inbhuanaitheacht inár gCreat Bainistíochta Riosca ar fud an Ghrúpa agus leanaimid ag díriú ar riosca aeráide a leabú go hiomlán ar fud an Ghrúpa.
Airgeadas agus Caipiteal					
Rioscaí a bhféadfadh caillteanas caipitil eascairt astu agus/nó a d’fhéadfadh drochthionchar a imirt ar shócmhainneacht an ghnó, ar nós an riosca nach gcomhlíonfaí ceanglais sócmhainneachta, caillteanais airgeadais agus rioscaí cúlchiste. Áirítear leis na rioscaí reatha: éiginnteacht i gcostas agus forbairt éileamh, borradh paindéime, rioscaí airgeadais ó fhiontair nua inár straitéis athraithe, agus margaí airgeadais luaineacha.		>	Teorainneacha rioscaí sainithe, tarmligean údaráis agus monatóireacht i bhfeidhm.	Tá neamhchosaint sách íseal ar riosca cúlchiste i gcomparáid le riosca frithgheallta mar gheall ar nádúr thar a bheith gearrthéarmach ár bpatrún forbartha éileamh.	Monatóireacht dhlúth ar éilimh agus meascán gnó, agus freagairt d’imeachtaí seachtrach go pras.
Oibriúchán					
Riosca caillteanais airgeadais nó damáiste do chlú mar gheall ar phróisis, daoine nó córais inmheánacha neamhleora nó ar theip orthu a théann i bhfeidhm ar oibriúchtaí gnó Ghrúpa Vhi, ina measc cibearshlándáil, cosaint sonraí agus leanúnachas gnó, ach nach bhfuil teoranta dóibh siúd. Áirítear le rioscaí reatha: Easpa príomhscileanna, cibearshlándáil agus cosaint sonraí ag brath níos mó ar thríú páirtithe agus an leibhéal ard athraithe ar ár ngnó.		>	Próisis rialaithe riosca inmheánacha agus creata rialachais éifeachtacha a chothú de réir creat beartais soiléir a thagann lenár nInghlacthacht Riosca.	Infheistíocht chun athléimneacht córais slándála agus TF a fheabhsú agus bearta Cosanta Sonraí eile de réir mar a dhigitímid níos mó.	Maoirsiú ar thríú páirtithe a thacaíonn lenár gcroí-sheirbhísí agus ár gcroí-phróisis a chothú.
Luach agus Iompar Custaiméirí					
Is iad na rioscaí rud ar bith a bhagródh do chuspóir an ghnó caitheamh le custaiméirí go cóir agus leis an scil, an cúram agus an díograis chuí. Áirítear le rioscaí reatha: míthuiscint baill ar sheirbhísí agus comhairle agus/nó athrúchán foirne, agus cur isteach ar rochtain ar shochair árachaithe.		>	Torthaí custaiméirí córa a leabú i ndearadh agus i soláthar táirgí agus seirbhísí.	Monatóireacht ar rannpháirtíocht le custaiméirí agus soláthar agus rochtain ar sheirbhís sláinte chun tuiscint iomlán a fháil ar na tionchair ar gach cineál custaiméara agus ar thaithí gach cineáil custaiméara.	A chinntiú go ndéantar measúnú iomlán ar rioscaí i measúnuithe riosca athraithe gnó le hionchur ó shaineolaithe ar an ábhar ar fud an Ghrúpa.
Daoine agus Cultúr					
Rioscaí a mbíonn drochthionchar acu ar ár gcustaiméirí a eascraíonn den chuid is mó as iompar fostaithe agus/nó neamhchomhlíontacht le beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus/nó rialacha Vhi Group DAC. Áirítear le rioscaí reatha: neamhchosaint foirne cúraim sláinte ar thinneas sa phobal agus iomaíochas do phríomhscileanna.		>	Dul chun cinn agus monatóireacht ar fhorbairt cultúir laistigh dár straitéis daoine.	Cláir Sláinte & Folláine a chur i bhfeidhm chun tacú leis an bhfoireann.	Forbairt ar bhealaí nua oibre, luacha saothair agus bainistíochta feidhmíochta inár Straitéis Daoine.
Cliniciúil					
Riosca go ndéanfaimid díobháil a d’fhéadfaí a sheachaint d’othair trínár soláthar de sheirbhísí cúraim sláinte. Áirítear le rioscaí reatha: seirbhísí cúraim sláinte nua, ina measc seirbhísí tríú páirtí agus easpa foirne ag a bhfuil an saineolas riachtanach.		>	Tá an Príomh-Oifigeach Cliniciúil freagrach as cáilíocht agus rialachas cliniciúil laistigh den ghnó a chinntiú.	Bainistiú agus monatóireacht leanúnach ar na príomhbhearta Coisc agus Rialaithe Ionfhabhtuithe.	Monatóireacht agus bainistiú ár gcumais, inniúlachtaí agus éifeachtacht córas TF, soláthraithe, próiseas agus rialuithe a úsáidtear inár seirbhísí cúraim sláinte.

Dul Chun Cinn in 2022

Lean Vhi ag neartú ár gcur chuige i leith bainistíocht riosca i rith na bliana agus leabaigh an cumas sin níos mó sa ghnó. Léiríodh é sin i neartú ár gcultúir riosca ar fud na heagraíochta. Neartaíomar tuilleadh ár gclár leanúnach tástála riosca agus rialaithe le próisis bhunaithe comhordaithe, athbhreithnithe agus tuairiscithe i bhfeidhm. Leanamar freisin ag leabú ár dtacaíochta córais uathoibríche chun éifeachtaí inár bpróisis

a spreagadh. Tá ár gcur chuige de réir fhorbairt ár ngnó ina iomláine agus an chaoi a bhfuil rioscaí ag forbairt ar fud na cruinne. Bhí tírdhreach riosca 2022 dúshlánach, ach bhainistigh Vhi na dúshláin sin go héifeachtach agus leanann sé mar sin. Rinneadh dlúthmhonatóireacht ar an timpeallacht ar fhaitíos go raibh aon tionchar ar Vhi ar nós éilimh foirne, luaineacht phraghas an fhuinnimh agus tírdhreacha rialála athraithe.



Greg Sparks, Cathaoirleach Ainmnithe (Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách)
Ceapachán chuig an mBord: Nollaig 2014

Is bunaitheoir agus iar-chomhpháirtí RSM Farrell Grant Sparks é Greg. Mar Chuntasóir Cairte, tá taithí fairsing agus saineolas ag Greg i bpleanáil clár, i gcur i bhfeidhm agus i mbainistíocht athruithe ar fud na hearnála poiblí agus príobháidí. D’fhóin Greg ar bhord Vhi ó 2014 i leith, le linn na tréimhse sin bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta. Tá Greg ina Chathaoirleach ar Ionad Taighde SFI VistaMilk agus ar Bhord Fhondúireacht Féatais Mháithreachais na hÉireann Teo. D’fhóin sé ar Bhoird Joe Duffy Motors, Dígicel, The Irish Times agus eir. Bhí sé ina Stiúrthóir le Jigsaw, an Lárionad Náisiúnta um Mheabhairshláinte na nÓg agus ina Chathaoirleach ar Bhord Ospidéal an Choim ar feadh roinnt blianta.



Brian Walsh, POF an Ghrúpa
Ceapachán chuig an mBord: Márta 2015

Ceapadh Brian ina Phríomhfheidhmeannach Grúpa ar Vhi ar 1 Márta 2023. Ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach Grúpa eatramhach i mBealtaine 2022 tar éis dó a bheith ina Phríomhoifigeach Airgeadais in 2014. Sular thosaigh sé ag obair le Vhi, bhí ról Boird agus Feidhmiúcháin ag Brian sna seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta, sateileachumarsáid agus i dtionscail FMCG san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Tá Brian ina Chomhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann agus ina Stiúrthóir Cairte ar Institiúid na Stiúrthóirí. Tá Brian ina chathaoirleach ar Bhord SOS CLG Chill Chainnigh, eagraíocht neamhbhrabúis a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas intleachta agus uathachas.



Joyce Brennan, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin
Ceapachán chuig an mBord: Samhain 2014

Is achtúire í Joyce a bhfuil taithí fairsing aici ar ról cheannaireachta ar fud na n-earnálacha árachais agus pinsin. Tá sí ina Stiúrthóir Bainistíochta ar dhá chuideachta, laistigh de Ghrúpa Bhanc na hÉireann, a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla iontaobhaithe le haghaidh máistirphleananna pinsin iontaobhais. I measc a ról roimhe seo bhí sé mar chomhairleoir don HIA, Stiúrthóir ag KPMG agus Stiúrthóir ag Mercer. Tá Joyce ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar chuideachta idirnáisiúnta atharachais



Peter Cross, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin
Ceapachán chuig an mBord: Eanáir 2021

Tá Peter ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Trasna Corporate Finance, gnólacht comhairleach a dhíríonn go speisialta ar theileachumarsáid agus infrastruchtúr. Sular bhunaigh sé Trasna d’oibrigh sé i roinnt ról bhainistíochta shinsearach lena n-áirítear mar Phríomhoifigeach Airgeadais de chuid Eircom agus mar Phríomhoifigeach Airgeadais le BT Openreach. Cháiligh Peter mar Chuntasóir Cairte agus d’oibrigh sé san airgeadas corparáideach ag Barings agus ag Morgan Stanley. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é Peter ar chuideachtaí fuinnimh gaoithe Cubic Telecom, DAA cpt agus ar chuideachtaí fuinnimh gaoithe Arjun Infrastructure in Éirinn. Roimhe sin bhí sé ina chathaoirleach ar choistí iniúchta Ervia agus an FSS agus d’fhóin sé mar iontaobhaí ar Scéim Pinsin BT.



Mike Frazer, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin
Ceapachán chuig an mBord: Meitheamh 2020

Is achtúire é Mike a bhfuil os cionn 30 bliain taithí aige ar fud an tionscail árachais lena n-áirítear le Irish Life agus Zurich Life. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar AXA Life Invest Reinsurance agus ina Leas-Cheann ar Mhaoirseacht Árachais ag Banc Ceannais na hÉireann. Is comhairleoir é Mike leis an gcleachtas árachais William Fry Solicitors. Is Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin é Mike ar Kingfisher Insurance DAC. D’fhóin sé mar Rúnaí Oinigh agus mar chomhalta de Chomhairle Chumann na nAchtúirí in Éirinn 2018-2021.



Karen Furlong, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin
Ceapachán chuig an mBord: Eanáir 2021

Is Stiúrthóir le taithí í Karen a bhfuil taithí os cionn 30 bliain aici ar sheirbhísí airgeadais, ar theicneolaíocht airgeadais, ar sheirbhísí gairmiúla agus seachbhrabúsacha. Cuimsíonn a saineolas claochlú digiteach, straitéis, athrú, rialachas agus riosca fabhráithe óna ról i gcuideachtaí lena n-áirítear Standard Life, Educational Building Society, Prospectus Strategy Consultants, CUNA Mutual agus Allianz. Tá Karen ina Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách ar Triodos Bank UK i Bristol agus Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair don Progressive Building Society i mBéal Feirste. Fónann sí freisin ar Bhoird an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus ar Choiste Sláinte Chumann Cógaiseoirí na hÉireann.



Mary Halton, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin
Ceapachán chuig an mBord: Meitheamh 2020

Is Cuntasóir Cairte í Mary a bhfuil taithí idirnáisiúnta baincéireachta agus árachais aici a fuarthas i ról Fheidhmiúcháin, Neamhfheidhmiúcháin agus chomhairleacha. Is comhairleoir rialachais boird í a bhfuil taithí aici le taighde a foilsíodh go hidirnáisiúnta ar iompraíochtaí agus éifeachtacht an bhoird. Tá Mary ina Príomhoifigeach Airgeadais le Ei Electronics Group faoi láthair. Is Cathaoirleach Coiste Iniúchta le taithí í Mary agus d’fhóin sí ar roinnt Bord lena n-áirítear Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann, agus Bord Rialaithe Chuntasóirí Cairte Éireann. Tá sí ina ball tuata de Bhinse Cópchirt na RA faoi láthair.



Dean Holden, Ceapachán Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách
Ceapachán chuig mBord: Eanáir 2018

Is Cuntasóir Deimhnithe Cairte é Dean. Chaith sé 29 bliain le Bupa, ag fás, ag forbairt agus ag stiúradh oibríochtaí Bupa ar fud 12 tír lena n-áirítear an Spáinn agus an Araib Shádach agus le déanaí mar Stiúrthóir Bainistíochta (SB) ar Bupa na hAstráile agus na Nua-Shéalainne. Bhí roinnt ról shinsearach aige ag Bupa lena n-áirítear Rialaitheoir Airgeadais an Ghrúpa, CB Bupa de Rannán an Aigéin Chiúin agus na hÁise, SB de Rannán Idirnáisiúnta agus Rannán na Margai Idirnáisiúnta Bupa. Bhí Dean ina Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin ar Fhondúireacht Craicinn agus Ailse na hAstráile ag fónamh ar an mBord ar feadh naoi mbliana. Bhí Dean ar Bhord Achieve Together UK ar feadh dhá bhliain freisin.



An Dr Paul Zollinger-Read, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin
Ceapachán chuig an mBord: Samhain 2022

Is Dochtúir Teaghlaigh cáilithe é Paul a bhí ar thús cadhnaíochta maidir le bunú agus rolladh amach na gcéad iontaobhas Cúraim sa RA. Bhí sé ina POF ar chúig hlontaobhas Cúraim Phríomhúil SNS, ina chomhairleoir cúraim phríomhúil do Chiste an Rí agus ina Phríomhoifigeach Leighis de chuid Bupa. Is é Paul an PM do chuideachta iomháiithe diagnóiseacha agus do ghrúpa a sholáthraíonn seirbhísí cúraim d’aois. Bhí Paul ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Bupa san Araib Shádach agus ina chomhairleoir d’eagraíochtaí fóirúla DG.

Foireann Cheannaireachta Ghrúpa Vhi



Brian Walsh, Príomhfheidhmeannach an Ghrúpa

Ceapadh Brian ina Phríomhfheidhmeannach Grúpa ar Vhi ar 1 Márta 2023. Ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach Grúpa eatramhach i mBealtaine 2022 tar éis dó a bheith ina Phríomhoifigeach Airgeadais in 2014. Sular thosaigh sé ag obair le Vhi, d'oibrigh sé leis an gcuideachta bia agus comhábhair domhanda Ornua, atá lonnaithe i Los Angeles. Roimhe sin, bhí Brian i gceannas ar chiste cothromais phríobháidigh rathúil, a raibh sé mar mhisean aige infheistíocht a dhéanamh i ngnóilachtaí beaga agus meánmhéide Eorpacha agus luach a chruthú. Bhí ról Boird agus feidhmeannach airgeadais agus tráchtála aige i dtionscail idirnáisiúnta seirbhísí airgeadais, teileachumarsáide agus FMCG san Eoraip agus i SAM. Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann é Brian agus is Stiúrthóir Cairte é ar Institiúid na Stiúrthóirí. Tá céimeanna gnó iarchéime agus iarchéime aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



Amy Burke, Oifigeach Grúpa Daoine agus Inbhuanaitheachta

Is ceannaire le taithí í Amy agus í i gceannas ar an gclár oibre cultúir agus inbhuanaitheachta ag Vhi. Tá raon leathan taithí tráchtála agus feidhmiúil aici agus áirítear ar a cuid láidreachtaí claochlú straitéiseach gnó, ailtireacht chultúrtha, dearadh eagraíochtúil, bainistíocht athraithe, tallainne agus forbairt ceannaireachta. In 2022 leathnaíodh ról Amy chun freagracht iomlán as inbhuanaitheacht a chuimsiú, ceann de na príomhnithe insoláthartha straitéiseacha do Vhi Vhi. réim fiche bliain ag Amy i mBanc na hÉireann. Ag tosú le baincéireacht mhiondíola bhí roinnt ról Fheidhmiúcháin aici sular chríochnaigh sí mar Cheann Eatramhach Acmhainní Daonna do Ghrúpa Bhanc na hÉireann. Tá Baitsiléir Eolaíochta san Airgeadas ag Amy ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus is céimí í de Ross School of Business, Ollscoil Michigan



Ronan Fitzpatrick, Príomhoifigeach Faisnéise an Ghrúpa

Is Feidhmeannach TF é Ronan a bhfuil beagnach 30 bliain de thaithí aige lena n-áirítear cúig bliana taithí comhairleoireachta. Thosaigh sé le Vhi i mí an Mheithimh 2021 ó PwC Technology Consulting áit a raibh sé ina Stiúrthóir ar Digiteach. Roimhe seo bhí Ronan in Aer Lingus, áit a raibh roinnt ról aige i gcúrsaí tráchtála/gnó agus TF araon lena n-áirítear Stiúrthóir Digiteach agus Soghluaiste, agus Stiúrthóir Feidhmchláir TF Iarratas Fiontair. Tá saineolas fairsing ag Ronan i gclaochlú, ag sainiú sprioc-mhúnlaí oibriúcháin nua don ré dhigiteach, ag bunú bealaí nua oibre, ag seachadadh TF agus ag réiteach fadhbanna gnó. Tá Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht Fheidhmeach ag Ronan ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.



Martin Kelly, Oifigeach Airgeadais an Ghrúpa, FSAI FIA

Ceapadh Martin ina Oifigeach Airgeadais an Ghrúpa i mí an Mhárta 2023. Ceapadh é chuig an ról i gcáil eatramhach i mBealtaine 2022. Thosaigh Martin le Vhi mar Phríomh-Achtúire in 2013. Sular thosaigh sé ag obair le Vhi, bhí roinnt post achtúireacha ag Martin thar raon leathan réimsí, laistigh de na hearnálacha árachais saoil, neamhshaoil agus sláinte. Tá Baitsiléir Eolaíochta ag Martin sa Mhatamaitic Airgeadais agus Achtúireach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina Chomhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn ó 2007 i leith.



Aaron Keogh, Stiúrthóir Bainistíochta, DAC Vhi

Tá Aaron freagrach as ceannaireacht feidhmiúcháin CGA Vhi, a stiúran gnó Vhi a sheachadann cúram agus taithí an chustaiméara thar Chomhpháirtíochtaí Forbartha Táirge, Díolacháin, Seirbhíse, Oibríochtaí, Éilimh agus Cúraim Sláinte do 1.2 milliún ball Vhi. Bhí roinnt ról shinsearacha éagsúla ag Aaron san eagraíocht lena n-áirítear CB Cúram sláinte Vhi agus Bainisteoir Ginearálta Gnó Aonair. Is Stiúrthóir Cairte é Aaron le hInstitiúid na Stiúrthóirí agus tá MSc aige i mBainistíocht Straitéiseach ó DTU chomh maith le Baitsiléir Eolaíochtaí gCórtais Bogearraí ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann.



Adam Lyon, Oifigeach Riosca an Ghrúpa

Roimh a ról reatha, bhí Adam ina Bhainisteoir Ginearálta Luacha agus Forbartha Gnó i Friends First Life Assurance Company agus roimhe sin d'oibrigh sé i ról feidhmiúcháin sinsearacha eile i Friends First Life Assurance Company lena n-áirítear Bainisteoir Ginearálta Díolacháin Táirge agus Margaíochta, Ceann Airgeadais agus Ceann Forbartha Táirgí agus Seirbhísí Scéime Pinsean. Is comhalta é de Chumann na nAchtúirí in Éirinn agus comhalta d'Institiúid agus de Dhámh na nAchtúirí. Tá dioplóma iarchéime aige freisin i staidéir bhainistíochta ó Ollscoil Sussex agus céim sa mhatamaitic ó Ollscoil Londain.



Tim McKeown, Oifigeach Custaiméara an Ghrúpa

Tá Tim freagrach as tairiscint luach custaiméara agus othar an Ghrúpa a bhainistiú agus as gníomhaíochtaí Branda, Margaíochta agus Cumarsáide Corparáidí Vhi a threorú. Suíonn sé freisin ar Bhord Sláinte Vhi. Bhí roinnt ról feidhmiúcháin ag Tim roimhe seo ar fud na cuideachta, lena n-áirítear. Stiúrthóir Straitéise Grúpa, Stiúrthóir Forbartha Táirge & Gnó, CB Clinici Swiftcare Vhi agus Ceann na punainne árachais ghinearálta Illíne. Sular thosaigh sé ag obair le Vhi, d'oibrigh sé mar chomhairleoir bainistíochta sa Bheilg ar feadh 10 mbliana ag an gCoimisiún Eorpach agus san earnáil phríobháideach araon. Is Stiúrthóir Cairte é agus tá BA sa Pholaitíocht aige ó COBÁC agus MA i mBeartas Eorpach ó Ollscoil Luimnigh.



Francis Maguire, Oifigeach Claochlaithe an Ghrúpa

Tá Francis freagrach as ár n-athrú a threorú ar fud na heagraíochta chun seachadadh ár straitéis ghnó a chumasú. Sular thosaigh sé ag obair le Vhi, bhí roinnt post sinsearach aige maidir le hathrú agus straitéis ag ING agus Lloyds Banking Group. Tá céim san innealtóireacht mheicniúil (B.E.) aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) agus MBA ó Ollscoil Cambridge. Tá taithí fhairsing dhomhanda aige tar éis dó a bheith ag obair roimhe seo le McKinsey & Co i Londain, agus le Mitsui Kinzoku sa tSeapáin agus i SAM.



Anne O'Connor, Stiúrthóir Bainistíochta, Sláinte & Folláine

Mar CB ar Sláinte & Folláine tá Anne freagrach as seirbhísí DAC Sláinte agus Folláine a sholáthar trí líonra áiseanna cúram sláinte Vhi. Thosaigh Anne le Vhi ó FSS áit a raibh post aici mar Phríomhoifigeach Oibríochtaí. Laistigh den FSS bhí roinnt ról shinsearacha aici lena n-áirítear an Stiúrthóir Náisiúnta Meabhair-Shláinte, an Stiúrthóir Náisiúnta um Oibríochtaí Pobail agus Ard-Stiúrthóir eatramhach FSS. Bhí sí i gceannas ar fhreagra Oibriúcháin an FSS le linn na paindéime Covid-19 agus Cibearionsaí 2021. Tá Dioplóma i dTeiripe Shaothair ag Anne ó Ollscoil Learpholl, MSc i dTeiripe Shaothair ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus MSc i gCleachtas Bainistíochta ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh/Institiúid Bainistíochta na hÉireann.



An Dr Nicholas Young, Oifigeach Cúram Sláinte Grúpa

Chuaigh an Dr Nicholas Young isteach i Vhi mar stiúrthóir cliniciúil ar Ionad Sláinte Vhi 360, Carraig Mhaighin in 2020 ag bogadh isteach i ról an Phríomhoifigigh Chliniciúil i mBealtaine 2021 agus d'aistrigh go ról an Oifigigh Chúram Sláinte Grúpa in 2022. Sular thosaigh sé ag obair le Vhi d'oibrigh Young sna SA le Kaiser Permanente Washington mar an Ceannaire Cliniciúil dá Seirbhísí Cúraim Éigeandála agus Práinne. Chríochnaigh sé a oiliúint leighis i gColáiste na Tríonóide i 2001 agus d'oibrigh sé i suíomhanna cúraim chliniciúil éagsúla lena n-áirítear ranna acadúla, tráma, uirbeacha agus ranna éigeandála rochtana tuaithe/criticiúla.

Athbhreithniú PAE an Ghrúpa

Ag Vhi, táimid tiomanta do chabhrú lenár gcustaiméirí saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh agus bainfear é seo amach trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt samhail um chúram sláinte a bheidh uathúil agus comhtháite. Tá ár láidreachtaí airgeadais mar ríthábhachtach dár gcumas an misean seo a chur i gcrích.

Ó thaobh airgeadais de, ba bhliain láidir eile í 2022 ag Vhi. Sáraigh an Ollphréimh Scríofa ár gcroíghnó árachais sláinte €1.6bn den chéad uair, agus ba é fás leanúnach ár mballraíochta a ba chúis leis sin. Chuireamar fáilte roimh 23,400 custaiméir árachais sláinte breise in 2022, sa chaoi gurb é 1,177,600 líon iomlán na mball. Ba é seo an t-ochtú bliain as a chéile ar tháinig fás ar bhallaíocht árachais sláinte, fianaise faoin chaoi a bhfuil tairiscint árachais sláinte Vhi ag mealladh daoine le clárú. Ar an iomlán thaifeadh Grúpa Vhi barrachas de €34.3 milliún in 2022. Bhí sé seo níos ísle ná an bhliain roimhe, go príomha mar gheall ar an titim i luachanna margaidh ár bpunann infheistíochta agus an méadú ar líon na n-éileamh chomh maith le costais oibriúcháin agus éilimh.

Tá Vhi ann chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus thugamar gealltanais ag tús na paindéime, dá mbeadh éileamh níos ísle ná mar a bhíomar ag súil leis mar gheall ar Covid-19, go dtabharfaimis luach breise ar ais dar gcustaiméirí. Go luath sa bhliain 2022 lean tionchair na paindéime ar aghaidh ag cur isteach ar chúrsaí ó bhí srianta breise ar chustaiméirí sheirbhísí cúraim sláinte a rochtain. Ag teacht lenár ngealltanais i mí an Mhárta 2022 thugamar luach ar ais arís dár mbaill. Ba é seo an tríú tarscaoileadh préimhe ó thosaigh an phaindéim toisc gur aithníodh laghdú na n-éileamh de bharr Covid-19. San iomlán thug Vhi €450 milliún ar ais do chustaiméirí de thoradh an éilimh laghdaithe a tharla le linn na paindéime. I rith 2022 laghdaigh Vhi a phraghsanna árachais sláinte faoi 3% ar an meán, rud a léirigh an téarnamh níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis ar sheirbhísí cúraim sláinte a raibh rochtain ag ár gcustaiméirí orthu le linn na paindéime.



Sa dara leath den bhliain chonaiceamar méadú ar líon iomlán na n-éileamh, forbairt a gcuirtear fáilte roimhe de ghnáth mar go gciallaíonn sé go bhfuil ár gcustaiméirí in ann rochtain níos fearr a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte chun freastal ar a gcuid riachtanas i gcomparáid leis na dúshláin a bhí le sárú sa dá bhliain roimhe sin.

Ina theannta sin, tháinig an ‘Ghéarchéim um Chostas Maireachtála’ chun cinn in 2022, nuair a tháinig ardú mór ar an mboilsciú mar thoradh ar thosca geilleagracha agus geopholaitiúla. Tuigimid na deacrachtaí a chruthaigh sé sin do go leor dár gcustaiméirí agus táimid tiomanta do an-luach ar airgead a sholáthar sna táirgí agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil do chustaiméirí. Mar thoradh ar an ardú ar rátaí úis freisin tháinig laghdú ar luach ár bpunann infheistíochta, atá infheistithe go príomha i sócmhainní úis seasta a bhfuil ardchaighdeán acu. Mar sin féin, táimid fós muiníneach as luach bunúsach ár bpunann infheistíochta agus as a bhfuil i ndán dóibh san fhadtéarma.

Cuireann Vhi raon táirgí árachais eile ar fáil do chustaiméirí freisin agus in 2022 tháinig fás suntasach ar líon custaiméirí ár dtáirgí eile, is iad sin Vhi Dental, Vhi International, Vhi Life agus Vhi Travel. Tháinig méadú suntasach ar líon na gcustaiméirí go háirithe maidir le Vhi Travel i rith na bliana mar thoradh ar mhaolú shrianta Covid-19 ar thaisteal, agus bhí 327,000 custaiméir againn ag deireadh na bliana.


Martin Kelly, Príomhoifigeach Airgeadais Eatramhach Grúpa Vhi

Graif Chomparáideacha 2020-2022

Ballraíocht




Barrachas Tar éis Cánach



Préimh scríofa comhlán



Glantoradh Infheistíochta



Éilimh íoctha



Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

Cuireann na Stiúrthóirí an 66ú Tuarascáil Bhliantúil dá gcuid i láthair de réir alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957. Áirítear leis an tuarascáil seo Cuntais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh (Bord Vhi) agus na nótaí gaolmhara atá mar chuid de na Cuntais, agus ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán cuntasaióchta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Ráitis Airgeadais) 2015.

Príomhghníomhaíochtaí

Bunaíodh Bord Vhi faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957 chun gníomhú mar Chomhlacht Reachtúil chun árachas sláinte príobháideach a scríobh in Éirinn. Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008 chun atheagrú reachtúil Bhord Vhi a éascú. Corpraíodh Vhi Insurance DAC mar an t-aonán foscúbhaithe árachais phríobháidigh agus corpraíodh Vhi Healthcare DAC mar an t-idirghabhálaí miondíola um thairiscintí árachais phríobháidigh leighis agus eile a dhíol (“Aonáin Rialáilte”). Oibríonn Bord Vhi seirbhísí soláthair leighis freisin, lena n-áirítear Vhi 360 and Ionaid Sláinte Swiftcare, Vhi Hospital@Home, Scagthástáil Leighis Vhi agus seirbhísí sláinte agus folláine eile trína ghrúpa fochuideachtaí Vhi Health and Wellbeing.

Athbhreithniú agus torthaí gnó

Leagtar amach na torthaí comhdhlúite don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 62. Is ionann barrachas comhdhlúite Bhord Vhi i ndiaidh cánach don bhliain agus €34.3m (2021: €65.3m). Is é an chúis is mó a bhaineann leis an laghdú i mbrabús ná caillteanas €20.4m ar phunann infheistíochta €1.2 billiún an ghrúpa.

I rith 2022, lean Vhi den infheistiú i sochair agus i seirbhísí cúraim shláinte chun cabhrú le custaiméirí saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh. Dhirigh infheistíochtaí Vhi ar réitigh leighis agus cúraim shláinte a fheabhsú, ar eispéireas an chustaiméara agus an othair, agus ar mhodhanna oibre agus ar thimpeallacht comhghleacaithe. I mí Feabhra 2022, d’oscail Vhi Lárionad Sláinte Vhi 360 den chéad scoth i gCarraig Mhaighin, Baile Átha Cliath. Tá an tsaoráid seo ar thús cadhnaíochta mar shamhail nua um chúram sláinte in Éirinn, samhail a ghlacann amharc 360 de shláinte othar, folláine fisiciúil, folláine mhothúchánach agus folláine mheabhrach san áireamh.

I mí Márta 2022, thug Vhi luach breise €186m ar ais dá chustaiméirí mar aitheantas go raibh éilimh ar árachas sláinte príobháideach ní b’íse ná mar a bhíodhas ag súil leis. Bhí sé seo i gcomhréir le gealltanais Vhi gan brabús a dhéanamh as an bpaidéim dhomhanda.

Tá athbhreithniú cuimsitheach ar ghnó a rinneadh i rith na bliana le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin an Ghrúpa (POF).

Forbairtí amach anseo

Tá na Stiúrthóirí sásta le seoladh gnó na bliana agus tá siad ag súil go gcoinneofar cineál agus leibhéal na gníomhaíochta amach anseo agus leanfaidh siad d’infheistíocht a dhéanamh i gcúram sláinte agus i seirbhísí dá gcustaiméirí.

Ráiteas Comhlíonta na Stiúrthóirí

Glacaimidne, Stiúrthóirí Bhord Vhi, leis go bhfuilimid freagrach as comhlíonadh leis na dlíthe agus rialacháin infheidhme a bhaineann le hoibríochtaí gnó Bhord Vhi agus a fhochuideachtaí (“Grúpa Vhi”) a chinntiú.

Is é cuspóir Grúpa Vhi tabhairt faoi ghnó de réir fhuarlitir agus spiorad na ndlíthe, na rialachán agus na gcód ábhartha a bhaineann le rialáil agus comhlíonadh a bhfuil feidhm leo i dtaca lenár ngníomhaíochtaí rialáilte, chomh maith le beartais agus caighdeáin inmheánacha Vhi maidir le comhlíonadh, agus gníomhú go hionraic, go macánta agus go cóir i mbun plé lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara eile. Is iad luachanna Vhi ná “Ní neart go cur le chéile”, “Treoraímid ón gcroí amach ” agus “An misneach chun todhchaí nua a chruthú”.

Leagtar amach inár mBeartas um Chomhlíonadh an raon, an fhealsúnacht agus an cur chuige i leith bainistiú iompraíochta agus an riosca a bhaineann le comhlíonadh rialála laistigh de Vhi.

Táimid tiomanta do gach céim réasúnta a ghlacadh chun a chinntiú go gcomhlíonann Bord Vhi gach dlí agus rialachán ábhartha a bhaineann lenár n-oibríochtaí gnó. Ina thaobh seo, mar a éilítear le halt 225 d’Acht na gCuideachtaí, 2014, i leith na gcuideachtaí a bhfuil feidhm acu seo ina leith, dearbhaíonn na Stiúrthóirí:

- gur cuireadh ráiteas ar bheartas maidir le comhlíonadh i dtoll a chéile ina leagtar amach beartais Vhi i leith a chuid oibleagáidí sainithe a chomhlíonadh;
- go bhfuil socruithe agus struchtúir i bhfeidhm atá saincheaptha lena chinntiú go bhfuil Vhi ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí ábhartha go hábhartha; agus
- gur athbhreithníodh na socruithe agus struchtúir sin sa bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022.

Áirítear leis na socruithe rialachais atá glactha ag Grúpa Vhi:

- struchtúr eagraíochtúil soiléir;
- línte freagracha dea-shainithe, comhsheasmhacha agus trédhearcacha;
- próisis éifeachtacha chun rioscaí a bhfuilimid fágtha gan chosaint orthu, nó a bhféadfaimis a bheith fágtha gan chosaint orthu, a shainithint, a bhainistiú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú;
- meicníochtaí imleora rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear nósanna imeachta fóna riaracháin agus cuntasaióchta;
- córais agus rialuithe TF; agus
- beartais agus cleachtais i dtaca le luach saothair atá comhsheasmhach le bainistíocht riosca fóna agus éifeachtach agus a chuireann chun cinn í.

Rialú Corparáideach

Tá Grúpa Vhi tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a choinneáil. Tá struchtúr boird agus coiste i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar gach gné de ghníomhaíochtaí Ghrúpa Vhi. Is é Bord Vhi atá freagrach ar deireadh as maoirsiú a dhéanamh ar iompar agus feidhmíocht Ghrúpa Vhi. Leagann Bord Vhi amach na paraiméadair straitéiseacha, na paraiméadair um bainistíocht riosca agus na paraiméadair chultúrtha do Ghrúpa Vhi agus cruthaíonn an Bord cuntasacht maidir leis na paraiméadair seo go léir. Tá freagracht iomlán ar an mBord as a ghnó a dhéanamh mar chuideachta shealbháíochta, as comhlíonadh lena oibleagáidí dlíthiúla agus rialála a chinntiú agus as maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh straitéis Ghrúpa Vhi trína ghnólachtaí um árachas sláinte agus seirbhísí sláinte a sholáthar.

Ceanglaítear ar Bhord Vhi cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna athbhreithniú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le linn 2016 (an ‘Cód Stáit’). Tá bearta curtha i bhfeidhm ag na Stiúrthóirí maidir le cloí le Cód an Stáit, lena n-áirítear comhaontú leis an Roinn Sláinte roinnt nochtuithe riachtanacha áirithe a chur san áireamh i dTuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh ar an mBord Árachais Sláinte Shaorálaigh, tuarascáil a eisítear chuig an Aire Sláinte ar bhonn bliantúil.

Ceanglaítear ar VHI Insurance DAC mar ghnóthas árachais neamhshaoil údaraithe, Riachtanais Rialachais Chorparáidigh Bhanc Ceannais na hÉireann do Ghnóthais Árachais 2015 a chomhlíonadh. Dearbhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil ceanglais na gcód rialachais chorparáidigh a bhaineann le Vhi agus lena fhochuideachtaí á gcomhlíonadh.

Déanann Bord Vhi maoirseacht ar an mbainistiú a dhéantar ar ghnó agus cúrsaí na bhfochuideachtaí ionas nach bhfuil cumhachtaí ná rialú gan srian ag duine aonair ar bith ar Ghrúpa Vhi agus ionas gur féidir cuspóir straitéiseach Ghrúpa Vhi a bhaint amach. Forchoimeádann Bord Vhi príomhchúrsaí áirithe dó féin agus déanann sé príomhchúrsaí eile a tharmligean (laistigh de theorainneacha sonracha) do Choistí Boird agus do POF an Ghrúpa. Tá sé leagtha amach i dTearmaí Tagartha Bhord Vhi na cinntí ar leith atá le forchoimeád ag an mBord agus na cumhachtaí cinnteoireachta a roghnaigh an Bord a tharmligean. Cumhdaíonn freagrachtaí Bhord Vhi na réimsí seo a leanas: maoirsiú airgeadais; struchtúr agus caipiteal; luachanna, straitéis agus bainistíocht; comhaltas Boird, ceapacháin Bhoird agus cur as oifig; daoine agus cultúr; beartais an Bhoird; tuairisciú agus rialuithe airgeadais; rialuithe inmheánacha; bainistiú riosca; luach saothair; rialachas corparáideach; agus cúrsaí clú. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú in 2021 ar chúrsaí forchoimeáda Bhord Vhi i ngach ceann de na réimsí sin mar chuid den athbhreithniú ar rialachas, agus rinneadh athbhreithniú eile orthu in 2022 mar chuid de thimthriall bliantúil an athbhreithnithe.

Le linn 2022, rinne Bord Vhi athbhreithniú agus athleasú ar Théarmaí Tagartha an Choiste Luacha Saothair agus an Choiste Ainmniúcháin. Rinneadh sainchúram an Choiste Ainmniúcháin a leathnú chun rialachas a chumhdach agus tugtar an Coiste Ainmniúcháin & Rialachais air anois.

Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird, agus as comhairle a chur ar Bhord Vhi, tríd an gCathaoirleach, maidir le cúrsaí rialachais go ginearálta.

An Bord Stiúrthóirí

Tugtar liosta de Stiúrthóirí Bhord Vhi amhail an 31 Nollaig 2022 ar leathanach 43 agus sa tábla thíos. Is dhá ról éagsúla iad ról an Chathaoirligh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh. Ceapann an tAire Sláinte na Stiúrthóirí ar fad. Tháinig an Bord le chéile 12 uair le linn 2022. Seoltar páipéir an Bhoird chuig gach comhalta i ndóthain ama roimh chruinnithe. Cuirtear oiliúint agus treoir chuí ar fáil do gach Stiúrthóir nuair a cheaptar chuig Bord Vhi iad, agus cuirtear oiliúint bhreise ar fáil i rith na bliana, de réir mar is gá. In 2022, cuireadh oiliúint ar fáil sna réimsí seo a leanas: inbhuanaitheachta, an timpeallacht reatha eacnamaíoch, InsurTech agus athléimneacht oibriúcháin. Féadfaidh na Stiúrthóirí comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil. Bíonn fáil ag gach Stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta agus tá clúdach árachais dlíteanais Stiúrthóra i bhfeidhm. Le déanaí, tá Bord Vhi tar éis tabhairt faoi mheasúnú inmheánach ar a fheidhmíocht don bhliain 2022 agus pléadh na torthaí ag cruinniú mhí an Mhárta.

Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022 ar lean

Tinreamh Comhaltaí Boird agus Comhaltaí Coistí Boird ar Chruinnithe a bhí ar siúl i rith na bliana airgeadais 2022:

	Bord		An Coiste Iniúcháireachta		An Coiste Ainmniúcháin & Rialachais		An Coiste um Luach Saothair		An Coiste Riosca	
	A	B	A	B	A	B	A	B	A	B
Paul O’Faherty	11	11 [•] & [▲]			6	6 [*]	11	9		
Joyce Brennan	12	10							7	7 [*]
Peter Cross	12	12	5	5					7	7
Mike Frazer	7	6							7	7
Karen Furlong	12	12			7	7	12	12		
Mary Halton	12	12	5	5 [*]						
Dean Holden	12	12	5	5	7	5	12	12 [*]		
Finbar Lennon	5	5 [▲]	1	0	1	1	2	2		
Paul Zollinger-Read	1	1 [■]							1	0
Greg Sparks	12	12								
Declan Moran	3	3 [▲]					4	2	2	2
Brian Walsh	8	8					8	4	5	5

*Cathaoirleach an Choiste •Cathaoirleach an Bhoird ▲D’éirigh as an mBord in 2022 ■Ceaptha chun an Bhoird in 2022

Ag deireadh 2022, bhí naonúir comhaltaí ar Bhord Vhi, formhór díobh (8) ina Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleácha agus stiúrthóir feidhmiúcháin amháin (1). Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí trí fholúntas ar an mBord i ndiaidh éirí as Finbar Lennon ar an 14 Márta 2022, éirí as an POF Eatramhaigh Declan Moran ar an 30 Aibreán agus éirí as an Chathaoirligh, Paul O’Faherty ar an 30 Samhain. Ceapadh Paul Zollinger-Read ar an 4 Samhain 2022. Tá Bord Vhi den tuairim go ligeann a chomhdhéanamh dó a chuspóirí straitéiseacha agus aon cheanglas rialála infheidhme a chomhlíonadh.

Colún A: Líon na gcrúinnithe ar fhreastail sé/sí orthu le linn na bliana ina raibh an Stiúrthóir ina c(h)omhalta den Bhord agus/nó ina c(h)omhalta den choiste agus é/í cáilithe chun a bheith i láthair.

Colún B: Líon na gcrúinnithe ar a bhfreastalaíodh.

Coistí Boird

Bhunaigh Vhi Coistí agus tugann sé údarás do na Coistí sin tabhairt faoi obair áirithe thar a cheann. Is ar Bhord an Ghrúpa atá an t-údarás cinnteoireachta deiridh, áfach, agus tá Bord an Ghrúpa freagrach as na cinntí go léir a dhéantar. Tá Bord an Ghrúpa tar éis údarás a tharmligean do roinnt Coistí agus do POF an Ghrúpa a fheidhmíonn thar ceann Bhord an Ghrúpa i ndáil le cúrsaí áirithe. Tá Téarmaí Tagartha mionsonraithe ag gach Coiste a chuireann ról agus staid an choiste sa chreat rialachais in iúl. Déanann na Coistí athbhreithniú bliantúil ar na Téarmaí Tagartha chun oiriúnacht leanúnach a chinntiú. Déanann Bord an Ghrúpa iad a fhaomhadh agus tá fhaomhadh Bhord an Ghrúpa ag teastáil chun athrú ábhartha a dhéanamh orthu. Rinne an Bord Téarmaí Tagartha athbhreithnithe a fhaomhadh do Choiste Riosca an Ghrúpa agus do Choiste Iniúcháireachta an Ghrúpa in 2022. Rinne Bord an Ghrúpa Téarmaí Tagartha nua a fhaomhadh do Choiste Luach Saothair an Ghrúpa agus do Choiste Ainmniúcháin agus Rialachais an Ghrúpa in 2022 freisin.

Coiste Iniúcháireachta an Ghrúpa

Bhunaigh Bord Vhi Coiste Iniúcháireachta chun cabhair a thabhairt ó thaobh a chuid freagrachtaí a chur i gcrích.

Tagann an Coiste Iniúcháireachta le chéile cúig huaire sa bhliain. I ndiaidh éirí as Finbar Lennon ar an 14 Márta 2022, bhí triúir comhaltaí ar an gCoiste amhail an 31 Nollaig 2022; Mary Halton (Cathaoirleach), Peter Cross agus Dean Holden, ar Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleácha gach duine díobh.

Is é príomhfheidhm Choiste Iniúcháireachta an Ghrúpa tacú le Bord Vhi ina mhaoirsiú ar oiriúnacht tuairisciú airgeadais Ghrúpa Vhi agus ar éifeachtúlacht foriomlán na rialuithe inmheánacha ar fud Ghrúpa Vhi. Leathnaíonn freagrachtaí an Choiste go tuairisciú airgeadais agus rialála, rialuithe inmheánacha, iniúcháireacht sheachtrach, iniúcháireacht inmheánacha, nochtuithe cosanta, bearta frithchalaíse agus frith-éilitheachta. Tugtar achoimre thíos ar na príomhfhreagrachtaí:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar shláine ráitis airgeadais Ghrúpa Vhi lena n-áirítear gach tuarascáil bhliantúil agus tuarascáil eatramhach a fhoilsítear, ag féachaint do chúrsaí a chuireann an t-iniúcháir seachtrach in iúl dó;

- Breithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtúlacht, leordhóthanacht, raon agus cur chun feidhme, agus comhlíonadh iomlán le córas rialuithe inmheánacha Ghrúpa Vhi;
- Monatóireacht a dhéanamh ag an mBainistíocht maidir le moltaí ó iniúchtaí inmheánacha, iniúchtaí seachtracha nó athbhreithnithe eile ar rialuithe a chur chun feidhme;
- Athbhreithniú agus moladh a dhéanamh do Bhord Vhi maidir leis an bplean iniúcháireachta seachtraí, ag cinntiú go bhfuil sé ag teacht le raon na hoibre iniúchta;
- Faomhadh a dhéanamh ar an bplean Iniúcháireachta Inmheánaí agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus leordhóthanacht na feidhme Iniúcháireachta Inmheánaí ionas go bhfuil go leor acmhainní aici, go bhfuil sí neamhspleách mar is cuí, agus go bhfuil stádas iomchuí aici laistigh de Ghrúpa Vhi;
- Bord Vhi a chur ar an eolas faoi fhorbairtí suntasacha le linn a dhualgas.

Coiste Luach Saothair an Ghrúpa

Is é príomhfheidhm Choiste Luacha Saothair an Ghrúpa ná tacú le Bord Vhi a chinntiú go bhfuil fealsúnacht fhoriomlán Ghrúpa Vhi maidir le luach saothar agus dearadh agus struchtúr beartas luacha saothair Ghrúpa Vhi i gcomhréir le agus ag teacht le feidhm, luachanna agus cuspóirí straitéiseacha Ghrúpa Vhi. Cé go bhfuil POF an Ghrúpa freagrach as straitéis éifeachtach a chinntiú maidir le bainistiú daoine chun cuspóirí straitéiseacha Ghrúpa Vhi a chumasú, déanann an Coiste maoirseacht ar na feidhmeanna seo agus feidhmíonn sé breithiúnas neamhspleách ar chúrsaí luacha saothair. Leathnaíonn freagrachtaí an Choiste go maoirseacht a dhéanamh ar luach saothair POF an Ghrúpa agus na bhFeidhmeannach, ar shocruithe foirceanta agus scarúna, agus ar dhaoine agus cultúr.

Tá triúr comhaltaí ar Choiste Luach Saothair an Ghrúpa faoi láthair, beirt díobh ina Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleácha. Is iad Dean Holden (Cathaoirleach), Karen Furlong agus Brian Walsh na comhaltaí reatha. Tá folúntas amháin ar an gCoiste.

Coiste Ainmniúcháin agus Rialachais an Ghrúpa

Is é príomhfheidhm Choiste Ainmniúcháin agus Rialachais an Ghrúpa ná tacaíocht a thabhairt do Bhord Vhi maidir le cinntí a bhaineann le comhdhéanamh boird agus coistí Vhi Group DAC agus a fhochuideachtaí trí thograí agus moltaí maidir le ceapacháin bhoird agus choiste, athnuachan agus pleanáil comharbais chun an bhoird a chur ar fáil do Bhord Vhi. Chomh maith leis sin, tacaíonn an Coiste le Bord Vhi maidir le feidhmeannaigh shinsearacha a cheapadh agus maidir le Feidhmeanna Rialaithe Réamhcheadaithe, chomh

maith le pleanáil comharbais agus bainistíocht feidhmíochta i gcás feidhmeannaigh sinsearacha. Cé go bhfuil POF an Ghrúpa freagrach as fóireann a earcú agus a choinneáil, as straitéis éifeachtach a chinntiú maidir le bainistiú daoine chun cuspóirí straitéiseacha Ghrúpa Vhi a chumasú, agus as pleanáil comharbais éifeachtach a chinntiú, déanann an Coiste maoirseacht ar na feidhmeanna seo agus feidhmíonn sé breithiúnas neamhspleách ar chúrsaí bainistíochta feidhmíochta agus ar cheapacháin shinsearacha. Tacaíonn an Grúpa freisin le Bord Vhi maidir le maoirsiú a dhéanamh ar oiriúnacht shocruithe rialachais foriomlán Ghrúpa Vhi, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme clár Inbhuanaitheachta Ghrúpa Vhi.

Tá beirt chomhaltaí ar Choiste Ainmniúcháin agus Rialachais an Ghrúpa faoi láthair, Karen Furlong agus Dean Holden, agus is Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleácha beirt iad. Tá folúntas ann faoi láthair le haghaidh Cathaoirligh, agus líonfar é a luaithe is a cheapfar Cathaoirleach an Bhoird.

Coiste Riosca an Ghrúpa

Is é feidhm Choiste Riosca an Ghrúpa tacú le Bord Vhi maidir lena fhreagracht a chinntiú go bhfuil creat éifeachtach um bainistíocht riosca agus comhlíonadh i bhfeidhm mar chuid de rialachas corparáideach éifeachtach foriomlán Ghrúpa Vhi. Leathnaíonn freagrachtaí an Choiste chun bainistíocht riosca, comhlíonadh, cosaint sonraí agus slándáil faisnéise a chumhdach. Tugtar achoimre thíos ar na príomhfhreagrachtaí:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an bhforbairt agus cothabháil leanúnach a dhéantar ar Chreat Bainistíochta Riosca a chuirfear i bhfeidhm ar fud an fhiontair i gcomhréir le cineál, scála agus castacht rioscaí Ghrúpa Vhi, agus idirchaidreamh á dhéanamh ar bhonn rialta leis an bPríomh-Oifigeach Riosca chuige sin;
- Féinmheasúnú Riosca a dhéanamh ar bhonn bliantúil, agus Ráiteas Grúpa um Inghlacthacht Riosca atá ag teacht le rioscaí, straitéis, cuspóirí, cultúr agus luachanna Ghrúpa Vhi a athbhreithniú, a thriail agus a mholadh do Bhord Vhi lena fhaomhadh;
- Athruithe ar bith a dhéantar ar shainchúram na Feidhme Bainistíochta Riosca mar a leagtar amach sa Bheartas & Creat Bainistíochta Riosca de réir mar is cuí, lena n-áirítear Plean Monatóireachta na Feidhme Bainistíochta Riosca, a athbhreithniú agus a mholadh do Bhord Vhi lena fhaomhadh;
- Cultúr an chomhlíonta a chur chun cinn ar fud Ghrúpa Vhi, agus tacaíocht a thabhairt do na cuspóirí a bhaineann le cultúr atá custaiméirlárnach a chothú ar fud Ghrúpa Vhi;

Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022 ar lean

- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht ghníomhaíochtaí comhlíontachta rialála na Bainistíochta ar fud an Ghrúpa, agus athbhreithniú a dhéanamh ar phlean comhlíontachta bliantúil na Feidhme Comhlíontachta agus é a mholadh do Bhord Vhi lena fhaomhadh;
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis na Bainistíochta maidir le cosaint sonraí, slándáil faisnéise agus rioscaí gaolmhara lena n-áirítear maidir le comhlíonadh le hoibleagáidí gaolmhara.

Tá cúigear comhaltaí ar Choiste Riosca an Ghrúpa faoi láthair, ceathrar díobh ina Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleácha. Ceapadh Brian Walsh chun an Choiste ón 5 Bealtaine agus ceapadh Paul Zollinger-Read chun an Choiste ón 4 Samhain. Is iad Joyce Brennan (Cathaoirleach), Peter Cross agus Mike Frazer na comhaltaí eile.

Rialú Inmheánach

Thug Bord Vhi éifeacht do mholtaí Rialaithe Inmheánaigh arna n-eisiúint ag Banc Ceannais na hÉireann: Treoir do Stiúrthóirí i leith na gCeanglas Rialachais Chorporáidigh do Ghnóthais Árachais 2015 i ndáil le Vhi Insurance DAC, mar aon leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus as a éifeachtúlacht a athbhreithniú, agus tacaíonn cruinnithe rialta den Choiste Iniúcháireachta leo an fhreagracht seo a chomhlíonadh. Tá an fhreagracht as cur i bhfeidhm an chórais sin tarmligthe acu don Bhainistíocht Feidhmiúcháin ó lá go lá.

Soláthraíonn an córas rialaithe inmheánaigh ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán, go bhfuil na sócmhainní á gcosaint ó úsáid nó ó dhiúscairt neamhúdaraíthe agus go bhfuil taifid chuntasaíochta chuí á gcoimeád agus gurb iontaofa í an fhaisnéis arna soláthar leo, le haghaidh úsáid inmheánach agus foilsíú araon. Tá an Bord sásta go bhfuil córas fóna um rialú inmheánach i bhfeidhm.

Is iad príomhghnéithe an chórais:

- Ullmhaíonn an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaigh plean Iniúchta Inmheánaigh agus déanann an Coiste Iniúcháireachta é a fhaomhadh. Tuairiscíonn Iniúcháireacht Inmheánach don Choiste Iniúcháireachta ar bhonn leanúnach;
- Beartais, nósanna imeachta agus struchtúir fhoirmiúla eagraíochtúla lena dtacaítear le timpeallacht rialaithe láidir;
- Cuirtear sraith chuimsitheach faisnéise bainistíochta agus táscairí feidhmíochta i dtoll a chéile gach mí. Dá bharr sin bítear in ann monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn le hais cuspóirí

- níos fadtéarmaí agus ar bhuiséid bhliantúla, treochtaí a mheas agus gníomhú i ndáil le hathraitheis. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha níos fadtéarmaí agus déantar iad a nuashonrú go rialta;
- Áirítear leis an straitéis gnó, leis an bpleanáil agus leis an bpróiseas buiséadta anailís ar na mór-rioscaí gnó a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht. Is próiseas leanúnach é measúnú riosca ar a leagann an Bord béim mhór;
 - Déantar nósanna imeachta cuntasaiochta a dhoiciméadú, timthriallta idirbheart a shainiú, cláir ama chuntasaíochta a mhionsonrú, comhéadain uathoibríocha a rialú, próisis athbhreithnithe agus réitigh a chur i bhfeidhm, dualgais a scaradh agus teorainneacha údaraíthe a sheiceáil; agus
 - Leithdháileadh freagracht i ndáil le gach mórfheidhm ghnó do chomhaltaí foirne a bhfuil taithe agus cáilíochtaí acu;

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Tá leibhéil luacha saothair bliantúla an Chathaoirligh agus na Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleácha go léir leagtha síos ag an Rialtas ag €31,500 agus €15,750 faoi seach, le héifeacht ón 1 Eanáir 2015. Ní fhaigheann na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin táille Bhoird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh cuntais Bhord Vhi ar bhonn gnóthas leantach agus shásaigh na Stiúrthóirí iad féin go mbeidh dóthain acmhainní ag Bord Vhi chun leanúint ar aghaidh ag oibriú agus chun freastal ar riachtanais sócmhainneachta don todhchaí intuartha. Agus iad ag teacht ar an tuairim sin, measann na Stiúrthóirí gur cuí é sin a dhéanamh ar an mbonn go n-ullmhaítear réamhaisnéisí do bhlianta todhchaí a chuireann athruithe réasúnta intuartha ar fheidhmíocht trádála san áireamh. Measúnuithe ar thástálacha struis, struchtúir láidre rialachais a bheith i bhfeidhm, torthaí oibriúcháin sásúla agus seasamh caipitil sásúil i gcaitheamh 2022, chuir siad sin a thuilleadh leis an measúnú sin.

Príomhrioscaí agus príomh-éiginnteachtaí

Socraíodh príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí Ghrúpa Vhi trí mheasúnú a dhéanamh ar rioscaí ionchasacha airgeadais, straitéiseacha, oibriúcháin, cliniciúla, iompair agus luacha do chustaiméirí, agus rioscaí do dhaoine agus do chultúr. Déantar leibhéil lamháitais riosca Ghrúpa Vhi a thaifeadadh sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca arna fhaomhadh ag an mBord Stiúrthóirí.

Déanann Foireann Ceannaireachta an Ghrúpa monatóireacht agus bainistíocht ar phríomhrioscaí Vhi agus tuairiscítear iad don Bhord Stiúrthóirí ar bhonn rialta. Tugtar achoimre orthu thíos.

Rioscaí Straitéiseacha

Is éard atá i riosca straitéiseach ná an riosca nach mbainfidh Vhi Group DAC a chuspóirí straitéiseacha amach. Cumhdaíonn an riosca straitéiseach an riosca bunúsach inár samhail straitéiseach agus ghnó agus d’fhéadfadh sé teacht as gnéithe inmheánacha agus gnéithe seachtracha. I measc na rioscaí seo, tá:

a. Rioscaí a bhaineann le Comhionannú Riosca nach leor é.
Is próiseas é comhionannú riosca a bhfuil d’aidhm aige costais éileamh na mball polasaí a mbaineann riosca sláinte níos airde leo a leathadh i measc na rannpháirtithe go léir i margadh an árachais sláinte phríobháidigh. Ní dhéanann an Scéim um Chothromú Riosca in Éirinn ach páirtchothromú ar na difríochtaí suntasacha i bpróifíil riosca atá ann idir na hárachóirí iomaíocha. Cruthaíonn sé míbhuntáiste iomaíoch d’árachóirí a chlúdaíonn sciar díreireach de na baill pholasaí a mbaineann riosca sláinte níos airde leo, agus tá rioscaí ann dá réir do chaipiteal, do luach agus d’inbhuanaitheacht.

b. Rioscaí a bhaineann le hathruithe i soláthar agus éileamh ar chúram sláinte príobháideach.
Mar thoradh ar dhaonra atá ag dul in aois agus brúnna ar acmhainn i gcúram sláinte, go speisialta sa chás go n-aistríonn an tseirbhís sláinte poiblí othair go saoráidí príobháideacha, bíonn éileamh níos mó ar chóir leighis agus riosca go mbeidh costais níos airde i gceist, rochtain laghdaithe agus inacmhainneacht níos ísle i gceist do shealbhóirí polasaithe árachais leighis phríobháidigh.

c. Rioscaí ó athruithe reachtaíochta, polaitiúla, sóisialta agus rialála.
Tá rioscaí ann go bhféadfadh athruithe reachtaíochta nó rialála, nó tionchar athruithe polaitiúla nó sóisialta (mar shampla, táillí in ospidéal phoiblí do shealbhóirí árachas leighis phríobháidigh agus forbairtí le Sláintecare) a imríonn tionchar ar fheidhmiú na margaí árachais leighis phríobháidigh agus seirbhísí cúraim sláinte. D’fhéadfadh costais mhéadaithe nó cur isteach eile ar an margadh tarlú dá bharr sin.

d. Boilsciú níos airde agus marbhántacht eacnamaíoch.
Tá éiginnteacht shuntasach ann maidir le boilsciú amach anseo agus an riosca go mbeidh sé seo daingnithe sa gheilleagar, rud as a dtiocfaidh rátaí úis níos airde agus gníomhaíocht eacnamaíocht níos ísle, agus an tionchar a bheidh aige dá réir ar ioncam indiúscartha tomhaltóirí agus ar iompar caiteachais.

e. Rioscaí a bhaineann le seachadadh rathúil ár gcláir um chlaohlú.
Tá infheistíocht shuntasach á déanamh ag Grúpa Vhi ár dtairiscint cúraim sláinte a athrú ó bhonn dár mbaill. Is príomhfhócas dár ngníomhaíocht bainistíochta riosca ná bainistiú a dhéanamh ar

na rioscaí do sholáthar rathúil, tráthúil agus éifeachtach an chláir seo um chlaohlú.

Rioscaí Airgeadais agus Caipitil

Is éard atá i rioscaí airgeadais agus caipitil ná na rioscaí sin a d’fhéadfadh caillteanas caipitil teach astu agus/nó a chuireann isteach ar bhealach diúltach ar shócmhainneacht an ghnólachta, amhail an riosca nach gcomhlíonfaí ceanglais um shócmhainneacht rialála, caillteanais airgeadais agus rioscaí maidir le cúlchistí. I measc na rioscaí seo, tá:

- f. Margaí luaineacha airgeadais.**
Tá Grúpa Vhi neamhchosanta ar raon rioscaí maidir lena phunann infheistíochta. Áirítear orthu sin:
- Riosca margaidh nuair nach bhfuil na laghduithe ar luachanna infheistíochta ar aon dul le hathruithe ar luach ár ndlíteanas. Téann rioscaí geopholaitiúla agus maicreacnamaíocha amhail boilsciú ginearálta tomhaltóirí i bhfeidhm ar riosca margaidh;
 - Riosca creidmheasa nuair a theipeann ar ár gcontrapháirtithe a n-oibleagáidí uile nó cuid díobh a chomhlíonadh; agus
 - Riosca leachtachta nuair a bhíonn neamhréir idir an t-am a ndéantar íocaíochtaí agus acmhainní airgid a bheith ar fáil.

Infheistíonn Grúpa Vhi go príomha in urrúis fiachais atá ar ardchaighdeán a dtagann a dtéarma le cineál gearrthéarmach ár ndlíteanas, de réir beartais infheistíochta stuama a chuireann an lucht bainistíochta i bhfeidhm, a ndéanann an Coiste Infheistíochta monatóireacht orthu agus a ndéanann an Bord a fhaomhadh.

g. Neamhchinnteacht i gcostas agus forbairt éileamh.
Tá Grúpa Vhi neamhchosanta ar an riosca nach mbeadh praghas na bprémheanna nó a chúlchistí éileamh ag teacht le déine, le minicíocht ná le huainiú na n-éileamh. Bíonn neamhchinnteacht níos airde ann ó thaobh costas éilimh a fhorbairt nuair a bhíonn boilsciú leighis ag dul i méid agus nuair a chuirtear isteach ar sholáthar cúraim sláinte phríobháideach mar a tharla de dheasca rabhartaí na paindéime agus brúnna ar an gcóras cúraim sláinte poiblí agus toisc go raibh leas á bhaint as acmhainn cúraim sláinte phríobháidigh le haghaidh cóir leighis sa chóras poiblí.

h. Rabhartaí na paindéime.

Leanaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar na rioscaí seo de réir mar a athraíonn na cúinsí agus cuirimid bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnimid custaiméirí i gcroílár ár ngnó. Cruthaíonn cur isteach ar chúram sláinte poiblí agus príobháideach rioscaí do Ghrúpa Vhi sa bhreis ar luaineacht costais éilimh toisc go gcuireann rabhartaí isteach ar infhaighteacht foirne.

Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022 ar lean

i. **Rioscaí airgeadais ó fhiontair nua inár straitéis um chlaochlú.**

I dtimpeallacht dhúshlánach maireacnamaíoch agus aistrithe suntasacha i soláthar cúraim sláinte, rudaí a d’fhéadfadh tarlú mar thoradh ar athruithe polaitiúla, athruithe rialála nó athruithe i mbeartas sláinte poiblí, d’fhéadfadh méadú teacht ar na costais nó d’fhéadfadh sé a bheith níos deacra cuspóirí airgeadais ár straitéis um chlaochlú a bhaint amach.

Rioscaí Oibríochtúla

Is éard atá i rioscaí oibríochtúla ná na rioscaí a bhaineann le caillteanas airgeadais nó damáiste clú a tharlaíonn mar thoradh ar phróisis, daoine nó córais inmheánacha a dteipeann orthu agus a chuireann isteach ar oibríochtaí gnó Ghrúpa Vhi, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, cibearshlándáil, cosaint sonraí agus leanúnachas gnó. I measc na bpríomhrioscaí, tá:

j. **Cibearshlándáil agus riosca i dtaca le cosaint sonraí.**

Is ríthábhachtach do Ghrúpa Vhi sonraí ár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara eile a chosaint. Tuigeann Grúpa Vhi go bhfuil cibearchoirpigh ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí agus go bhfuil ionchais mhéadaitheacha ag custaiméirí go mbeidh réitigh teicniúla ar fáil. Tá baol ann nach mbeidh Grúpa Vhi ag súil go hiomchuí le hionchais athraitheacha maidir le teicneolaíocht faisnéise agus athléimneacht oibriúcháin. Leathnaíonn an bainistiú a dhéantar ar rioscaí oibríochtúla chuig an tseirbhís a fhaigheann Vhi ó thríú páirtithe agus cuirtear san áireamh ardleibhéal an athraithe inár ngnó.

k. **Ganntanas príomhscileanna**

In go leor margaí, bíonn dúshlán ó thaobh fórsa saothair de, go speisialta in earnálacha ardoilte, a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar ár gcumas seirbhísí a sheachadadh.

Rioscaí maidir le hIompar agus Luach do Chustaiméirí

Is éard atá i rioscaí maidir le hIompar agus luach do chustaiméirí ná rud ar bith a bhagródh cuspóir an ghnólachta go gcaithfear go cothrom le custaiméirí agus leis an scil, cúram agus díograis iomchuí. I measc na rioscaí seo, tá:

l. **Míthuiscint ag baill ar sheirbhísí agus comhairle.**

Tagann méadú ar an riosca go mbainfidh díobháil nó torthaí míchothroma dár gcustaiméirí mar thoradh ar ár n-iompar nuair a bhíonn seirbhísí nua á dtabhairt isteach, nó nuair a athraímid an bealach a dhéanaimid idirchaidreamh le custaiméirí (lena n-áirítear tuilleadh idirchaidreamh ar líne).

m. **Cur isteach ar an rochtain ar shochair árachais.**

An riosca nach gcomhlíonaimid ionchais réasúnta ár gcustaiméirí maidir le rochtain ar shochair táirge. D’fhéadfadh sé sin tarlú,

mar shampla, mar thoradh ar acmhainn foirne i seirbhísí Vhi um chúram sláinte nó tréimhsí feithimh le haghaidh cóir leighis phríobháideach, rudaí a dtéann na forbairtí a chuireann isteach ar an bpobal cúraim sláinte i gcoitinne i bhfeidhm orthu.

Rioscaí maidir le Daoine agus Cultúr

Rioscaí a mbíonn drochthionchar acu ar ár gcustaiméirí a eascraíonn den chuid is mó as iompar fostaithe agus/nó neamhchomhlíontacht le beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus/nó rialacha Vhi Group DAC.

n. **Iomaíocht chun príomhscileanna a fháil.**

Tá ardíomaíocht ann chun teacht ar phríomhscileanna agus cuireann sé sin leis an riosca nach mbeimid in ann feabhsúcháin a chur i bhfeidhm ag an luas is fearr linn ar sheirbhísí ardchaighdeáin dár gcustaiméirí.

o. **Nochtadh na foirne cúraim sláinte ar bhreuiteacht sa phobal.**

Tá sláinte agus sábháilteacht ár gcustaiméirí ina cuid thábhachtach dár gcumas seirbhísí a sheachadadh do chustaiméirí.

Rioscaí Cliniciúla

Is éard atá i rioscaí cliniciúla ná an riosca go dtarlaíonn díobháil inchoiscthe d’othair mar thoradh ar na seirbhísí cúraim sláinte a sholáthraímid. Chun riosca cliniciúil a bhainistiú ina chuid oibríochtaí Sláinte agus Folláine, cuireann Grúpa Vhi cultúr sármhaitheasa chun cinn maidir le heispéireas agus sábháilteacht othar agus custaiméirí, lena gcuirtear oiliúint ar ár gclíniceoirí de réir sainchaighdeán agus lena bhfuil ár seirbhísí agus ár n-áiseanna cliniciúla creidiúnaithe ag cláir chreidiúnaithe idirnáisiúnta. Díríonn bainistíocht agus monatóireacht ar riosca cliniciúil ar thorthaí othar, ar shábháilteacht othar, ar rialú ionfhabhtuithe, ar bhainistíocht cógas, ar aiseolas ar eispéireas othar agus ar othar atá ag dul in olcas a bhainistiú. Tá prionsabal an chúraim do chustaiméirí agus caighdeáin arda cáilíochta cliniciúla ríthábhachtach agus ár seirbhísí cúraim shláinte á leathnú againn.

I measc na rioscaí seo, tá:

p. **Seirbhísí nua um chúram sláinte agus córais tacaíochta, lena n-áirítear seirbhísí tríú páirtí.**

Baineann leibhéal mhéadaithe riosca le seirbhísí nua um chúram sláinte a thabhairt isteach. Cinntímid ardchaighdeán i gcás gach ceann de na seirbhísí nua, na soláthróirí criticiúla agus na hathruithe ar fad a chuirimid i bhfeidhm ar na bealaí a dhéanaimid idirchaidreamh le hothair (seirbhísí digiteacha nua um chúram sláinte san áireamh).

q. **Ganntanas foirne a bhfuil saineolas iomchuí acu.**

Is ríthábhachtach baill foirne oilte a bhfuil tacaíocht mhaith acu

chun an riosca gortaithe, caillteanas nó díobhála a bhainistiú i gcás custaiméirí atá ag fáil cúram sláinte. Má bhíonn brú ar an acmhainn cúraim sláinte, cuirtear leis an riosca go laghdófaí rochtain ar sheirbhísí.

Rioscaí eile

Tá Grúpa Vhi faoi réir réimse rioscaí eile, lena n-áirítear rioscaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG). D’fhéadfadh rioscaí ESG tionchar a imirt ar chlú Ghrúpa Vhi agus, mar sin, a bheith in ann an bonn a bhaint ónár straitéis agus ó bhaint amach ár gcuspóirí. Is féidir na rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide a fheiceáil sa lá atá inniu ann agus tiocfaidh méadú ar a dtábhacht go meántéarmach agus go fadtéarmach. Tá sláinte agus folláine ár gcustaiméirí agus ár bpobal níos leithne ina lárphrionsabail dár gcuspóir agus dár straitéis.

I measc na bpríomhrioscaí ESG, tá:

- Rioscaí comhshaoil amhail fuinneamh a bhainistiú agus astaíochtaí carbóin a laghdú, drochbhainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl a dhiúscairt, truailliú uisce agus ganntanas uisce, agus riosca maidir leis an athrú aeráide in Vhi agus inár slabhra soláthair (soláthróirí agus infheistíochtaí);
- Rioscaí rialachais amhail iompar, éagsúlacht boird agus maoirsiú agus rialachas ESG; agus
- Rioscaí sóisialta amhail droch-chleachtais nó cleachtais mhíchothroma foirne laistigh de Ghrúpa Vhi nó a sholáthróirí, lena n-áirítear gan éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chothú, tionchar sóisialta, agus rioscaí a bhaineann le ranníocaíocht an phobail amhail ár seirbhísí cúraim sláinte agus cumhdach árachais a bheith ina bhac do thorthaí sláinte níos fearr.

Cúrsaí comhshaoil

Tá cláir éifeachtúlachta fuinnimh agus dhícharbónaithe Ghrúpa Vhi bunaithe ar oibleagáidí náisiúnta na hearnála poiblí. Faoi Phlean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide (Samhain 2021), cuirtear de cheangal ar an earnáil phoiblí, lena n-áirítear comhlachtaí leathstáit, laghdú 51% ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí coibhéise dé-ocsaíde carbóin (coibhéis CO₂) faoi 2030 agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2030.

Tá ceanglas ar gach comhlacht poiblí, comhlachtaí leathstáit san áireamh, sonraí fuinnimh mionsonraithe a thuairisciú ar bhonn bliantúil ar an gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) ar líne d’Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), agus úsáidtear é sin chun a ndul chun cinn a rianú i dtreo sprioc 2030. Bunaithe ar thuairisciú fuinnimh M&T an SEAI ag deireadh 2020, d’fheabhsaigh Vhi a éifeachtúlacht fuinnimh 43.6% ón mbliain bhonnlíne 2009.

Bunaithe ar uirlis mhúnlaithe M&T Gap to Target (GTT) an SEAI agus ag cur Lárionad Sláinte Vhi 360 den chéad scoth i gCarraig Mhaighin san áireamh, is é 353,459kg CO₂ eq. na laghduithe breise ar gháis cheaptha teasa (GHG) is gá do Ghrúpa Vhi a dhéanamh faoi 2030 chun an sprioc laghdaithe astuithe 51% a bhaint amach.

Sholáthair gníomhaíochtaí coigilte fuinnimh a rinneadh in 2022, mar aon leis na bearta caomhnaithe fuinnimh a bhí ann cheana, coigilteas measta fuinnimh bliana 244,780 kWh san iomlán agus laghdaiodh tionchar comhshaoil na húsáide fuinnimh faoi 79,013kg CO₂ do 2022.

Chuir an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm do chomhlachtaí leathstáit tráchtála, rud a léiríonn an ról eiseamláireach a bheidh acu maidir le geilleagar agus sochaí neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach. Ghlac Grúpa Vhi leis an gcreat in 2022 agus tá cúig ghealltanas ann arna ndéanamh ag cuideachtaí i ndáil lena gcuspóirí i leith an ghníomhaithe ar son na haeráide.

- **Cuspóirí um Ghníomhú ar son na hAeráide a Rialú:** Déanfar cuspóirí na cuideachta um Ghníomhú ar son na hAeráide a thabhairt isteach i bpleanáil straitéiseach gnó agus déanfar maoirseacht air sin ar leibhéal an Bhoird, lena n-áirítear tuairisciú don Aire ábhartha.
- **Sprioc Laghdúcháin agus Astuithe a Thomhas:** Glacfaidh an chuideachta go foirmiúil le sprioc laghdúcháin astaíochtaí an rialtais don earnáil phoiblí agus le modheolaíocht tomhais SEAI.
- **Astaíochtaí a Thomhas agus a Luacháil i Measúnuithe Infheistíochta:** Déanfaidh an chuideachta luach na n-astaíochtaí a mheas mar chuid dá próiseas cinnteoireachta um infheistíochtaí.
- **An Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas:** Cothóidh an Chuideachta bearta an gheilleagair chiorclaigh agus soláthar glas.
- **Faisnéisiú um an Aeráid i gcáipéisí Airgeadas:** Saineoidh an Chuideachta creat um fhaisnéisiú airgeadais a bhaineann leis an aeráid, creat a bheidh ábhartha agus oiriúnach do ghníomhaíochtaí na cuideachta agus don earnáil/ d’earnálacha. Déanfar athbhreithniú ar an gcreat go tráthrialta.

Tá Grúpa Vhi ag cloí leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001 i dtaca le bainistiú dramhaíola agus ní úsáideann sé ach soláthraithe seirbhíse dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, a bhfuil ceadúnas acu agus atá faofa, chun dramhaíl a dhiúscairt.

Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022 ar lean

Tá Grúpa Vhi tiomanta don chlár bainistithe dramhaíola a fheabhsú go seasta agus é ag leanúint na dtreoirlínte atá leagtha amach ag an gClár Náisiúnta maidir le Dramhaíl a Chosc. Is dramhaíl oifige ghinearálta í an chuid is mó de dhramhaíl Vhi. Roinntear í sna catagóirí seo: dramhaíl ghinearálta, ábhar is féidir a athchúrsáil, ábhar rúnda is féidir a athchúrsáil agus múirín. Cinntíonn sé seo go scarann Vhi an oiread dramhaíola agus is féidir agus go laghdaítear an gá le líonadh talún. I ndáil le seirbhísí cúraim sláinte Vhi, tá an dramhaíl chliniciúil agus ghuaiseach go léir ag cloí go hiomlán le IPC PP 109 – Treoirlínte maidir le dramhaíl cúraim sláinte a mbaineann riosca léi agus nach mbaineann riosca léi a scaradh agus a dhiúscairt.

Úsáideann Grúpa Vhi seirbhísí comhairleora sábháilteachta um earraí contúirteacha, DCM Compliance, chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh Vhi maidir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Fearais Brú Iniompartha) agus leasuithe gaolmhara. Déanann an comhairleoir sábháilteachta um earraí contúirteacha agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iniúchadh ar Vhi gach bliain freisin. Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iniúchadh ar chomhlíonadh Vhi maidir le dramhaíl chliniciúil a stóráil agus méideanna dramhaíola cliniciúla a thuairisciú.

Baineann ár saoráidí úsáid as réitigh innealtóireachta timpeallachta nua-aimseartha chun ár dtionchar ar an timpeallacht trí chéile a laghdú trí chórais bailithe báistí a cuireadh i bhfearas inár saoráidí nua leithris.

Laghdaíonn sé seo an méid uisce dromchla agus an gá le huisce cóireáilte agus comhchóras séarachais uisce in oifigí Vhi i mBaile Átha Cliath agus i gCill Chainnigh. Tá uasghrádú go teicneolaíocht chliste ar gach inneall fótachóipeála nua tar éis an méid páipéir a phriontáiltear a laghdú. Rinne Vhi infheistíocht i dteicneolaíocht chlosamhairc do na seomraí cruinnithe chun an gá le taisteal agus le faisnéis i bhformáid pháipéir ag cruinnithe a laghdú.

Nithe i dtaca le fostaithe agus meas ar chearta an duine

Lean Grúpa Vhi de thorthaí a sholáthar faoina Straitéis uailmhianach Daoine do 2020-2025 i rith 2022. Is tábhachtach do Bhord Vhi go bhfuil na luachanna eagraíochtúla seo – Dírithe ar Chustaiméirí, Macántacht, Cumhachtú, Nuálaíocht agus Misneach – leabaithe go domhain i gcultúr Ghrúpa Vhi agus i ngach cleachtas bainistithe daoine dá chuid. Is tosaíocht dúinne in Vhi é ár nósmhaireacht a neartú; tá tús curtha againn le clár nósmhaireachta d’fhonn a chur ar ár gcumas é seo a sheachadadh. Is mór againn rannpháirtíocht agus aiseolas comhghleacaithe; déantar suirbhéanna cuisle ‘Guth Comhghleacaithe’ go rialta ionas gur féidir linn meon comhghleacaithe a thomhas agus a mheas.

Tá beartais Vhi um Meas ag an Obair agus um Éagsúlacht & Uilechuimsitheacht ina gcolúin lárnacha den mheas atá ag Grúpa Vhi i gcónaí ar fhostaithe. Is é cuspóir an dá bheartas a chinntiú gur timpeallacht í ár n-ionad oibre ina mothaíonn gach duine go gcuirtear fáilte roimhe nó roimpi, go bhfuil sé nó sí sábháilte, go gcaitear go cothrom agus go cóir leis nó léi agus go bhfuil meas ar thuairim agus ar dhearcadh gach duine, go mbaineann luach leo agus go n-éistear leo. Cuirtear comhghleacaithe ar an eolas faoina bhfuiltear ag súil leis i gcód iompair inmheánach Vhi tríd an gCód Iompair atá faofa ag an mBord. Leagtar amach sa bheartas ‘Labhairt Amach’ atá faofa ag Bord Vhi an creat le cur ar chumas comhghleacaithe taobh istigh de Ghrúpa Vhi imní a bhfuil údar léi a chur in iúl agus labhairt amach faoi rún maidir le rudaí a d’fhéadfadh a bheith míchuí. Leagann an beartas seo creat síos le haghaidh imscrúdú cuí agus neamhspleách agus le haghaidh gníomh ina dhiaidh sin. Aithníonn Grúpa Vhi ceardchumann chun críocha cómhargála agus tá comhaontú comhchoiteann i bhfeidhm i gcás díospóid fostaí leis an gcuideachta. Ina theannta sin, aithníonn Grúpa Vhi ionadaíocht cheardchumainn i gcúrsaí smachta faoi chomhaontuithe maidir leis an bpróiseas smachta agus gearáin.

Ar nós eagraíochtaí eile, ghlac Grúpa Vhi le cleachtais oibre sholúbtha agus chianda go tapa toisc go raibh líon suntasach dár gcomhghleacaithe ag obair go cianda le linn phaindéime Covid-19. De réir mar a thagann an tsochaí as an bpaindéim tá athrú tagtha ar ionchais ár gcomhghleacaithe agus na gcomhghleacaithe sin a bheidh againn amach anseo. Tá an tromlach acu ag iarraidh oibriú go cianda amach anseo. Chun a chinntiú go gcoinníonn Grúpa Vhi le luas an athraithe a bhaineann le cleachtais oibre agus ionchais na gcomhghleacaithe amach anseo, beidh an eagraíocht ag bogadh go múnla hibrídeach oibre lena mbainfidh meascán d’obair oifighbhunaithe agus de chianobair.

Éagsúlacht agus ionchuimsiú

Is é cuspóir Ghrúpa Vhi cabhrú le custaiméirí saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh. Creideann Grúpa Vhi, chun é sin a sheachadadh, go bhfuil sé ríthábhachtach go léireoidh na daoine inár n-eagraíocht éagsúlacht ár gcustaiméirí, ár n-othar agus shochaí na hÉireann i gcoitinne. Mar eagraíocht táimid tiomanta do chultúr ionchuimsitheach a chruthú lenar féidir le comhghleacaithe a bheith ar a gcompord agus iad i mbun oibre agus lena n-éistear le tuairimí gach duine, tuairimí a léirítear meas orthu agus a ndéantar gníomh ina leith.

Is mó í an éagsúlacht ná glúin, nó inscne, áirítear uirthi éagsúlacht smaointe, tacair scileanna agus taithí a chothódh lucht saothair níos éagsúlaí. Tá Grúpa Vhi tiomanta do timpeallacht oibre ilghnéitheach ionchuimsitheach a chruthú ina gcuirtear éagsúlachtaí

chun tairbhe chun réitigh nuálacha a spreagadh le riachtanais ár gcomhghleacaithe, ár gcustaiméirí agus ár n-othar a fhreagairt. Mar eagraíocht táimid bródúil as a bheith in ann a rá go n-aontaíonn ‘79% de chomhghleacaithe Vhi gur féidir leo a bheith ar a gcompord ag an obair’ (Vhi Voice of Colleague, Samhain 2022).

I rith 2022, d’óstáil Grúpa Vhi roinnt imeachtaí chun aird a tharraingt ar D&I ina measc Lá Idirnáisiúnta na mBan, Lá Idirnáisiúnta na bhFear, ceiliúradh a dhéanamh ar an gcéad imeacht Díbheálaí de chuid Vhi, Mí an Bhróid, Lá Domhanda na Meabhairshláinte agus imeachtaí eile folláine.

Ina theannta sin seachadadh agus forbraíodh roinnt tionscnamh eile a raibh tionchar acu le linn na bliana:

- Is é bunchuspóir Ghréasán na mBan ná ‘Oibriú le chéile chun tacaíocht a thabhairt do mhná agus iad a chumhachtú chun lán a gcumas a bhaint amach, chun ionadaíocht a dhéanamh ar Vhi sa phobal gnó agus chun a bheith ina phríomhacmhainn ghnó’. Le linn 2022, d’oibrigh Gréasán na mBan chun cainteoirí a fháil le tacú le fis an Ghréasáin a chéad imeacht hibrídeach a reáchtáil. Sheol an Gréasán trí chiorcal tacaíochta chomh maith ina dtagann mná is comhghleacaithe iad le chéile uair sa mhí chun tacaíocht a thabhairt dá chéile agus chun foghlaim óna chéile.
- D’óstáil an gréasán BRÓD plé-phainéal faoi stiúir comhghleacaithe inar chomhroinn agus phléigh ár gcomhghleacaithe a dtaithí féin maidir le bheith LADTA+ in Éirinn. Is spás oscailte é seo do chomhghleacaithe chun labhairt lena chéile agus a scéalta a chomhroinnt.
- Lean Gréasán Idirchultúrtha Vhi de chultúir agus náisiúntachtaí éagsúla in Vhi a cheiliúradh leis an gcéad lá Díbheálaí in Vhi a óstáil, ag comhroinnt cultúir éagsúla leis na comhghleacaithe go léir. Is cinnte go mbeidh go leor laethanta eile Díbheálaí in Vhi amach anseo.
- Ár gcultúr - rinneadh ár luachanna cuideachta agus iompair ghaolmhara a athbhreithniú agus a athnuachan. I rith na hathnuachana, coinníodh éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsitheacht chun tosaigh chun a chinntiú go neadófaí na gnéithe riachtanacha seo inár gcultúr agus chun gach duine a spreagadh dúshlán a chur roimh dhaoine eile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile.
- Tiomantas leanúnach chun mná tréitheacha a fhorbairt ag an leibhéal ceannaireachta. Tá clár forbartha ‘Mná i mbun Ceannaireachta’ curtha i gcrích nó fós á dhéanamh ag breis agus 70 bean. Cothaíonn an clár seo ceannaireacht agus acmhainn chlaochlaith. Leis an gclár seo, forbrófar alumni ‘Mná i mbun Ceannaireachta’ inar féidir leis an ngrúpa ceannairí seo leanúint ar aghaidh ag foghlaim óna chéile agus ag tabhairt tacaíocht dá chéile, agus an comhar a chúiteamh le mná eile is comhghleacaithe iad.

Tá Bord Vhi tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh, trédhearcachta agus cuntasachta. Mar aon leis an bhfoireann Feidhmiúcháin, aithníonn an Bord go gcuideoidh éagsúlacht ó thaobh tacair scileanna, eispéiris, cáilíochtaí, inscne agus cúlraí de le Grúpa Vhi a bheith ina láthair oibre níos fearr, go gcabhróidh sé leis an leas is fearr a bhaint as an bpróiseas cinnteoireachta agus é a chothromú, agus go laghdóidh sé rioscaí iompar agus cultúir.

Ina theannta sin, aithníonn Bord Vhi an ról lárnach atá ag cultúr uilechuimsitheach lena chinntiú go mbaintear amach féidearthacht na héagsúlachta ar leibhéal an Bhoird.

Tá Beartas um Éagsúlacht i ndáil le Ceapacháin agus Ballraíocht an Bhoird i bhfeidhm ó 2015 agus déantar é a athbhreithniú gach bliain. Déanann an Coiste Ainmniúcháin, thar ceann an Bhoird, athbhreithniú ar chomhdhéanamh an Bhoird gach trí bliana ar a laghad agus molann sé stiúrthóirí nua a cheapadh de réir mar is cuí agus de réir Mhaitrís Scileanna an Bhoird, threoir an Bhainc Ceannais chomh maith leis an larscríbhinn nua a ghabhann le Cód an Stáit um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Uilechuimsitheacht. Is é is aidhm le Bord Vhi cothromaíocht a bhaint amach idir stiúrthóirí fir agus mná ó raon leathan cúlraí a bhfuil raon leathan scileanna, saineolais agus taithí ábhartha acu. Aithníonn an Bord ról an Aire i gceapadh comhaltaí ar an mBord agus féachfaidh sé le tacú leis an Aire maidir leis an ionadaíocht íosta 40% is gá a bhaint amach i ndáil le stiúrthóirí mná agus fir ar Bhoird Stáit. Tá an Bord tiomanta d’ionadaíocht inscne 40% a bhaint amach ar bhoird fhochuideachtaí Vhi.

Leanfaimid orainn ag cur leis an obair atá tugtha chun críche go dtí seo, agus ina theannta sin, díreofar ar réimsí spriocdhírithe faoi Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsitheacht:

- Éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsitheacht a neadú inár gcultúr, ag cinntiú go ndéantar éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsitheacht a léiriú agus a chur chun cinn trínár iompair, ár bpróisis agus ár mbeartais.
- Feasacht ar Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsitheacht - cuir leis an bhfeasacht reatha ar Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsitheacht agus an tábhacht a bhaineann leo dár gcomhghleacaithe agus dár ngnó. Chomh maith leis sin, cuir le feasacht agus infheictheacht ár dtrí ghréasán, Gréasán na mBan, an gréasán BRÓD agus an Gréasán Ilchultúrtha agus muid ag díriú ar réimsí níos leithne den Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsitheacht lasmuigh de na trí ghréasáin atá againn faoi láthair.

Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2022 ar lean

- Comhoibriú a dhéanamh le hIonad na hÉireann um Éagsúlacht chun an gradam Infheisteoirí san Éagsúlacht a bhaint amach. Tacóidh sé sin linn tuiscint a fháil ar na bearta agus gníomhaíochtaí is gá chun ár gcultúr sa láthair oibre a chur chun cinn agus a chothú, agus aitheantas á thabhairt chomh maith ar na hiarrachtaí a rinneadh go dtí seo chun éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsitheacht a chothú san eagraíocht seo againne.

I láthair oibre atá éagsúil, cothromasach agus ionchuimsitheach, braitheann gach duine, beag beann ar cé hiad nó an obair a dhéanann siad don ghnólacht, go bhfuil siad páirteach agus á dtacú i ngach réimse den bhealach a dhearaimid agus a sholáthraimid dár gcustaiméirí agus dár n-othair; agus mar a chinntimid todhchaí dhearfach agus inbhuanaitheach don Ghrúpa.

Táimid tiomanta do leanúint ar aghaidh agus an éagsúlacht, an cothromas agus an ionchuimsitheacht a neadú tuilleadh inár n-eagraíocht agus, chuige sin, ceapfar Bainisteoir um Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsitheacht i R1 2023 chun a chinntiú go bhfuil na hacmhainní iomchuí ag an réimse tábhachtach seo chun ligean dúinn feabhsú agus fás leanúnach a bhaint amach don eagraíocht agus dár gcomhghleacaithe.

Breabaireacht agus caimiléireacht

Tá Grúpa Vhi tiomanta d’iompar eiticíúil agus go gcloíonn fostaithe agus stiúrthóirí leis na heiticí is airde gnó, agus na caighdeáin is airde gairmiúla agus dlíthiúla. I mbeartas ‘Cód Iompair’ Bhord Ghrúpa Vhi, leagtar amach prionsabail chun fostaithe agus baill den Bhord Stiúrthóirí a threorú agus iad i mbun gnó do Vhi ó lá go lá. Déantar tagairt shonrach do chalaíoch, do chaimiléireacht, do bhreabaireacht agus do dhúmhal.

Féachann Grúpa Vhi lena chinntiú go bhfuil rialuithe inmheánacha ar leor iad, atá éifeachtach agus atá éifeachtúil ó thaobh costais de i bhfeidhm. Tá próisis iniúcháireachta ann lena chinntiú go gcuirtear an Creat um Rialú Inmheánach i bhfeidhm sa chaoi is go gcomhlíontar an Beartas um Rialú Inmheánach.

Tugann an Fheidhm Acmhainní Daonnna an Cód Iompair, mar aon leis na beartais eile thuasluaite, d’aire gach fostaí le linn ionductú agus tugann Rúnaí na Cuideachta d’aire bhaill na mBord Stiúrthóirí iad nuair a cheaptar iad.

Íoc Pras Cuntas

Aithníonn Bord Vhi an fhreagracht atá air as a chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 (arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach [íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála], 2012). Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí ar a mbíonn sonraisc dlí le híoc a aithint agus chun

íocaíochtaí a dhéanamh ar na dátaí sin, agus dá réir sin, tá Bord Vhi sásta gur chomhlíon Grúpa Vhi riachtanais na Rialachán.

Foghnóthais

Tugtar liosta d’fhochuideachtaí agus de ghnóthais eile Bhord Vhi amhail an 31 Nollaig 2022 i nóta 35.

Iartheagmhais

Tugtar mionsonraí faoi na hiartheagmhais i ndiaidh an 31 Nollaig 2022 i nóta 37.

Taifid chuntasaíochta imleora

Ghlac na Stiúrthóirí le bearta oiriúnacha chun comhlíonadh cheanglais ailt 281 go 285 d’Acht na gCuideachtaí, 2014 a chinntiú agus aird ar thaifid chuntasaíochta a choimeád. Is iad na bearta sonracha ar glacadh leo foireann chuntasaíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus córais oiriúnacha chuntasaíochta a choimeád. Tá na leabhair chuntas i dTeach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Iniúcháirí neamhspleácha

Athcheapadh Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla, mar iniúcháirí ar an 12 Meán Fómhair 2019. Tá sé curtha in iúl ag Deloitte go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh in oifig de réir alt 383(2) d’Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ráiteas ar fhaisnéis a nochtadh le hiniúcháirí

A mhéad is atá a fhios ag gach duine de na Stiúrthóirí in oifig ar dháta fhaomhadh na ráiteas airgeadais seo:

- níl aon fhaisnéis a bhaineann leis an iniúchadh nár nochtadh do na hiniúcháirí; agus
- ghlac siad leis na céimeanna uile chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh agus chun a bhunú go bhfuil iniúcháirí Bhord Vhi ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann Bhord Vhi



Greg Sparks

Cathaoirleach Ainmnithe

30 Márta 2023



Brian Walsh

POF an Ghrúpa, Stiúrthóir

30 Márta 2023

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoi dlí, chinn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102 agus FRS 103, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (“creat tuairiscithe airgeadais ábhartha”). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh an Bhoird don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta do ráitis airgeadais an ghrúpa a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- a chur in iúl cé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus nóta a scríobh faoin éifeacht agus faoi na cúiseanna atá le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin mura cuí a thiomhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Bord, nó go socraíonn sé go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta an Bhoird, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh an Bhoird a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní Bhord Vhi a chosaint agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus as iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais a bhíonn ar shuíomh gréasáin Vhi.

Tuarascáil an Iniúchára Neamhspleách do Chomhaltaí An Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh

Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh (‘Bord Vhi’)

Inár dtuairim, maidir le ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta:

- tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain airgeadais dar chríoch an tráth sin; agus
- ullmhaíodh iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais dhlí na hÉireann.

Sna ráitis airgeadais atá iniúchta againn tá:

Ráitis airgeadais an ghrúpa:

- an Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais;
- an Clár Comhardaithe Comhdhlúite;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 39, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar a leagtar amach i nóta 1.

Ráitis airgeadais na máthairchuideachta:

- an Clár Comhardaithe;
- an Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 39, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar a leagtar amach i nóta 1.

Ba é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus FRS 102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus FRS 103, Conarthaí Árachais arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (“an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha”).

Bunús na tuairime

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) agus de réir dlí infheidhme. Déantar cur síos thíos ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin sa chuid “Freagrachtaí an iniúchára as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais) den tuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta de réir na riachtanas eiticíúil a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eiticíúil a d’eisigh Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann san áireamh, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticíúla eile atá orainn de réir na riachtanas seo. Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta a fuaireamar chun bunús a chur faoinár dtuairim.

Conclúidí i ndáil le gnóthas leantach

Agus muid ag iniúchadh na ráiteas airgeadais, tá sé bainte de thátal againn gur cuí an úsáid a bhain na stiúrthóirí as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha i ndáil le himeachtaí nó dálaí ar féidir leo, ina n-aonar nó le chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orainn agus ar na freagrachtaí atá ar na stiúrthóirí i ndáil le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Is éard atá san fhaisnéis eile ná an fhaisnéis atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúchára orthu. Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí agus sna ráitis. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa chás go luaitear a mhalairt go follasach inár dtuarascáil, ní thugaimid aon dearbhú ina leith sin.

Is é an fhreagracht atá orainn ná an fhaisnéis eile a léamh agus, fad is atáimid á dhéanamh sin, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh nó an ndealraíonn sé go bhfuil sí míshonraithe ar bhealach eile. Má shainaithnímid neamhréireacht ábhartha nó míshonrú ábhartha dealraitheach den sórt sin, ceanglaítear orainn a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Má bhainimid de thátal, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina thaobh seo.

Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir agus go gcomhlíonann siad Dlí na hÉireann ar gach bealach eile, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach le go mbeifear in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide.

Agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas Bhord Vhi leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ní mór dóibh nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh más infheidhme agus úsáid a bhaint as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé i gceist ag na stiúrthóirí Bord Vhi a leachtú nó scor d’oibríochtaí, nó mura bhfuil an dara rogha acu ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an iniúchára as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint a bhfuil ár dtuairim san áireamh inti. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go braithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míshonruithe a dhéanamh de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá mbeadh súil leis go réasúnta go rachaidís, ina n-aonar nó le chéile, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise le fáil faoinár bhfreagrachtaí maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh ar fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchta & Cuntasaíochta na hÉireann ag: **<https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/>**. Tá an cur síos seo ina chuid dár dtuarascáil iniúchára.

Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu ar bhonn eisceachtúil

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta agus a timpeallacht a fuaireamar i gcaitheamh an iniúchta, níor shainaithníomar míshonruithe ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Faoi fhorálacha an Achta Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957.
- Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (‘an Cód’), ceanglaítear orainn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a theastaíonn faoin gCód, faoi mar a áirítear le Tuarascáil na Stiúrthóirí, gur chomhlíon an Grúpa alt 1.9(iv) den Chód nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis a bhfuilimid ar an eolas fúithi ónár gcuid oibre iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais.

Ár dtuarascáil a úsáid

Thugamar faoinár gcuid oibre ar an iniúchadh ionas go bhféadfaimis na nithe is gá dúinn a lua le comhaltaí Bhord Vhi i dtuarascáil an iniúchára a lua agus ní chun críoch ar bith eile. A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní dhéanaimid aon fhreagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin d’aon duine ach amháin do Bhord Vhi agus do chomhaltaí Bhord Vhi mar chomhlacht, i leith ár gcuid oibre iniúcháireachta, i leith na tuarascála seo, ná i leith na dtuairimí atá ceaptha againn.

Eimear McCarthy

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla

Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

25 Aibreán 2023

Nótaí: Ní chuireann an t-iniúchadh dearbhú ar fáil i leith chothabháil agus shláine an láithreáin ghréasáin, ina measc rialuithe a úsáidtear chun é seo a bhaint amach, agus go háirithe cé acu a rinneadh aon athruithe ar na ráitis airgeadais seo ó thráth a gcéadfhóilsithe nó nach ndearnadh. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as na nithe seo ach ní féidir le haon nósanna imeachta rialaithe dearbhú iomlán a thabhairt sa réimse seo.

Ní hionann an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn raitis airgeadais a chur le chéile agus a scaipeadh agus reachtaíocht i ndlínsí eile.

Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'m	2021 €'m
Cuntas teicniúil:			
Préimh thuillte, glan ar athárachas			
Préimheanna scríofa comhlána	2	1,606.0	1,594.4
Athrú ar an ollsoláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte agus rioscaí neamhéagtha	2,22	(6.3)	(5.5)
Préimh thuillte, glan ar athárachas		1,599.7	1,588.9
Toradh ar infheistíocht leithdháilte a aistríodh ón gcuntas neamhtheicniúil			
Ioncam teicniúil eile, glan ar athárachas	4,5	62.7	76.4
Ioncam teicniúil iomlán		1,642.0	1,656.2
Éilimh a tabhaíodh, glan ar athárachas			
Éilimh a íocadh – suim chomhlán	2	(1,424.8)	(1,294.6)
Éilimh a íocadh – sciar an athárachóra		(0.0)	(0.6)
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – suim chomhlán	2,22	9.5	0.4
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – sciar an athárachóra	22	(2.7)	(3.8)
		(1,418.0)	(1,298.6)
Luach ar ais don chustaiméir	9,26	(44.3)	(142.2)
Glanspeansais oibriúcháin	2,7	(142.1)	(129.1)
Iarmhéid sa chuntas teicniúil		37.6	86.3
Cuntas neamhtheicniúil:			
Iarmhéid sa chuntas teicniúil			
Glantoradh ar infheistíocht	10	(20.4)	(9.1)
Toradh ar ioncam infheistíochta leithdháilte a aistríodh chuig an gcuntas teicniúil árachais		20.4	9.1
		37.6	86.3
Ioncam eile	11	37.8	26.2
Speansais eile	12	(35.7)	(37.0)
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	27	39.7	75.5
Cáin ar bharrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	13	(5.4)	(10.2)
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach	14	34.3	65.3

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 69 go 100. D’fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d’údaraigh iad lena n-eisiúint an 30 Márta 2023.

Clár Comhardaithe Comhdhlúite amhail an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'m	2021 €'m
Sócmhainní			
Infheistíochtaí			
Talamh a shealbhaítear faoi léas airgeadais	15	1.0	1.0
Talamh agus foirgnimh	16	85.8	80.6
Infheistíochtaí airgeadais eile	17	1,146.6	1,282.5
		1,233.4	1,364.1
Sciar an athárachóra de sholáthairtí teicniúla			
Éilimh gan íoc	22	6.0	8.7
		6.0	8.7
Féichiúnaithe			
Féichiúnaithe ag eascairt as oibríochtaí árachais	33	522.6	516.6
Féichiúnaithe eile	18	359.6	364.1
		882.2	880.7
Sócmhainní eile			
Sócmhainní doláimhsithe	20	2.4	0.6
Sócmhainní seasta inláimhsithe	21	8.3	14.6
Airgead sa bhanc agus ar láimh	28	59.1	49.5
Sócmhainn cánach iarchurtha	19	3.0	2.6
		72.8	67.3
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe			
Costais éadála iarchurtha	24	7.1	6.3
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe eile		10.4	10.0
		17.5	16.3
Sócmhainní sochair scoir	31	49.7	-
Iomlán na Sócmhainní		2,261.6	2,337.1

Clár Comhardaithe Comhdhlúite amhail an 31 Nollaig 2022 ar lean

	Nótaí	2022 €'m	2021 €'m
Cothromas agus Dliteanais			
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		858.9	773.3
Ioncam cuimsitheach		90.4	85.6
Cistí scairshealbhóra		949.3	858.9
Soláthairtí teicniúla			
Soláthar le haghaidh préimh neamhthuillte agus rioscaí neamhéagtha	6,22	572.1	565.9
Éilimh gan íoc	22,33,34	391.9	401.4
		964.0	967.3
Cistí a siarchoinneáladh don atharachóir	23,34	6.0	8.7
Creidiúnaithe			
Creidiúnaithe ag eascairt as oibríochtaí árachais díreacha		88.6	68.0
Creidiúnaithe agus fabhruithe eile	25	247.6	264.1
Soláthairtí eile	26	6.1	158.3
		342.3	490.4
Dliteanas sochar scoir	31	-	11.8
Iomlán na nDliteanas agus Cothromas Scairshealbhóra		2,261.6	2,337.1

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 69 go 100. D’fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d’údaraigh iad lena n-eisiúint an 30 Márta 2023. Shínigh siad seo iad thar a cheann:



Greg Sparks
Cathaoirleach Ainmnithe
30 Márta 2023



Brian Walsh
POF an Ghrúpa, Stiúrthóir
30 Márta 2023

Clár Comhardaithe Bhord Vhi amhail an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'m	2021 €'m
Sócmhainní			
Infheistíochtaí airgeadais eile			
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	17	479.7	479.7
		479.7	479.7
Féichiúnaithe: Méideanna dlite faoi cheann bliain amháin		0.2	0.2
Sócmhainní sochair scoir		49.7	
Iomlán na Sócmhainní		529.6	479.9
Cothromas agus Dliteanais			
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		468.1	442.4
Ioncam cuimsitheach		61.5	25.7
Cistí scairshealbhóra		529.6	468.1
Dliteanas sochar scoir	31	-	11.8
Iomlán na nDliteanas agus Cothromas Scairshealbhóra		529.6	479.9

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 69 go 100. D’fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d’údaraigh iad lena n-eisiúint an 30 Márta 2023. Shínigh siad seo iad thar a cheann:



Greg Sparks
Cathaoirleach Ainmnithe
30 Márta 2023



Brian Walsh
POF an Ghrúpa, Stiúrthóir
30 Márta 2023

Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'m	2021 €'m
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	27	(92.5)	115.0
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta:			
Réadmhaoin (a cheannach)		(1.5)	(16.4)
Trealamh (a cheannach)		(2.2)	(5.4)
Ioncam a fuarthas ó infheistíocht agus ó dhíbhiní		16.1	12.4
Glan (cheannach)/glandíol infheistíochtaí punainne		89.8	(119.4)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		102.2	(128.8)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe:			
Iasachtaí (aisíochta)		-	-
Ús (íochta)		-	-
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		-	-
(Glanlaghdú)/glanmhéadú ar airgead sa bhanc agus ar láimh		9.6	(13.8)
Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail tús na bliana airgeadais		49.5	63.3
Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail deireadh na bliana airgeadais		59.1	49.5

Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach Bhord Vhi don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Níor ullmháiodh ráiteas ar shreabhadh airgid do Bhord Vhi toisc go bhfuil sé ag baint leas as eisceacht ó shreabhadh airgid a ullmhú faoi FRS 102 mar go bhfuil ráiteas ar shreabhadh airgid san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite don Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas amhail an 31 Nollaig 2022

	Iomlán €'m
Amhail an 31 Nollaig 2020	773.3
Barrachas don bhliain airgeadais	65.3
Ioncam Cuimsitheach Eile	20.3
Amhail an 31 Nollaig 2021	858.9
Barrachas don bhliain airgeadais	34.3
Ioncam Cuimsitheach Eile	56.1
Amhail an 31 Nollaig 2022	949.3

Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	2021 €'m	2020 €'m
Barrachas don bhliain airgeadais	34.3	65.3
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	56.4	20.3
Glanghnóthachan (caillteanas) ar shócmhainní airgeadais atá ar fáil lena ndíol le linn na bliana	(0.3)	-
Iomlán	90.4	85.6

Ráiteas Bhord Vhi ar Athruithe ar Chothromas amhail an 31 Nollaig 2022

	Iomlán €m
Amhail an 31 Nollaig 2020	442.4
Barrachas don bhliain airgeadais loncam cuimsitheach eile	5.4 20.3
Amhail an 31 Nollaig 2021	468.1
Barrachas don bhliain airgeadais loncam cuimsitheach eile	5.1 56.4
Amhail an 31 Nollaig 2022	529.6

Ráiteas Bhord Vhi ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	2022 €m	2021 €m
Barrachas/(easnamh) don bhliain airgeadais	5.1	5.4
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	56.4	20.3
Iomlán	61.5	25.7

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais chuntasaíochta

Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh (“Bord Vhi”) faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957 chun gníomhú mar chomhlacht reachtúil chun árachas sláinte príobháideach a scríobh in Éirinn. Tugtar seoladh na hoifige cláraithe ar leathanach 48. Déantar cur síos ar chineál na n-oibríochtaí agus ar athbhreithniú oibriúcháin agus airgeadais Bhord Vhi i dtuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanach 101.

Ráiteas ar chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhord Vhi don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 103 (FRS 103) agus Acht na gCuideachtaí 2014

Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna choigeartú chun míreanna áirithe ag luach cóir a áireamh, agus de réir FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” agus FRS 103 “Conarthaí Árachais” arna eisiúint don Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais. Tá Bord Vhi faoi réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Ráitis Airgeadais) 2015. Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn comhdhlúite. Baintear gach iarmhéid, ioncam agus speansasa ionghrúpa nuair a chomhdhlúthaítear iad.

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, féadfaidh Bord Vhi imeacht i gcásanna sonracha ó na formáidí a úsáideadh agus clár comhardaithe nó cuntas brabúis agus caillteanais á n-ullmhú mar a leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Ráitis Airgeadais) 2015. Sna ráitis airgeadais seo, ba ghá leasú a dhéanamh ar an bhformáid fhorordaithe chun a chinntiú go n-úsáidtear teanga atá níos oiriúnaí chun cur síos beacht a dhéanamh ar idirbheart an luacha ar ais don chustaiméir.

Tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil a dhóthain acmhainní ag Bord Vhi chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad.

Tá go leor acmhainní ag an mBord le leanúint ar aghaidh ag oibriú don todhchaí intuartha. Leanann siad ar aghaidh, mar sin, ag glacadh bhunús cuntasaióchta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú.

Airgeadra Eachtrach

Cuirtear ráitis airgeadais Bhord Vhi i láthair in Euro, airgeadra feidhmiúil ghrúpa Vhi. Idirbhearta in airgeadraí eile a rinneadh i gcaitheamh na bliana, aistríodh iad ag na rátaí malairte a bhí i

bhfeidhm dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais in airgeadraí eile a aistriú go Euro ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm dáta an chláir comhardaithe. Tá an gnóthachan nó an caillteanas a thagann as sin san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Préimheanna a Scríobhadh

Cuimsítear i bpréimheanna comhlána scríofa an t-ioncam préimhe infhaighte ó chustaiméirí i leith polasaithe a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sna préimheanna neamhthuillte comhréir na bpréimheanna scríofa sa bhliain a bhaineann le téarma neamhéagtha na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama.

Éilimh a Tabhaíodh

Cuimsítear in éilimh a tabhaíodh éilimh agus speansais ghaolmhara a íocadh i rith na bliana, chomh maith le hathruithe ar sholáthairtí le haghaidh éilimh gan íoc, lena n-áirítear soláthairtí le haghaidh chostas measta na n-éileamh a tuairiscíodh ach nár íocadh go fóill, na n-éileamh a taibhíodh ach nár tuairiscíodh agus speansais láimhseála ghaolmhara.

Léirítear san ollsoláthar le haghaidh éileamh an dliteanas measta ag eascirt as éilimh leighis a tabhaíodh sna blianta airgeadais reatha agus roimhe seo nár eascair éilimh íoctha astu go fóill. Áirítear sa soláthar liúntas le haghaidh speansais agus láimhseáil éileamh. Ní foláir go mbainfeadh éiginnteacht áirithe le meastachán ar dhliteanais éilimh. Cuirtear lamháil éiginnteachta san áireamh chun an baol nach gcuirfear forálacha leordhóthanacha ar leataobh a laghdú. Tá sé i gceist gur leor an fhoráil sin i ndroch-chúinsí is féidir a thuar go réasúnta.

Meastar an soláthar le haghaidh éileamh bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil chomh maith le faisnéis agus teagmhais ina dhiaidh sin. Áirítear coigeartuithe ar shuim an tsoláthair le haghaidh éileamh do bhlianta roimhe seo sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain airgeadais ina ndéantar an t-athrú. Déantar toimhdí stuama ionas go mbeidh an soláthar leordhóthanach i ndroch-chúinsí is féidir a thuar go réasúnta.

Rioscaí Neamhéagtha

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar dháta an chláir chomhardaithe, má bhíonn luach measta na n-éileamh agus na gcostas is féidir a lua le tréimhsí neamhéagtha polasaithe atá i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe níos mó ná an soláthar do phréimheanna neamhthuillte i ndáil le polasaithe den sórt sin tar éis aon chostais ar éadáil iarchurtha a bhaint, bunaítear soláthar do rioscaí neamhéagtha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

1. Beartais chuntasaíochta ar lean

An Scéim Comhionannaithe Riosca

Cuimsítear sa Tobhach Árachais Sláinte suimeanna iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith dleacht stampála ar pholasaithe árachais leighis phríobháidigh a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sa soláthar le haghaidh tobhach neamhthuillte comhréir an tobhaigh a bhaineann le polasaithe a scríobhadh sa bhliain a bhaineann le téarma neamhéagtha na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama. Aithnítear an glanmhéid ar bhonn préimheanna tuillte thar shaolré na bpolasaithe agus áirítear í mar ioncam teicniúil eile sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Cuimsítear i gCreidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca suimeanna infhaighte ón gCiste Comhionannaithe Riosca, arna riar ag an Udarás Árachais Sláinte, i leith polasaithe a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sa soláthar le haghaidh creidmheasanna neamhthuillte comhréir na gcreidmheasanna scríofa sa bhliain a bhaineann le téarma neamhéagtha na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama. Cuimsítear sna Creidmheasanna Úsáide Ospidéil suimeanna infhaighte ón gciste le haghaidh éilimh a íocadh i rith na bliana. Déanann an Comhthiomsú Éileamh Ardchostais árachóirí a chúiteamh go díreach as costais éilimh aonair atá i gcomhréir le ceanglais dlí. Coinnítear sna cuntais foráil do na méideanna atá dlite do Vhi ar dháta an chláir chomhardaithe.

Comhcheangail ghnó agus cáilmheas

Cuirtear an modh ceannaigh i bhfeidhm chun cuntas a choimeád ar chomhcheangail ghnó. Is ionann an costas ar chomhcheangal gnó agus luach cóir na comaoine a thugtar, na ndliteanas a thabhaítear nó a thiomhdítear agus na n-ionstraimí cothromais a eisítear móide na costais inchurtha go díreach i leith na gcomhcheangal gnó.

Nuair a shealbhaítear gnó, cuirtear luachanna córa i leith na sócmhainní agus na ndliteanas is féidir a shainithint ach amháin mura féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa. Cuirtear an luach san áireamh i gcáilmheas sa chás sin.

Is ionann cáilmheas aitheanta agus farasbarr luach cóir na comaoine ceannaigh agus chostais na comaoine ceannaigh inchurtha i leith na gcomhcheangal gnó thar luachanna córa na nglansócmhainní a shealbhaítear. Déantar cáilmheas a amúchadh thar a shaolré fhóinteach ionchais. Déantar measúnú ar cháilmheas i gcomhair bearnúcháin má bhíonn táscairí bearnúcháin ann agus gearrtar aon bhearnúchán ar an gcuntas brabúis agus caillteanas.

Sócmhainní doláimhsithe

Sócmhainní doláimhsithe a shealbhaítear ar leithligh, tomhaistear ar a gcostas iad nuair a aithnítear ar dtús iad. Is é an costas ar shócmhainní doláimhsithe a fuarthas i gcomhcheangal gnó ná a luach cóir amhail dáta a sealbhaithe. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, iompraítear sócmhainní doláimhsithe ar a gcostas lúide aon amúchadh carnach agus aon chaillteanas bhearnúcháin charnacha.

Aithnítear na costais ar cheadúnais agus forbairt bogearraí ríomhaireachta mar shócmhainní doláimhsithe nuair nach dlúthchuid de na crua-earraí gaolmhara iad agus déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar a saolré úsáideach mheasta de cheithre bliana. Aithnítear costais a bhaineann leis na bogearraí ríomhaireachta a chothabháil mar speansais nuair a thabhaítear iad.

Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Aithnítear talamh, foirgnimh agus sócmhainní inláimhsithe eile ar a gcostas ar dtús. Áirítear ar chostas aon chostais is féidir a lua go díreach leis an úsáid atá i gceist a bhaint as an tsócmhainn. Cuirtear costais le haghaidh sócmhainní á dtógáil san áireamh faoi obair idir lámha go dtí go mbaintear úsáid as an tsócmhainn.

i) Talamh agus foirgnimh

Iompraítear talamh agus foirgnimh ag luach cóir, rud a léiríonn cúinsí margaidh ag dáta an tuairiscithe. Gnóthachain nó caillteanas a eascraíonn as athruithe ar luachanna córa talún agus foirgneamh, cuirtear sa chuntas ioncaim agus caiteachais iad sa bhliain ina dtagann siad chun cinn, an éifeacht chánach chomhfhreagrach san áireamh. Déanann luachálai creidiúnaithe neamhspleách seachtrach, a bhí ag plé le déanaí leis an áit ina bhfuil an réadmhaoin agus le haicme na réadmhaoine, na luachanna córa a luacháil gach bliain.

Coinnítear gach réadmhaoin i ndea-chaoi an t-am ar fad. Dá bharr sin, creideann na stiúrthóirí go bhfuil saolré gheilleagrach agus luach iarmharach na réadmhaoine sin chomh maith sin nach bhfuil an dímhéas suntasach agus ní chuirtear ar fáil é dá bhrí sin.

ii) Sócmhainní inláimhsithe

Iompraítear sócmhainní inláimhsithe ar a gcostas lúide dímhéas carntha. Déantar dímhéas a ríomh ar bhonn líne dhíreach d’fhonn an costas a bhaineann le sócmhainní a dhíscríobh go dtí a luach iarmharach thar a saolré úsáideach mheasta mar seo a leanas:

Mótarfeithiclí	4 bliana
Trealamh ríomhaireachta	4 bliana
Troscán, feistis, trealamh leighis agus oifige	5 bliana

Maidir le caiteachas a thabhaítear chun trealamh ríomhaireachta a fhorbairt a bhfuil a shuim suntasach agus a meastar go bhfuil tairbhe gheilleagrach leis do Bhord Vhi a mhairfidh níos mó ná bliain amháin sa todhchaí, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar na blianta ina meastar go dtiocfaidh na tairbhí geilleagracha chun cinn. Ceithre bliana ar a mhéad atá sa tréimhse sin. I gcás éiginnteachta maidir lena thairbhe gheilleagrach sa todhchaí, gearrtar an caiteachas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Léasanna

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais, faoi chonarthaí fruileannaigh agus faoi shocruithe eile atá cosúil leo sin, a bhronnann cearta agus oibleagáidí atá cosúil leo siúd a bhaineann le sócmhainní faoi úinéireacht, a chaipitliú mar shócmhainní seasta inláimhsithe ag luach cóir na sócmhainne léasaithe (nó, más lú, luach láithreach na n-íosíocaíochtaí léasa mar a cinneadh iad ag tús an léasa) agus déantar iad a dhímheas thar an téarma léasa níos giorra agus a shaolré úsáideach. Déantar na gnéithe caipitiúla d’oibleagáidí léasa todhchaí a thaifeadadh mar dhliteanas, agus gearrtar na gnéithe úis ar an gcuntas brabúis agus caillteanas thar thréimhse na léasanna chun ráta úis tréimhsiúil seasmhach ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas a chur ar fáil.

Sócmhainní agus Dliteanas Airgeadais

Cuimsíonn infheistíochtaí Ghrúpa Vhi urrúis fiachais, infheistíochtaí cothromais, scaireanna i ngnóthais chomhinfeistíochta, díorthaigh agus taiscí i mbainc.

Aithnítear sócmhainní agus dliteanas airgeadais nuair a dhéantar páirtí i bhforálacha conartha na hionstraime de Ghrúpa Vhi. Aicmítear dliteanas airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir bhunús na socruithe conartha a rinneadh. Is éard is ionstraim chothromais ann conradh ar bith ina léirítear ús iarmharach i sócmhainní ná cuideachta i ndiaidh a dhliteanas ar fad a asbhaint. Ní dhéantar dliteanas a dhí-aithint ach amháin nuair a bheidh an oibleagáid atá sainithe sa chonradh urscaoilte, curtha ar ceal nó éagtha.

Ní dhí-aithnítear sócmhainní airgeadais ach amháin sna cásanna seo: a) téann cearta conartha don sreabhadh airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó socraítear iad, b) aistríonn Grúpa Vhi rioscaí agus luach saothair uile na sócmhainne airgeadais go substaintiúil do pháirtí eile, nó c) aistríonn Grúpa Vhi, d’ainneoin roinnt de rioscaí agus buntáistí suntasacha na huinéireachta a choinneáil, rialú na sócmhainne go páirtí eile agus tá an cumas praiticiúil ag an bpáirtí eile an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhbhainteach agus tá sé in ann an cumas sin a chur i bhfeidhm go haontaobhach gan aon ghá srianta breise a chur i bhfeidhm ar an aistriú.

Déantar na sócmhainní agus dliteanas airgeadais ar fad, seachas díorthaigh, a thomhas ar a gcostas ar dtús. Aithnítear díorthaigh ag luach cóir i dtosach ar an dáta a dtéitear i mbun conradh díorthaigh agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin ag a luach cóir. Is sócmhainn é gach díorthach nuair atá an luach cóir deimhneach agus is dliteanas é gach díorthach nuair atá an luach cóir diúltach.

Faighítear luachanna córa ó phraghsanna margaidh luaite i margaí gníomhacha, idirbhearta a rinneadh ar an margadh le déanaí san áireamh, agus teicnící luachála, lena n-áirítear múnlaí agus roghanna sreafa airgid lascainithe agus múnlaí á bpraghsáil mar is cuí. Nuair is féidir, marcáiltear ionstraimí airgeadais ag praghsanna a luaitear i margaí gníomhacha. I gcásanna áirithe, ní bhíonn eolas den sórt sin ar phraghsanna ar fáil le haghaidh na n-ionstraimí ar fad agus úsáideann Grúpa Vhi teicnící luachála chun ionstraimí dá leithéid a thomhas. Úsáideann na teicnící sin “ionchuir inbhraite margaí” nuair a bhíonn siad ar fáil, arna ndíorthú ó shócmhainní cosúla i margaí cosúla agus gníomhacha, ó phraghsanna a bhí ar earraí inchomparáide le déanaí nó ó shonraí margaí inbhraite eile. Sa chás nach bhfuil sonraí tagartha inbhraite ar fáil do roinnt de na paraiméadair, nó dóibh ar fad, measann Grúpa Vhi na hionchuir inbhraite neamh-mhargaidh a úsáidtear ina samhlacha luachála.

(i) Infheistíochtaí Airgeadais arna gcoinneáil lena dtrádáil ag luach cóir

Luaitear ag luach cóir infheistíochtaí airgeadais arna gcoinneáil lena dtrádáil agus áirítear iontu bannaí corparáideacha, bannaí rialtais, comhscéimeanna infheistíochta, agus taiscí i mbainc. Aithnítear i dtosach iad ar bhonn a ndáta trádála agus déantar iad a athluacháil ar an dáta tuairiscithe ag luach cóir trí leas a bhaint as tairiscintí, agus áirítear gnóthachain agus caillteanas sa chuntas brabúis agus caillteanas neamhtheicniúil i ngach tréimhse tuairiscithe.

Sanntar infheistíochtaí mar infheistíochtaí atá á gcoinneáil lena dtrádáil sna chásanna seo a leanas:

- Fuathas iad go príomha lena ndíol go luath sa todhchaí; nó
- Is cuid de phunann sainaitheanta d’ionstraimí airgeadais atá á mbainistiú le chéile ag an gCuideachta agus tá patrún iarbhrí acu le déanaí maidir le brabús gearrthéarma a dhéanamh; nó
- Is cuid de phunann atá á bhainistiú ar bhonn luach cóir iad i gcomhréir le beartas bainistíochta riosca agus infheistíochta Ghrúpa Vhi (nó bhí, tráth a bhfála); nó
- Is conarthaí díorthach iad nach sanntar go sonrach iad agus atá éifeachtach mar ionstraimí fálaith.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

1. Beartais chuntasaíochta ar lean

Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais ar lean

(ii) Infheistíochtaí Airgeadais ar fáil lena ndíol

Tá infheistíochtaí airgeadais atá ar fáil lena ndíol comhdhéanta de bhannaí corparáideacha agus bannaí rialtais, agus luaitear iad ag luach cóir ar an dáta tuairiscithe. Aithnítear i dtosach iad ar bhonn a ndáta trádála agus déantar iad a athluacháil ar an dáta tuairiscithe ag luach cóir trí leas a bhaint as tairiscintí, agus áirítear gnóthachain agus caillteanais sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach i ngach tréimhse tuairiscithe. Má dhéantar sócmhainn a dhiúscairt sa tréimhse tuairiscithe, déantar an gnóthachan carnach nó an caillteanas carnach a aithnítear roimhe sin a aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais neamhtheicniúil sa bhliain ina dtarlaíonn an diúscairt.

Infheistíocht i bhFochuideachtaí

Aithnítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar a gcostas. Ag deireadh gach bliana, déantar athbhreithniú chun a chinneadh an bhfuil aon léiriú ar bhearnú ann. I gcás bearnú, déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a thaifeadhadh ag a suim inghnóthaithe.

Lagú

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais, seachas iad siúd ag luach margaidh, le haghaidh táscairí bearnúcháin ar gach dáta de chuid an chláir chomhardaithe. Bíonn sócmhainní airgeadais bearnaithe nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán ann de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla tar éis aithint tosaigh na sócmhainne airgeadais, agus go mbíonn tionchar ag an teagmhas (nó teagmhais) ar shreabhadh measta airgid sa todhchaí.

Ioncam Infheistíochta

Cuimsíonn ioncam infheistíochta díbhinní, ús, cíos, gnóthachain agus caillteanais réadaithe, agus gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe ar shócmhainní luacha chóir. Cuirtear ioncam infheistíochta i láthair glan ar chaiteachas infheistíochta gaolmhar. Aithnítear caiteachas cíosa agus infheistíochta nuair a thabhaítear é. Is le modh an úis ghlain a aithnítear ioncam úis. Áirítear ioncam ó chothromais ar bhonn na ndíbhinní a fuarthas i rith na bliana airgeadais. Cuirtear gnóthachain agus caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe i láthair sa chuntas ioncaim agus caiteachais neamhtheicniúil sa bhliain airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Tá leithdháileadh an toraidh ar infheistíocht ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar thoradh ar infheistíochtaí is inchurtha i leith an ghnó árachais.

Pinsean

Tá fostaithe áirithe de chuideachtaí ghrúpa Vhi páirteach i scéim pinsin le sochar sainithe Bhord Vhi.

Meastar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar agus dliteanais na bpleananna le sochar sainithe ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus tugtar faoi luachálacha achtúireacha ar gach dáta de chuid an chláir chomhardaithe.

Aithnítear costas seirbhíse reatha, costas úis agus toradh ar shócmhainní scéime i gcuntas ioncaim agus caiteachais Bhord Vhi. Aithnítear an barrachas nó an t-easnamh achtúireach i ráiteas ar ioncam cuimsitheach iomlán Bhord Vhi. Aithnítear costas seirbhíse san am atá thart láithreach. Aithnítear an glanbharrachas nó glaneasnamh ar an scéim pinsin le sochar sainithe, glan ar cháin iarchurtha, ar chlár comhardaithe Bhord Vhi.

Feidhmíonn Bord Vhi scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe freisin d'fhostaithe incháilithe. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ó shócmhainní Bhord Vhi i gcistí faoi smacht lontaobhaithe na Scéime. Gearrtar costais a eascraíonn as scéimeanna pinsin ar chuntas ioncaim agus caiteachais Bhord Vhi mar speansas de réir mar a bhíonn siad dlite.

Aithníonn fochuideachtaí Bhord Vhi costais ina gcuntas brabúis agus caillteanais mar mhéid is ionann agus a ranníocaíocht atá iníoctha mar fhostóir de chuid ball scéime.

Ioncam Eile

Áirítear ar ioncam eile coimisiún gníomhaireachta árachais a tuilleadh as táirgí árachais a dhíol thar ceann cuideachtaí árachais eile. Maidir le coimisiún gníomhaireachta árachais do tháirgí nach dteastaíonn tuilleadh seirbhíse lena n-aghaidh, aithnítear mar ioncam é nuair a chuirtear tús leis an bpolasaí gaolmhar. Maidir le coimisiún gníomhaireachta árachais do tháirgí a dteastaíonn tuilleadh seirbhíse do chustaiméirí lena n-aghaidh, aithnítear de réir méid cothrom é thar shaolré na bpolasaithe.

Cuimsíonn ioncam eile ioncam ó sheirbhísí sláinte a chur ar fáil do chliaint freisin. Is ionann ioncam ó sheirbhísí sláinte a chur ar fáil do chliaint agus luach na sonrasc agus an obair atá fós ar siúl i dtaca le seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil do chliaint, gan cáin bhreisluacha san áireamh.

Costais Éadála Iarchurtha

Cláraítear mar chaiteachas na costais a thabhaítear i rith na bliana airgeadais atá inchurtha go díreach i leith gnó nua árachais a fháil sa bhliain chuntasaíochta chéanna ina dtuilltear na préimheanna lena mbaineann siad. Aithnítear gach costas éadála eile mar speansas nuair a thabhaítear é. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, iarchuirtear na costais seo ar cóimhéid leis an soláthar do phréimheanna neamhthuillte. Athbhreithnítear costais éadála iarchurtha ag deireadh gach bliana tuairiscithe agus scríobhtar iad nuair nach meastar a thuilleadh gur féidir iad a aisghabháil.

Soláthairtí

Áiríodh soláthairtí le haghaidh oibleagáidí reatha ar eolas ag eascairt as teagmhais san am atá thart bunaithe ar mheastacháin an lucht bainistíochta, ag cuimsiú athbhreithniú ar fhaisnéis atá ar fáil agus comhairle sheachtrach oiriúnach nuair atá sí ar fáil.

Athárachas

Coimeádtar cuntas ar mhéideanna athárachais ar aon dul leis an gcomhaontú athárachais agus déantar cur síos orthu thíos. Tháinig deireadh leis an gcomhaontú athárachais an 31 Nollaig 2017.

Baineann coimisiúin athárachais le coimisiún athárachais agus le rannpháirtíocht bhrabúis fabhráithe ar bhonn na bpréimheanna géillte agus na n-éileamh aisíoctha agus cuirtear i láthair iad sa chuntas ioncaim agus caiteachais in ioncam teicniúil eile.

Aithnítear préimheanna iníoctha i leith athárachas géillte thar thréimhse an chonartha athárachais. Aithnítear soláthar teicniúil, sciar an athárachóra de phréimh neamhthuillte, le haghaidh an chuid de na préimheanna géillte atá fágtha ar chonarthaí neamhéagtha.

Aithnítear soláthar teicniúil breise, sciar an athárachóra d'éilimh gan íoc, chun léiriú a thabhairt ar an tsuim a mheastar atá in-aisghabhála faoi na conarthaí athárachais i leith na n-éileamh gan íoc a dtuairiscítear orthu faoi dhliteanais árachais. Déantar an tsuim is in-aisghabhála ó athárachóirí a luacháil ar dtús ar an mbonn céanna leis an soláthar bunúsach d'éilimh. Laghdaítear an tsuim in-aisghabhála nuair a thagann teagmhas chun cinn tar éis na haitheanta tosaigh a chuireann fianaise oibiachtúil ar fáil go mb'fhéidir nach bhfaighidh Bord Vhi na suimeanna dlite ar fad faoin gconradh agus go bhfuil tionchar intomhaiste réasúnta ag an teagmhas ar an tsuim a mheastar a bheidh in-aisghabhála ón athárachóir.

Cistí a siarchoinneáladh ón Athárachóir

Is ar bhonn cistí a siarchoinneáladh a rinneadh an conradh athárachais. Faoi na comhaontuithe, coinníonn Vhi préimheanna atá cothrom ar a laghad leis an tsócmhainn athárachais i gcónaí.

Cáin

Tá an muirear cánach bunaithe ar an mbarrachas cáinchoigeartaithe don bhliain arna ríomh ag rátaí reatha. Foráiltear don cháin reatha ag suimeanna a mheastar a íocfar nó a aisghabhfar ag úsáid na ndlíthe agus na rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dháta an chláir chomhardaithe.

Cáin Iarchurtha

Soláthraítear cáin iarchurtha ar dhifríochtaí uainithe idir an barrachas inchánach agus an barrachas mar a luaitear sna ráitis airgeadais é. Déantar na soláthairtí ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sna blianta a mheastar go rachaidh na difríochtaí uainithe sa treo eile. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid gur dócha go n-aisghabhfar iad.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

2. Mionsonraí gnó

Is é gnó árachais Bhord Vhi ná árachas sláinte agus scríobhtar an gnó ar fad i bPoblacht na hÉireann. Nochtar ioncam agus speansais eile i nóta 11 agus i nóta 12.

Déantar anailís thíos ar an bpréimh chomhlán a tuilleadh, méid comhlán na n-éileamh a tabhaíodh, an caiteachas oibriúcháin agus an t-iarmhéid athárachais do Bhord Vhi:

	2022 €m	2021 €m
Préimh scríofa chomhlán Athrú ar an soláthar le haghaidh préimh neamhthuillte agus rioscaí neamhéagtha (nóta 22)	1,606.0 (6.3)	1,594.4 (5.5)
Préimh chomhlán thuillte	1,599.7	1,588.9
Ioncam teicniúil comhlán eile (nóta 5) Éilimh a íocadh – suim chomhlán Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – suim chomhlán (nóta 22)	60.5 (1,424.8) 9.5	72.9 (1,294.6) 0.4
Éilimh chomhlána thabhairthe	(1,415.3)	(1,294.2)
Caiteachas oibriúcháin (Easnamh)/barrachas athárachais	(142.1) (0.5)	(129.1) (0.9)

3. Préimh thuillte

Is le hárachas sláinte a bhaineann an phréimh go léir a tuilleadh agus is i bPoblacht na hÉireann atá an gnó go léir a scríobhadh.

4. Ioncam teicniúil eile, glan ar athárachas

	2022 €m	2021 €m
An Scéim Comhionannaithe Riosca – comhlán (nóta 5) Coimisiúin athárachais*	60.5 2.2	72.9 3.5
	62.7	76.4

*Chuaigh an conradh athárachais in éag an 31 Nollaig 2017 agus tá sé á réiteach faoi láthair.

5. An Scéim Comhionannaithe Riosca

	2022 €m	2021 €m
Creidmheasanna Comhionannaithe Riosca Tobhach árachais sláinte	473.6 (413.1)	489.4 (416.5)
	60.5	72.9

Is éard atá i gCreidmheasanna Comhionannaithe Riosca ná creidmheasanna a íocann an Ciste Comhionannaithe Riosca i leith baill níos sine de pholasaithe árachais leighis phríobháidigh agus/nó baill de na polasaithe sin atá san ospidéal. Faightear iad seo i gcomhair gach duine faoi árachas atá os cionn 65 bliain d’aois agus i gcomhair éileamh a íocadh a raibh cás lae san ospidéal nó fanacht thar oíche san ospidéal mar chuid díobh. Áirítear méideanna an Chomhthiomsaithe Éileamh Ardchostais sna creidmheasanna seo freisin.

Is dleacht stampála é an Tobhach Árachais Sláinte a bhíonn le híoc nuair a dhéantar athnuachan ar pholasaí árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn, nó nuair a chuirtear tús le polasaí, agus baintear úsáid as chun an scéim comhionannaithe riosca a mhaoiniú.

6. Rioscaí neamhéagtha

Déanann na Stiúrthóirí measúnú gach bliain ar cé acu a dtabhóidh nó nach dtabhóidh Bord Vhi easnaimh ar an ngné neamhchaite de pholasaithe reatha árachais leighis phríobháidigh. Déantar measúnú air sin ach tástáil leordhóthanachta dliteanais a dhéanamh ar an gcuid neamhéagtha den ghnó. Baineann an phríomh-éiginnteacht le costas agus le méid na n-éileamh sa todhchaí. Is ionann an méid a soláthraíodh amhail Nollaig 2022 agus €6.0m (2021: €0.0m).

7. Glanspeansais oibriúcháin

	2022 €m	2021 €m
Costais éadála Athrú ar chostais éadála Speansais riaracháin	20.2 0.8 121.1	16.2 0.6 112.3
Glanspeansais oibriúcháin	142.1	129.1

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

8. Sochair fostaíochta agus luach saothair na stiúrthóirí

	2022 €'m	2021 €'m
Díolaíochtaí		
Díolaíochtaí comhiomlána a d’íoc Vhi le stiúrthóirí	0.8	1.4
Ranníocaíocht le scéimeanna pinsin le ranníocaíocht shainithe	0.0	0.1
	0.8	1.5

Tá ranníocaíochtaí sochair shainithe fostóra a íocadh ar son stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh taobh istigh de dhíolaíochtaí.

Faigheann stiúrthóirí polasaí árachais leighis phríobháidigh ó Vhi i rith a seala mar stiúrthóir.

	2022	2021
Ba é seo a leanas an meánlíon daoine a fostaíodh go míosúil i rith na bliana airgeadais (stiúrthóirí san áireamh):	1,589	1,491

	2022 €'m	2021 €'m
Ba iad na costais foirne:		
Pá agus tuarastail	105.2	98.2
Costais leasa shóisialaigh	12.2	11.2
Costais sochar scoir eile	11.2	14.0
Costais chúitimh eile	6.1	6.3
	134.7	129.7

Bhí dhá POF Eatramhach ann le linn na tréimhse 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2022. Bhí an post ag an gcéad duine acu go dtí an 30 Aibreán 2022 agus ba é €174,457 an luach saothair iomlán, lena n-áirítear ranníocaíocht pinsin, a íocadh agus a cuireadh san áireamh i nglanchostais oibriúcháin sa bhliain go dtí an 30 Aibreán 2022. Ceapadh an dara duine mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach ar an 01 Bealtaine 2022, ba é €192,240 an luach saothair iomlán, lena n-áirítear costais phinsin scoir, a íocadh agus a cuireadh san áireamh i nglanchostais oibriúcháin don tréimhse 01 Bealtaine 2022 go 31 Nollaig 2022. (Bhí beirt sealbhóirí ról POF ann freisin le linn 2021, duine acu ar bhonn eatramhach, le méideanna comparáideacha de €387,820 agus €136,471.)

9. Luach ar ais don chustaiméir

	2022 €'m	2021 €'m
Luach ar ais don chustaiméir	44.3	142.2
	44.3	142.2

In 2020, chuir Vhi clár i bhfeidhm chun luach a thabhairt ar ais do chustaiméirí mar chuid dá ghealltanas gan brabús a dhéanamh as an bpaindéim dhomhanda. Tugadh préimheanna ar ais in 2020, agus rinneadh íocaíochtaí breise go luath in 2021. I mí Márta 2022, thug Vhi luach breise €186m, dár bhain €44.3m le 2022 agus€142.2m le 2021, ar ais dá chustaiméirí.

10. Glantoradh ar infheistíocht

	2022 €'m				
	loncam ó infheistíocht	Costas infheistíochta	Réadaithe ghnóthachain agus (glanchailltea- nais) réadaithe	Athruithe ar luach cóir	Glantoradh ar infheistíocht
Sócmhainní airgeadais a rangáítear mar shócmhainní atá ar fáil lena ndíol:					
Bannaí corparáide	1.2	-	-	-	1.2
Bannaí rialtais	-	-	(0.1)	-	(0.1)
Sócmhainní airgeadais a rangáítear mar shócmhainní atá á gcoinneáil lena dtrádáil:					
Bannaí corparáide	5.2	(0.7)	(4.4)	(27.0)	(26.9)
Bannaí rialtais	(0.5)	(0.4)	(0.8)	(18.6)	(20.3)
Comhinfeistíochtaí	0.1	(0.3)	(1.1)	(0.2)	(1.5)
Taiscí i mbainc	-	-	-	-	-
Infheistíochtaí eile	0.2	-	8.6	18.4	27.2
	6.2	(1.4)	2.2	(27.4)	(20.4)

	2021 €'m				
	loncam ó infheistíocht	Costas infheistíochta	Réadaithe ghnóthachain agus (glanchailltea- nais) réadaithe	Athruithe ar luach cóir	Glantoradh ar infheistíocht
Sócmhainní airgeadais a rangáítear mar shócmhainní atá ar fáil lena ndíol:					
Bannaí corparáide	-	-	-	-	-
Bannaí rialtais	-	-	-	-	-
Sócmhainní airgeadais a rangáítear mar shócmhainní atá á gcoinneáil lena dtrádáil:					
Bannaí corparáide	1.5	(0.8)	1.2	(3.0)	(1.1)
Bannaí rialtais	(1.5)	(0.4)	(0.6)	(1.1)	(3.6)
Comhinfeistíochtaí	-	(0.3)	(0.7)	(0.1)	(1.1)
Taiscí i mbainc	-	-	(0.7)	(2.6)	(3.3)
Infheistíochtaí eile	-	-	-	-	-
	-	(1.5)	(0.8)	(6.8)	(9.1)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

11. Ioncam eile

Áirítear ar ioncam eile ioncam a ghineann fochuideachtaí.

	2022 €m	2021 €m
Ioncam coimisiúin	27.5	18.0
Ioncam eile	10.3	8.2
	37.8	26.2

12. Speansais eile

Baineann sé seo le costas úis chomh maith leis na speansais a bhaineann le soláthar seirbhísí do chliant ó fhochuideachtaí.

	2022 €m	2021 €m
Costais ó sheirbhísí sláinte a chur ar fáil	35.7	37.0
	35.7	37.0

13. Cáin

	2022 €m	2021 €m
Cuimsítear sa mhuirear cánach sa chuntas ioncaim agus caiteachais:		
Cáin reatha don bhliain	5.8	9.7
Cáin iarchurtha (sochar)	(0.4)	0.5
	5.4	10.2

Cúinsí a imríonn tionchar ar an muirear cánach reatha don bhliain airgeadais:

Mínítear na difríochtaí thíos:

	2022 €m	2021 €m
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	39.7	75.5
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí méadaithe faoin ráta caighdeánach Cáin Chorparáide 12.5% (2021: 12.5%)	5.0	9.4
Iarmhairtí:		
Speansais nach gceadaítear chun críocha cánach	(0.7)	(1.0)
Liúntais chaipitiúla níos mó ná dímheas don bhliain airgeadais	0.1	0.1
Ioncam ar a ngearrtar cáin ag ráta níos airde	0.0	(0.4)
Gluaiseacht i speansais is féidir a dhealú nuair a ioctar iad i leith tréimhsí roimhe seo	1.1	1.1
Coigeartuithe ón mbliain roimhe	0.3	0.5
Cáin reatha don bhliain airgeadais	5.8	9.7

14. Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach

Tagadh ar an mbarrachas don bhliain airgeadais i ndiaidh an méid seo a leanas a ghearradh (a chreidiúnú) ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

	2022 €m	2021 €m
Luach saothair an iniúchára		
Iniúchadh ar ráitis airgeadais na cuideachta aonair	0.3	0.3
Seirbhísí ráthaíochta eile	0.1	0.1
Seirbhísí neamh-iniúchta eile	-	-
	0.4	0.4

15. Talamh a shealbhaítear faoi léas airgeadais

	2022 €m	2021 €m
Talamh a shealbhaítear faoi léas airgeadais	1.0	1.0

I gcaitheamh 2019, chuathas i mbun léas airgeadais a bhaineann le léasú talún. Is é is téarma an léasa 500 bliain. Tá gach dliteanas a bhí dlite íochta agus níl aon oibleagáidí todhchaí ábhartha gan íoc.

16. Talamh agus Foirgnimh

	2022 €m	2021 €m
Luacháil		
Amhail an 1 Eanáir	80.6	67.6
Méideanna breise	1.6	0.2
Obair idir lámha	-	16.2
Diúscairtí	-	-
Gnóthachan ar athluacháil	3.6	(3.4)
Amhail an 31 Nollaig	85.8	80.6

Tá an talamh agus na foirgnimh a áirítear thuas in úsáid ag cuideachtaí de chuid ghrúpa Vhi dá gcuid gníomhaíochtaí féin agus is réadmhaoin ruilse a bhformhór. Rinne luacháláí seachtrach neamhspleách luacháil ar an talamh agus foirgnimh amhail an 31 Nollaig 2022 ar luach an mhargaidh oscailte de réir chaighdeáin bhreithmheasa agus luachála Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

17. Infheistíochtaí airgeadais eile

Tugtar achoimre ar luachanna iompartha shócmhainní agus dhliteanais airgeadais Bhord Vhi de réir catagóire thíos:

	2022 €m	2021 €m
Comhdhlúite		
i) sócmhainní airgeadais a rangáitear mar shócmhainní atá ar fáil lena ndíol		
Bannaí corparáide	163.5	-
Bannaí rialtais	2.1	-
ii) sócmhainní airgeadais a rangáitear mar shócmhainní atá á gcoinneáil lena dtrádáil		
Bannaí corparáide	533.8	652.6
Bannaí rialtais	230.3	382.9
Comhinfeistíochtaí	204.9	245.8
Infheistíochtaí neamhluaite eile	-	-
Díorthaigh	15.8	1.3
i) dliteanais airgeadais a rangáitear mar dhliteanais atá á gcoinneáil lena dtrádáil		
Díorthaigh	(0.2)	(0.4)
Eile	(9.0)	
ii) sócmhainní airgeadais ar chostas		
Taiscí i mbainc	5.4	0.3
	1,146.6	1,282.5
Bord Vhi		
i) ar a chostas		
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	479.7	479.7
	479.7	479.7

18. Féichiúnaithe eile

	2022 €m	2021 €m
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
An Scéim Comhionannaithe Riosca	310.9	326.5
Féichiúnaithe eile	48.5	37.4
	359.4	363.9
Méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin:		
Féichiúnaithe eile	0.2	0.2
	359.6	364.1

Cuimsíonn féichiúnaí na Scéime Comhionannaithe Riosca an sciar neamhchaite den Tobhach Árachais Sláinte arbh ionann é agus €134.8m (2021: €144.7m).

19. Sócmhainn cánach iarchurtha

Aithníodh sócmhainn i leith cáin iarchurtha le haghaidh na ndifríochtaí uainithe seo a leanas:

	2022 €m	2021 €m
Liúntais chaipitiúla níos mó ná dímheas	2.7	-
Speansais is féidir a dhealú nuair a íoctar iad	0.3	2.6
Sócmhainn cánach iarchurtha iomlán	3.0	2.6

20. Sócmhainní doláimhsithe

